CREATING OUR FUTURE

A National Conversation on Research in Ireland



# Tuarascáil an Choiste Saineolaithe COF

Aibreán 2022



# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **Nótaí Buíochais** | | **2** |
| **Achoimre Fheidhmeach** | | **3** |
| **Caibidil 1: Réamhrá** | | **5** |
| **Caibidil 2: Modheolaíocht** | | **7** |
| **Caibidil 3: Torthaí** | | **10** |
| 3.1. | Torthaí na hachoimre | 10 |
| 3.2 | Guth na hÉireann | 14 |
| 3.2.1. | Ag cur le cur chuige daonlárnach maidir le cúrsaí sláinte agus cúram sóisialta | 15 |
| 3.2.2. | Ag athshamhlú na foghlama agus an fhorbairt ó thús go deireadh an tsaoil | 19 |
| 3.2.3. | Ag feabhsú réitigh maidir leis an tithíocht | 22 |
| 3.2.4 | Ag cosaint leas agus iontaobhas an phobail sa domhan digiteach | 25 |
| 3.2.5 | Ag feabhsú na mbeartas mar aon leis an chóras pholaitiúil | 28 |
| 3.2.6 | Ag cur comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú chun cinn in Éirinn | 30 |
| 3.2.7 | Ag cothú uchtaigh réigiúnacha | 33 |
| 3.2.8 | Luach agus ceangal a chur leis an phobal | 36 |
| 3.2.9 | Ag daingniú gníomhú ar son na haeráide fud fad an tsochaí | 39 |
| 3.2.10 | Ag tacú leis an nuálaíocht i gcúrsaí feirmeoireachta agus bia | 41 |
| 3.2.11 | Ag féachaint chuige go seasfaidh córais fhuinnimh agus uisce an aimsir | 43 |
| 3.2.12 | Ag nascadh Éireann le chéile trí úsáid na gcóras iompair glasa | 45 |
| 3.2.13 | Ag neadú na daonnachtaí, an cultúr agus na healaíona | 47 |
| 3.2.14 | Ag baint leas as sochair agus as taighde bunúsach | 49 |
| 3.2.15 | Ag tógáil na hacmhainneachta agus na hullmhachta: léargas ón phaindéim | 51 |
| 3.2.16 | Ag neartú tírdhreach an taighde agus rannpháirtíocht an phobail | 54 |
| **Caibidil 4: Moltaí** | | **59** |
| **4.1** | **Réimsí taighde le plé** | **61** |
| **4.2** | **An córas taighde a neartú chun torthaí níos fearr a sheachadadh** | **62** |
| | | |
| **Aguisíní** | | **67** |
| | A. Coiste Saineolaithe agus Meithleacha | **67** |
| | B. Modheolaíocht mionsonraithe | **71** |
| | C. Ard-eolas faighte óna haighneachtaí | **82** |

# Buíochas

Ní bheidh tuarascáil an Choiste Saineolaithe ar fáil gan na coimitmintí ó roinnt duine anseo in Éirinn, mar aon le daoine ar leibhéal idirnáisiúnta, agus a dtacaíocht tugtha don tionscnamh nuálach seo, agus is mór é an buíochas a ghabhaimid do gach aon duine as a gcuid ionchuir ar fad.

Gabhaimid ár mbuíochas leis na baill ó na seacht meitheal ildisciplíneacha a thug a n-am go deonach, mar aon leis a gcuid saineolais chun aghaidh a thabhairt ar na 18,062 aighneacht faighte ón phobal. B'ionann a gcuid anailíse ar na haighneachtaí seo agus obair nach beag laistigh de fhráma ama an-ghairid. Bhí i bhfad níos mó aighneachtaí ón phobal faighte ná mar a shileadh, agus toisc ar sin sáraíodh na rudaí a bhí muid ag súil leo, beart ina léirítear an méid suime agus scleondair a bhí ag an phobal le linn an fheachtais seo. Lena chois sin, anailísíodh na haighneachtaí ó pheirspictíochtaí ar leith, mar gheall ar an mhodheolaíocht arna úsáid, a fhad is go raibh muid in ann béim a chur ar dhoimhneachtaí na n-aighneachtaí. Is mór againn a gcuid oibre agus dúthrachta. Sonraítear ballraíocht na ngrúpaí seo in Aguisín A den tuarascáil.

Táimid buíoch beannachtach as iad siúd a bhí i mbun forbairt na modheolaíochta. Thug siad sainchomhairle chugainn le linn tréimhsí éagsúla an chláir. Is féidir a n-ainmneacha a fháil in Aguisín A den tuarascáil seo chomh maith.

Tháinig luach dá laghad chun cinn maidir leis an socrú idir an Coiste Saineolaithe agus an Fóram Comhairleach, go háirithe le Fochoiste an Fhóraim Chomhairligh, agus gabhaimid ár mbuíochas astu arís as a gcuid léargais agus aiseolais. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabhail le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus leis an Fheachtas um Eolaíocht agus Innealtóireacht RA araon, a gcuid tacaíochta.

Sa deireadh thiar thall, ba mhaith leis an Choiste Saineolaithe a mbuíochas a ghabhail le ceannasaithe clár an Choiste Saineolaithe, mar aon le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Havas Éireann, as a dtacaíocht díograiseacha sciliúla. Tosaíodh an tacaíocht seo ón nóiméad ar tháinig an Coiste Saineolaithe ar an fhód agus leanadh ar aghaidh é go dtí foilseachán na tuarascála seo. Aithnímid an comhordú agus tacaíocht a bhí de dhíth chun saothar an Choiste Saineolaithe agus saothar an Fheachtais 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' iomlán a thabhairt ar aon chéim.

Bhí an Coiste Saineolaithe i gceannas leis an bheart maidir le guth na hÉireann a thabhairt chun cinn mar aon le moltaí ar fad a chur os comhair an rialtais a fhad is go spreagfar taighde as seo amach agus go gcinnteofar go seasfaidh córas taighde na hÉireann an aimsir. Is mar gheall ar an tacaíocht ar leith seo arna tugadh dúinn go bhfuil muid in ann tuarascáil a chur ar fáil atá bunaithe ar an tábhacht bainte le pleanáil ar shármhaitheas agus dea-thionchar an taighde, agus an phleanáil sin dírithe ar an todhchaí agus comhtháite ar bhonn fadtéarmach.

Tá muid thar a bheith buíoch as an deis seo le bheith páirteach san fheachtas ceannródaíoch seo agus le bheith páirteach sa chomhshaothar agus tacaíocht uile é seo ar chuir go mór lenár gcuid oibre.

**An tOllamh Linda Hogan (Cathaoirleach)**

**An tOllamh Jose Bengoechea**

**An tOllamh David Farrell**

**Dr Orla Flynn**

**An tOllamh Anita Maguire**

**An tOllamh Brian Norton**

**An tUasal Lorna Ross**

**Dr Niall Smith**

**An tOllamh Barry Smyth**

# Achoimre Fheidhmeach

**Is mar gheall ar 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'gur tugadh an deis don phobal a gcuid smaointe, i dtaca leis an dóigh ar féidir le taighde cur lenár dtodhchaí, a chur faoinár mbráid.**

Is cinnte go bhfuil spotsolas curtha ar ról ríthábhachtach an taighde agus na nuálaíochta níos mó ná mar a bhíodh riamh, de thoradh ar an phaindéim COVID-19 agus ar dhúshlán na hathruithe aeráide ar bhonn práinne faoi láthair. Bhí an feachtas cumtha a fhad is go raibh gach uile dhuine in ann a dtuairim a chur leis an chomhrá náisiúnta seo maidir le taighde an lae inniu, agus chucu siúd nach gcuireann a n-ainmneacha sa hata de ghnáth maidir leis an leithead den chomhrá seo, a mhealladh i dtreo an rannpháirteachais iad féin. Dearadh é chomh maith chun smaointe an phobail a ghabháil, smaointe a fhéadfar taighdeoirí amach anseo a spreagadh, réimsí taighde nua a thionscnamh ná cineálacha comhoibrithe nua a chothú. Bhí an Coiste Saineolaithe de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' freagrach as na haighneachtaí a anailísiú agus as na torthaí a chomhtháthú. Tar éis dóibh aighneachtaí an phobail a léamh, mar aon le sainanailís na meithleacha, tháinig an Coiste Saineolaithe ar thorthaí príomha a bheas le cur i bhfeidhm chun cloí le muinín an phobail maidir le taighde agus an dea-thionchar a ghabhann leis.

Idir dheireadh mí Iúil agus mí na Samhna 2021, bailíodh 18,062 aighneacht san iomlán agus na haighneachtaí sin ag teacht ó thairseach ar líne, chomh maith le himeachtaí beo, lena n-áirítear seónna bóthair agus seisiúin tobsmaointeoireachta. Bhí aighneachtaí faighte ó dhaoine de gach aoisghrúpa, ó earnálacha agus pobail éagsúla fud fad na tíre agus níos faide amach ansin. B'ionann an próiseas seo agus garsprioc maidir le feasacht chomhchoiteann na hÉireann, inar léiríodh ábhair misnigh agus ábhair imní na ndaoine don todhchaí. Ba mhinice gur tháinig ceisteanna imní chun tosaigh ó na haighneachtaí, ach ba mhinice gur tugadh smaointe maidir le taighde dírithe ar fhiosracht faoinár mbráid chomh maith. Bhí éagsúlachtaí le feiceáil sna haighneachtaí gan amhras, maidir le topaicí agus tréimhsí ama, agus bhí raon mór de thuiscintí ar chúrsaí taighde agus ar thimpeallacht taighde na hÉireann le feiceáil chomh maith astu. Le sin ráite, is léir go mbíonn muinín ag daoine na hÉireann os comhair cúrsaí taighde san iomlán, mar aon le luach an taighde dár saolta ar fad - teachtaireacht bhreá shoiléir a tháinig ó bhunús na n-aighneachtaí,

Ó mhí na Nollag 2021, go dtí mí Feabhra 2022, thug an Coiste Saineolaithe aghaidh ar na haighneachtaí, le cuidiú ó na seacht meitheal ildisciplíneacha. Ag úsáid modheolaíocht i bhfoirm seacht gcéim éagsúla (féach ar Chaibidil 2 agus Aguisín B), mionscrúdaíodh gach uile aighneacht trí lionsaí iomadúla. Cuireadh modhanna, dírithe ar shonraí agus déantar de láimh, i bhfeidhm chun na haighneachtaí a iniúchadh go hiomlánaíoch ó pheirspictíochtaí iomadúla. Ó na haighneachtaí sin, tháinig an Coiste Saineolaithe agus na meithleacha ar 16 téarma ar fad agus chuir siad spotsolas ar gach léargas arbh fhéidir taighde amach anseo in Éirinn a spreagadh. Tá siad seo le feiceáil sna torthaí (Caibidil 3) agus tugann siad cuntais an-láidir de cheisteanna imní na ndaoine, mar aon lena riachtanas nár sásaíodh go fóill, a gcuid tosaíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon, a n-ábhair misnigh don todhchaí agus a dtuairimí maidir le ról ríthábhachtach an taighde é féin. Feictear gá an phobail, i dtaca le ceapadh beartais dírithe ar an taighde le haghaidh gach leibhéal den tsochaí ann chomh maith. Tá struchtúr ar leith ann do na torthaí: ar dtús tá achoimre de na haighneachtaí poiblí ar fáil ag brath ar an téarma áirithe, agus ansin tá léiriú ar leith ann dírithe ar ról an taighde maidir le dul i ngleic leis an téarma sin. Tugaigí faoi deara é go mbíonn go leor den ábhar céanna á chumhdach agus idirthuilleamaíochtaí suntasacha ann leis na téarmaí, cé go gcuirtear i láthair iad mar réimsí imní scoite iad.

Go deimhin, léirítear sna haighneachtaí go bhfuil daoine ar an eolas faoin nádúr coimpléascach agus in aimhréidh de na dúshláin curtha chun tosaigh acu. Beidh nósanna nuálacha agus comhoibriú radacacha de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo.

Tar éis dóibh súil a chaitheamh ar na haighneachtaí féin, chomh maith le hanailís na meithleacha, d'fhorbair an Coiste Saineolaithe príomh-mholtaí le breithniú ag an rialtas agus ag eagraíochtaí déanta taighde, lena n-áirítear fiontair agus gníomhaireachtaí maoinithe taighde.

Tháinig cúig mholadh chun cinn ó na haighneachtaí a dhíríonn isteach ar na réimsí taighde ar chóir dúinn tús a chur leo, chomh maith le 6 mholadh eile a dhíríonn isteach ar an chóras taighde agus a bheas de dhíth chun smaointe taighde an phobail a chur i bhfeidhm (Caibidil 4).

Thug an feachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' béim ar mhuinín an phobail maidir le féidearthachtaí a bhaineann le cúrsaí taighde chun saolta a athrú agus sochaithe inmharthana a chruthú. Tá inniúlacht mhór ag gach léargas faighte tríd an phróiseas seo maidir le taighde amach anseo a ardú agus taighdeoirí a spreagadh de bharr. Is cinnte go bhfuil gníomh práinneach de dhíth ar na moltaí sin arna fhás ón phróiseas seo chun na rudaí a bhí dúil ag muintir na hÉireann a bhaint amach.

## Moltaí

### Réimsí Taighde ar Chóir dúinn Aghaidh a Thabhairt Orthu:

1. Ní féidir réitigh sa todhchaí a fhorbairt i sadhlanna - tá gach rud nasctha. Ba chóir do thaighdeoirí bealaí a iniúchadh maidir le cónaí a dhéanamh laistigh dár gcríocha pláinéadacha le réitigh inmharthana comhtháite.
2. Tá iarrachtaí taighde luathaithe de dhíth maidir le sláinte mheabhrach agus galair tógálacha chun caighdeáin na beatha a fheabhsú mar aon le hacmhainneacht na hÉireann maidir le hachrainn as seo amach.
3. Ba chóir do thaighdeoirí réitigh Éireannacha saincheaptha, do sheirbhísí agus bonneagar (ó thithíocht go hiompar agus fuinneamh), a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Ba chóir ceisteanna maidir lenár dtíreolaíocht ar leith, sochaí agus oidhreacht a phlé a fhad is go mbainfear leas do gach uile dhuine.
4. Caithfear taighde na hÉireann a bheith ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, chun saolta na ndaoine a fheabhsú, chun iontaobhas an phobail a ardú agus chun sochaí níos cuimsithí agus níos cothroime a dhéanamh.
5. Tá taighde de dhíth chun leas a bhaint as cumhacht na bpobal a fhad is go nginfear athruithe áitiúla agus córasacha in Éirinn (ó thionscnaimh ghlasa go cúrsaí oideachais agus obair sa todhchaí).

## Moltaí

### An córas taighde a neartú chun torthaí níos fearr a sheachadadh

1. Córas taighde cuimsitheach in Éirinn a chinntiú le tionscnaimh úra le haghaidh taighde gnóthach leis an phobal.
2. Infheistíocht a dhéanamh ar thaighde ildisciplíneach agus ar thaighde trasdisciplíneach.
3. Ailtireacht a chumadh chun tacaíocht a thabhairt don choimeádán taighde-polasaí.
4. Comhairle Chomhairleach Taighde neamhspleách a bhunú.
5. Éiceachóras taighde agus nuálaíochta réigiúnach a fhorbairt.
6. Cinnte a dhéanamh go seasfaidh Éire an aimsir trí chóras taighde spleodrach a dhéanamh.

# 1 Réamhrá

**Le linn an fhómhair, 2021, i lár na paindéime COVID-19, tugadh deis ar mhuintir na hÉireann smaoineamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le taighde feabhas a chur ar a dtodhchaí dóibh féin agus dá bpobail.**


Tháinig uimhir ar leith i bhfoirm 18,062 aighneacht chun cinn mar gheall ar an tseisiún tobsmaointeoireachta náisiúnta seo, agus is ó dhaoine de gach aoisghrúpa, gach earnáil, gach pobal agus gach contae inar tháinig na haighneachtaí seo agus is cinnte gur ghineadh stór smaointe suntasach saibhir faoin todhchaí a thiocfadh a bheas againn, agus an ról lárnach a bheas ag cúrsaí taighde le linn an phróisis sin.

Is ionann an teachtaireacht doshéanta ó na haighneachtaí seo agus an fhís a bhfuil ag an phobal mhór roinnte ar a gcuid todhchaí, maidir le luachanna a bhaineann le hionchuimsiú, ceartas sóisialta agus inbhuanaitheacht timpeallachta, agus an fhís a bhfuil acu gur féidir leis an taighde ról suntasach a imirt chun a leithead a bhaint amach. Aithnítear tábhacht an taighde thar na réimsí ar fad agus folaítear gach ábhar taighde. Ar a bharr sin, tá fonn sothuigthe láidir ann chun feabhas a chur ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm na bpolasaithe poiblí mar gheall ar thorthaí an taighde.

Bhí an Coiste Saineolaithe, le cuidiú ó bhreis agus 80 saineolaí, in ann anailís a dhéanamh ar gach uile smaoineamh arna tugadh ag an phobal, agus d'aicmigh siad na príomhthéarmaí agus d'aithin siad léargas nuálacha le haghaidh taighde agus féidearthachtaí nua in Éirinn.

Is féidir achoimre na modheolaíochta, a bhí in úsáid chun na haighneachtaí a eagrú agus a anailísiú, a fháil i gCaibidil 2, agus tá cuntas mionsonraithe an phróisis ar fáil in Aguisín B. Feictear cuntas cuimsitheach na n-aighneachtaí i gCaibidil 3 agus na haighneachtaí sin eagraithe de réir 16 téarma a tháinig chun cinn mar gheall ar an anailís déanta orthu. Folaítear léiriú ar gach léargas agus gach féidearthacht aitheanta ag an phobal mar aon le treoracha chun gnímh a tháinig amach ó na haighneachtaí. Críochnaíonn an tuarascáil le sraith moltaí a bheas ag moladh gníomh práinneach chun muinín an phobail ar chúrsaí taighde, agus an tionchar a ghabhann leis, a sheachadadh.

An fáth go bhfuil uathúlacht bainte leis an tuarascáil seo, ná go gcuireann sé spotsolas ar thuiscintí an phobail maidir le hinniúlacht an taighde chun dul i ngleic leis na dúshláin casta atá os ár gcomhair más rud é go bhfuil muid ag iarraidh todhchaí níos fearr a thógáil. Seasann na léargais sin a tháinig chun cinn ón fheachtas cheannródaíoch seo a atreisiú mar aon leis an luach atá ceangailte le pleanáil taighde comhtháite, a bhfuil dírithe ar an todhchaí ar bhonn fadtéarmach. Is mó an t-athrú é a dhéanann taighde ar shaolta agus is cinnte go gcuidíonn sé le folláine an duine mar aon leis an fholláine shochaíoch araon, agus ceapfar go mbeidh torthaí na tuarascála seo ina gcatalaíoch le haghaidh taighde amach anseo.




**An fáth go bhfuil uathúlacht bainte leis an tuarascáil seo, ná go gcuireann sé spotsolas ar thuiscintí an phobail maidir le hinniúlacht an taighde chun dul i ngleic leis na dúshláin casta atá os ár gcomhair más rud é go bhfuil muid ag iarraidh todhchaí níos fearr a thógáil.**

## Níl an todhchaí linn... go fóill.

**Tugann na haighneachtaí seo á tháinig ó bhaill éagsúla an phobail, léargas dúinn ar an fheasacht chomhchoiteann a bhfuil anseo in Éirinn. Ní hé at todhchaí amháin atá le feiceáil sna haighneachtaí seo, ach an t-am seo a chuaigh thart chomh maith. Is cinnte go bhfuil nasc ann idir ár n-ábhair dóchais don todhchaí, agus ár gcuimhní a tharla cheana féin. Cuirfear an todhchaí cineál de chumha ort. Nuair a dhéanann daoine iarracht rudaí anaithnid a shamhlú, is minic go dtagann daoine ar réitigh chompordacha shábháilte, bunaithe ar a dtaithí féin. Fillimid ar ais i dtreo ár scripteanna cultúrtha seanbhunaithe. Cuireann an cnuasach samhailteach seo síos ar scéalta de chreideamh comhionann, atá ag titim amach ag nóiméad áirithe san am. Nóiméad nuair is féidir le gach uile dhuine easnaimh ár gcóras nochta a fheiceáil. Nuair a thugann Zeitgeist an phobal súil ghearr ar iarmhairtí ár startha agus scairtear le haghaidh sásamh, deisiú agus atógáil. Seasann an nóiméad seo do ré na n-athruithe, lán le féidearthachtaí dár samhlaíocht chomhchoiteann. Trí na hionchuir seo a spíonadh amach, is linne an deis chun móiminteam claochlaitheach san am i láthair anois a chur chun tairbhe.**

# Neartú don todhchaí




Is é an chuid den inchinn atá gníomhach nuair a shamhlaímid an todhchaí an chuid chéanna a úsáidimid chun rochtain a fháil ar ár gcuimhní.

# 2 / Modheolaíocht


**Bunaíodh an Coiste Saineolaithe 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' i mí Mheán Fómhair 2021 a fhad is go mbeidh siad in ann na haighneachtaí ón phobal a anailísiú agus a léirmhíniú (féach Figiúr 1).**

Ba é an sprioc a bhí i gceist ná na haighneachtaí seo a bheachtú isteach i réimse amháin de thorthaí a sheasann go láidir do ghuth an phobail agus ansin sraith de mholtaí a fhorbairt chun taighde amach anseo in Éirinn a spreagadh. D'fhorbair an Coiste Saineolaithe creatlach mhodheolaíochta iomlánaíoch agus tréan de sheacht gcéim chomh maith le plean cur chun feidhme a fhad is gur féidir leo na haighneachtaí a anailísiú agus a léirmhíniú. Bhí seo déanta amach as anailís ilchodach de mhodheolaíochtaí measctha ag úsáid modhanna de láimh agus dírithe ar theicneolaíocht (féach Figiúr 2). Chuaigh an Coiste Saineolaithe i dteagmháil le Fóram Comhairleach an Fheachtais agus le Fochoiste an Fhóraim Chomhairligh le linn a gcuid saothair chun léargas a fháil ar aistear an fheachtais ó pheirspictíochtaí s'acu agus chun aiseolas óna bpleananna a fháil.

Bunaíodh foireann deartha taighde, faoi cheannas an Choiste Saineolaithe agus cúig cinn de na meithleacha, chun tacaíocht a thabhairt ar anailís na n-aighneachtaí poiblí idir mhí na Nollag 2021 agus Mí Eanáir 2022 (féach Aguisín A don bhallraíocht). Rinne na seacht meitheal seo anailís as líne agus grúpa, chomh maith le sin, ghlac siad páirt i gcruinnithe grúpa fíorúla chun a gcuid oibre a phlé agus a bheachtú. Bhí siad déanta amach as breis agus 80 saineolaí ó dhisciplíní éagsúla, a raibh raon mór de thaithí acu agus gach duine acu ag áit dhifriúil ina ngairmeacha, thar an earnáil phoiblí (na hinstitiúidí ardoideachais den chuid is mó), thar na fiontair, agus thar an earnáil neamhbhrabúis fud fad na hÉireann agus go hidirnáisiúnta. Toisc go raibh an chreatlach mhodheolaíochta de sheacht gcéim, mar aon le leagan amach éagsúil na meithleacha, bhí peirspictíochtaí agus saineolas difriúla in úsáid chun anailís fhorleathan a dhéanamh ar na haighneachtaí. Bhí an anailís iomlánach agus cuimsitheach mar gheall ar chomhcheangal na modhanna. Rinneadh machnamh ar leith ar gach uile aighneacht, beart a laghdaigh cibé acmhainn a bhí ann ó thaobh claontacht de agus cinntíodh go raibh guth na hÉireann chun tosaigh sna torthaí. Chuir an Coiste Saineolaithe gach aschuir ó na meithleacha ar fad le chéile i sraith aonarach de thorthaí i bhfoirm achoimre de na haighneachtaí faighte, agus ag tabhairt léiriú agus treoracha chun gnímh a tháinig chun cinn ó na haighneachtaí poiblí (féach Caibidil 3), mar aon le moltaí chun treo an taighde in Éirinn a atreorú (féach Caibidil 4).

Tá sonraí iomlána na modheolaíochta ar fáil in Aguisín B.

## Figiúr 1: Ballraíocht agus Róil an Choiste Saineolaithe




## Fíor 2: Creatlach Sheacht gCéim



# Is uirlis chumhachtach lonsamhlaithe í samhlaíocht an duine.



**cuireann sí ar ár gcumas a bheith beo in**

# iliomad todhchaí féideartha

# 3 / Torthaí

## 3.1 Torthaí na hachoimre

**Cuireadh 18,062 aighneacht chun cinn mar gheall ar sheisiúin tobsmaointeoireachta náisiúnta na hÉireann maidir le smaointe taighde a ghiniúint ón phobal, beart a léiríonn dúil theagmhálach an phobail i dtaca leis an todhchaí, in áit cur chuige socair a ghlacadh.**

Chualathas guthanna ó dhaoine de gach aoisghrúpa, gach earnáil, gach pobal agus gach contae. Tháinig mórchuid de na haighneachtaí ó dhaoine aonaracha, ach bhí roinnt ann ó ghrúpaí abhcóideachta agus pobail atá teasaí ar cheisteanna áirithe.

Tá léargas saibhir éagsúil na ndaoine maidir leis a ndúil sa todhchaí le feiceáil ón phróiseas seo, chomh maith lena n-ábhair imní, a dtosaíochtaí ar bhonn gearrthéarma agus a dtuiscintí go bhfuil ról ar leith le himirt ag an taighde chun todhchaí Ionchuimsitheach, cothrom agus inmharthana a thógáil, d'Éireann agus don domhan mór fosta.

Bhí raon éagsúil d'aighneachtaí curtha isteach ag an phobal, ó thaobh topaicí de, fad na n-aighneachtaí agus an méid an fhócais dírithe ar an phróiseas taighde. Tugadh an suíomh gréasáin deis do na daonna aighneachtaí gairid de shaorthéacs a scríobh. Bhain go leor astu úsáid ach dornán d'fhocail, dá leithead '*athrú aeráide*', '*meabhairshláinte*',nó 'tithíocht inacmhainne'. *Ba é an fad meánach a bhí ar gach aighneacht ná 25 focal, (abairt nó dhó), agus ba é an aighneacht is faide ná 89 focal. Ní raibh ach 10 focal nó níos lú ag 41% de na haighneachtaí (féach Aguisín C).*

As na mílte aighneacht faighte, léirigh formhór na ndaoine go bhfuil ceisteanna tábhachtacha ar leith ann gur chóir dúinn, mar shochaí iomlán, aird a thabhairt orthu, ó chúrsaí inbhuanaitheachta agus oideachais go hathchóiriú polaitiúil agus iontaofacht na dteicneolaíochtaí. Dhírigh roinnt acu ar na deiseanna bainte le nascadh na n-earnálacha ar leith le chéile chun saolta na ndaoine a fheabhsú, agus dhírigh roinnt eile acu ar fheabhsuithe beartaithe roimh an éiceachóras taighde chun tionchar an taighde níos fearr a bhaint amach sa todhchaí.

**Tugadh cuireadh do dhaoine chun**

**"a dtuairimí agus a smaointe a inis dúinn ar cad a ba chóir do thaighdeoirí na hÉireann a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a bhaint amach".**

Cuireadh i gcuimhne dóibh gur féidir lena gcuid smaointe ' a bheith bunaithe ar fhéidearthacht nó ar dhúshlán a bhí os a gcomhar féin, a bpobal, Éire í féin nó fiú an domhan - topaic a bhí fiosracht ná paisean acu iontu, agus a ba mhian leo go dtabharfar taighdeoirí aghaidh orthu.'

## Is féidir linn cur síos a dhéanamh ar nach bhfuil ag teastáil **bhfad níos soiléire** ná an méid atá uainn.



**Cuireadh na 18,062 aighneacht, ina bhí anailís déanta orthu ag na seacht mheitheal, i gcnuasaigh de 16 téama ar leith.**

Ba é seo an t-aon bhealach chun iad a chur i gcnuasach, agus bhí téamaí ag dul thar a chéile agus snáitheanna bunaithe astu, ach bhí sé riachtanach chun cur in iúl na dtorthaí a éascú mar is ceart. Níl na téamaí curtha in aon ord tosaíochta agus níl siad aicmithe de réir líon na haighneachtaí iomlán faighte faoi théama éagsúla éigin.

# 16 Téama

- Feabhas a chur ar Chur Chuige Daonlárnach i leith Sláinte agus Cúraim Shóisialta
- Athshamhlú ar Fhoghlaim agus ar Fhorbairt ó Thús go Deireadh an tSaoil
- Réitigh do Thithíocht a Chur Chun Cinn
- Ag cosaint Leas agus Iontaobhas an Phobail sa Domhan Digiteach
- Feabhas a chur ar Cheapadh Beartais agus ar an gCóras Polaitiúil
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht a chur chun cinn in Éirinn
- Láidreachtaí Réigiúnacha a Chothú
- Luach a thabhairt do Pobail agus iad a Nascadh
- Gníomhú ar son na hAeráide a dhaingniú ar fud na Sochaí
- A bheith ag tacú le Nuálaíocht i bhFeirmeoireacht agus i mBia
- Ag féachaint chuige go Seasfaidh Córais Fhuinnimh agus Uisce an aimsir
- Ag nascadh Éireann le chéile trí úsáid na gCóras Iompair Glasa
- Ag neadú na Daonnachtaí, an Cultúr agus na hEalaíona
- Leas a bhaint as Buntáistí an Taighde Bhunúsaigh
- Athléimneacht agus Ullmhacht a Thógáil: Léargais ón bPaindéim
- An Tírdhreach Taighde agus an Rannpháirtíocht Phoiblí a Neartú


Leagtar amach i gcaibidil 2, mionsonraithe na n-aighneachtaí, mar aon leis an dóigh a ndearna anailís orthu agus gur aicmíodh i dtéarmaí iad in Aguisín B. Le sin ráite, cé go raibh siad déanta mar aighneachtaí aonaracha uile iad, bhí roinnt téarmaí le blaiseadh ar chuid mhór de na topaicí agus snáitheanna. Léirigh na haighneachtaí go bhfuil daoine ar an eolas faoi na ceisteanna móra atá os ár gcomhair agus go bhfuil na ceisteanna sin in aimhréidh le chéile agus nár chóir dúinn tabhairt fúthu ar bhonn scoite. Mar shampla, aithníodh go raibh ár gcleithiúnas eacnamaíoch maidir le feirmeoireacht na n-ainmhithe i bhfostú leis an ghéarchéim aeráide.

Trí pháirt amháin dár gcóras a bharrfheabhsú, bíonn seans maith ann gur féidir linn ualach a chur ar chuid eile den chóras.

Ba é an dúshlán léirithe ag an phobal ná go mbeidh taighde ann a bheas fóirsteanach thar chláir oibre iomaíocha chun na neamhréitigh a riaradh agus iad ag obair chun ceisteanna iomlánaíocha bunaithe ar fhianaise a shárú.

Mar aon leis na téamaí scoite ag dul thar a chéile, tháinig dhá théarma chun tosaigh ó na haighneachtaí mar théarmaí tras-earnálacha. Léiríonn na téarmaí tras-earnálacha seo an ról ríthábhachtach atá ag cúrsaí taighde maidir lenár dtéarnamh ón phaindéim, mar aon lenár n-ullmhacht le haghaidh aon rud a gcuirfear isteach ar an tsochaí amach anseo, agus ag dearcadh an phobail ó thaobh an taighde de, agus an tionchar a bhaineann leis.

Ó na 18,062 aighneacht iad sin, leagadh amach gá an phobail maidir le rannpháirtíocht feabhsaithe laistigh den phobal taighde Is iomaí aighneacht a chur síos ar an ghá maidir le tuiscintí níos fearr idir thaighdeoirí agus an pobal araon, mar aon leis an phróiseas cumarsáide dhá bhealach. Bhí tuiscint shoiléir ann ó thaobh tábhacht an taighde mar chatalaíoch de maidir le forbairt comhtháite agus nuálaíocht shóisialta. Ní féidir le seo a dhéanamh go héifeachtach ach amháin nuair a bhainfear na stórais aonraithe sonraí ildisciplíneacha agus institiúideacha amach a fhad is gur féidir le comhoibriú radacach a bheith ann chun gach gné den cheist a imscrúdú ó pheirspictíochtaí éagsúla.




## 3.2 Guth na hÉireann

**Tá 16 téarma le fáil laistigh den chuid seo. Tá léargas ginearálta nasctha le gach cuid de na haighneachtaí ón phobal, mar aon le léiriú agus treoracha chun gnímh arna fhorbairt ag an Choiste Saineolaithe agus ag na meithleacha ildisciplíneacha, agus na léirithe sin bunaithe leis na smaointe áirithe tugtha isteach ag an phobal.**

Seasann na torthaí seo do léargas ar leith nach raibh ar fáil roimhe seo maidir le hábhair imní agus tosaíochtaí an phobail thar réimse leathan de cheisteanna. I ndáiríre, tá brí nach beag acu mar fhoinsí léargais ar pholasaithe, cúrsaí cinnteoireachta agus taighde thar réimsí iomadúla. I dteannta na dtorthaí curtha chun cinn anseo, iarann an Coiste Saineolaithe ar thaighdeoirí, treoraithe na bpolasaithe agus ar pháirtithe leasmhara na smaointe seo a riaradh chun inspioráid bhreise agus aitheantas a thabhairt ar an chuidiú a thug an pobal mór don tionscnamh seo.

**Mar a léiríonn na torthaí seo, cuireann na léargais faighte ó na haighneachtaí sainchúram de shíolta chun fiosracht a fhás agus chun smaointe taighde a ghiniúint leis an tír a mhúnlú.**



## 3.2.1 Ag cur le cur chuige daonlárnach maidir le cúrsaí sláinte agus cúram sóisialta

Bhí cúrsaí sláinte, idir meabhrach agus fisiceach, chun tosaigh go mór sna haighneachtaí, agus ceisteanna ag trasnú ar chuid mhór de na réimsí sin a bhí curtha faoin spotsolas ag an phobal.

**Is féidir na haighneachtaí seo a aicmiú i gceithre réimse éagsúla:**

1. **Réimsí áirithe imní a bhfuil an-tábhachtach don phobal**
2. **Taighde a dhéanamh ar an chóras sláinte agus cúram sóisialta agus an taighde sin a chur chun feidhme**
3. **Cúram sláinte dírithe ar an othar**
4. **Meabhairshláinte agus Folláine**

### 3.2.1.1 Réimsí áirithe imní a bhfuil an-tábhachtach don phobal

Dhírigh cuid de na haighneachtaí ar riochtaí sláinte áirithe cosúil le néaltrú nó ailse, agus réimsí cosúil le cothú cíche agus vacsaíní.

Go ginearálta, bhí na príomhtheachtaireachtaí ag díriú isteach ar an tábhacht atá ann roimh thaighde bunúsach agus luath a fhad is go dtuigfear na dúshláin a bhaineann leo, mar aon le taighde ag an chéim níos déanaí chun cloí le forbairtí na diagnóisice, cóireálacha, agus bearta coisctheacha chun caighdeán na beatha a fheabhsú.

### 3.2.1.2 Taighde a dhéanamh ar an chóras sláinte agus cúram sóisialta agus an taighde sin a chur chun feidhme

Aithníodh laistigh de na haighneachtaí , an gá chun taighde a leabú níos fearr sa chóras cúraim sláinte in Éirinn, agus ba lárnach guth na n-othar leis an ghá sin. Léiríodh an gá le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí i dtaighde na gcúrsaí sláinte chomh maith. Aithníodh gur chóir d'othair, cúramóirí agus páirtithe leasmhara cuí eile, páirt a ghlacadh i gcibé taighde rannpháirtíoch a thitfear amach sa todhchaí, a fhad is go gcothófar córas cúraim sláinte níos cuimsithí agus go dtuigfear gá na ndaoine níos fearr. Mar shamplaí, bhí a leithead de seo ann uathu: seirbhísí a chomhdhearadh idir othair agus úsáideoirí seirbhíse, taithí saolta na ndaoine a bhfuil riachtanais sláinte acu a thuiscint chomh beacht agus is féidir chun cúrsaí cúraim a fheabhsú agus na cinntithigh sóisialta den stíl maireachtála maidir le sláinte agus folláine a imscrúdú. Is iad seo a leanas cuid de na gnéithe eile arna tugadh faoin spotsolas: 'am na ngairmithe chúraim sláinte, cosúil le cliniceoirí, a chosaint a fhad is go mbíonn siad in ann á dtaighde a dhéanamh', an tábhacht a bhaineann leis an taighde cliniciúil a nascadh le chéile leis an taighde acadúla', an gá ríthábhachtach maidir le hinfreastruchtúr chúraim sláinte, cosúil le córais eolais, a fheabhsú' agus 'tábhacht na cumarsáide maithe mar aon le scaipeadh na dtorthaí leis an phobal agus le gairmithe chúraim sláinte araon'.

### 3.2.1.3 Cúram sláinte dírithe ar an othar

Dhírigh na haighneachtaí seo ar chuid mhór de réimsí cónasctha ach is féidir iad a rangú leis an achoimre seo: treoir chun gnímh maidir le caighdeáin feabhsaithe, agus rochtain feabhsaithe, do sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta.

## Achoimre de na topaicí arna thagairt ag an phobal ná:

- Ailse, le cineálacha ailsí ina measc.
- Néaltrú agus galair néareolaíocha eile, mar shampla scléaróis iolrach, galar néarón luadrach agus galar Parkinson.
- Sláinte na mbán - raon mór de réimsí ón inmheatróis go dtí an sos míostraithe agus ábhair imní ar easpa seirbhísí maidir le cothú cíche in Éirinn, in ainneoin na tábhachta atá bainte leis. Léiríodh gá roimh cheisteanna sláinte na bhfear agus ar cheisteanna comhchoiteann mar shampla an neamhthorthúlacht.
- Ceisteanna tras-earnálacha i bhfoirm aosú, bás agus cúram / tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine níos sine a bhfuil faoi mhíchumas, dá leithead an t-uathachas, agus cinntithigh sóisialta a bhaineann le cúrsaí sláinte.
- Galair ainsealacha mar shampla: diaibéiteas, galar cardashoithíoch, strócanna, galair uath-imdhíonachta, neamhoird na trombóise, galar céiliach, neamhord den speictream alcóil san fhéatas, pairilis cheirbreach, polymyalgia rheumatica, colaingíteas scléaróiseach príomhúil, uireasa sfingimiailináise.
- Galair tógálacha, cosúil le COVID-19, frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID) / siondróm easpa imdhíonachta faighte (SEIF), ionfhabhtuithe trópaiceacha; agus
- Meabhairshláinte agus an tionchar a imríonn sé ar dhaoine aonaracha agus don tsochaí iomlán, ón imní, dúlagar agus an t-uaigneas go dtí diancheisteanna meabhairshláinte cosúil le síocóis.

## Léargas an phobail:

Bhí treoir chun gnímh shoiléir ón phobal gur chóir na rudaí seo le feabhsú go láithreach: diagnóisí, cóireálacha agus cosc ar ghalair, mar aon leis an taighde a chomhtháthú sa chóras cúraim sláinte. Chuir roinnt de na haighneachtaí spotsolas ar an ról criticiúil a dtiocfadh le clár poiblí na hÉireann maidir le géanómaíocht a imirt i dtaobh an treoir seo ón phobal a sheachadadh.

*'Ba mhaith liom taighdeoirí a fheiceáil agus iad i mbun oibre le hothair, an pobal, cliniceoirí, lucht déanta polasaithe sláinte agus an tionscal chun bealaí sábháilteachta a dhearadh do shonraí géanómaíochta an daonra a úsáid leis an taighde agus i gcúrsaí leighis chun cosc pearsanta a fheabhsú mar aon leis an chúram leighis le haghaidh idirghabhálacha luath. Toisc go bhfuil easpa polasaí géanómaíochta i bhfeidhm, mar aon le tuiscint an phobail ar agus easpa infheistíochta i dtaighde agus leigheas na géanómaíochta, tá sé ag baint dár sláinte phoiblí, go háirithe daoine leochaileacha.*

Cuireadh béim ar mhodhanna daonlárnacha, chomh maith le cuimsiú na hidirghabhála córasaí i gcúrsaí nuálaíochta agus infreastruchtúir theicneolaíochta digiteacha chun cumasú na n-othar a chur chun cinn agus chun eispéireas othair agus cúraim níos fearr a sheachadadh. Ag cur an cosc in ord tosaíochta trí dhiagnóisic agus scagthástáil, go háirithe géanómaíocht agus teicnící géiniteacha, mar aon le caighdeáin an chúraim ar príomhleibhéal agus ar géarleibhéal araon a fheabhsú trí chaighdeáin bunaithe ar fhianaise, agus trí chúram a chomhtháthú leis an phobal, go háirithe an mhaireachtáil neamhspleách a chur chun cinn laistigh den daonra atá ag dul in aois.

Bhí cuid eile de na haighneachtaí i bhfách le húsáid an taighde i bhfoirm modh níos iomlánaí agus níos idirdhisciplíní chun cúram a chur ar fáil agus chun ár gcóras sláinte a fheabhsú, trí cheachtanna foghlama na paindéime a chur i bhfeidhm, a fhad is go seasfaidh sé an aimsir.

Cuireadh béim ar an tábhacht maidir le múnlaí reatha de leithdháileadh maoinithe a bharrfheabhsú agus a bhainistiú sna córais sláinte ar fad. Léiríodh an gá chomh maith chun polasaithe éifeachtacha a fhorbairt chun cuidiú le hearcaíocht foirne, coimeád foirne, forbairt proifisiúnta, lena n-áirítear aitheantas proifisiúnta ar róil leathan an chúraim sláinte a gcuirfear le caighdeáin an chúraim (mar shampla, cógaiseoir na hotharlanna / cógaiseoir na rannóige éigeandála.

Folaítear sna haighneachtaí seo an t-athshamhlú ar chóras níos cuimsithí agus níos cothroime bunaithe ar chúram sláinte saor agus inacmhainne, mar aon leis an ghá chun bealaí nuálacha a aithint a fhad is go gcothófar rochtain níos cothroime do dhaoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch, inscne dhifriúil ná inscne ar bith acu agus dóibh siúd a bhfuil páirteach le grúpaí leochaileacha. Folaítear grúpaí áirithe leis na haighneachtaí i bhfoirm daoine a bhfuil andúil acu, lagú céadfach, míchumais, neamhoird itheacháin, iad siúd a bhfuil ar an speictream uathachais, iad siúd a bhfuil fadhbanna ainsealacha orthu mar aon leis an daonra atá ag dul in aois, an t-aos óg agus an pobal LADTA. Bhí roinnt bheag de na haighneachtaí ar son modhanna cúraim malartacha agus iomlánaíocha ar chúrsaí sláinte a imscrúdú.

### 3.2.1.4 Meabhairshláinte agus Folláine

Bhí na haighneachtaí sa réimse seo dírithe ar an chuimsiú sóisialta, meabhairshláinte na bpáistí agus na n-ógánach, mar aon le dul in aois shláintiúil agus folláine.

Léirigh cuid eile de na haighneachtaí an géarghá do thaighde níos doimhne ar thopaicí laistigh den réimse leathan maidir leis an chuimsiú sóisialta. Ba leathan iad na grúpaí a raibh riosca eisiata acu agus folaítear iad siúd a bhfuil cúrsaí oibre contúirteacha acu ( i bhfoirm chonartha uaireanta ar bith, conartha gearrthéarmach), daoine fásta a bhfuil cónaí orthu lena dtuismitheoirí mar gheall ar chostais na tithíochta, iad siúd a bhfuil faoi chos ar bolg maidir le tromaíocht, cúramóirí teaghlaigh, iadsan i bhfiacha ná a bhfuil streachailt airgeadais ar bun acu, pobail tuaithe iargúlta, agus iad siúd a raibh tráma diúltach, taithí dhiúltach ná drochíde / drochbhail déanta orthu agus iad ina bpáistí.

Léirigh na haighneachtaí gur thús cadhnaíochta é cúrsaí sláinte imbhreithe agus cúrsaí sláinte na bpáistí / na n-óg (go háirithe meabhairshláinte) mar réimsí tábhachtacha a bhfuil taighde breise de dhíth mar aon le hidirghabháil bunaithe ar fhianaise agus maoiniú poiblí sna seirbhísí.

Cuireadh béim ar leanúnachas an choisc (cosaint na meabhairshláinte agus folláine poiblí), an idirghabháil luath (soláthar na dtacaíochtaí le haghaidh fadhbanna meabhairshláinte) agus cóir leighis ( idirghabhálacha / seirbhísí tánaisteacha do mheabhairshláinte). Bhí frustrachas le feiceáil ón na haighneachtaí chomh maith maidir le heaspa tacaíochtaí meabhairshláinte phobalbhunaithe, mar aon le cláir agus seirbhísí. Bhí ganntanas ann maidir le heolas an phobail roimh fhianaise reatha an mheabhairshláinte. Bhí ábhar imní ann chomh maith roimh easpa rochtain ar sheirbhísí cuí tráthúil do dhaoine óga a bhfuil faoi ghéarchéim éigin, ar ráta ardaithe na ndaoine óga a bhfuil ag tabhairt faoi féinghortú agus féinbhás in Éirinn, agus gur chóir dúinn na gnáthsheirbhísí mheabhairshláinte a mheas de réir a chéile. Chuir na haighneachtaí an nasc idir mheabhairshláinte agus rannpháirtíocht spóirt in iúl, mar aon le rochtain ar fhéidearthachtaí cultúr, agus bhí cuid acu eile dírithe ar thionchar an mheabhairshláinte don teaghlach iomlán.

Bhí roinnt aighneacht ag tabhairt faoi dhul in aois shláintiúil agus cúrsaí folláine, lena n-áirítear an mhaireachtáil neamhspleách, rochtain ar chúrsaí sláinte agus áiseanna sóisialta, chomh maith le daoine ag obair thar 65 bliain d'aois. Cuireadh spotsolas ar an ghá le haghaidh taighde a dhéanamh ar impleachtaí cultúrtha agus sochaíoch an daonra atá ag dul in aois, don tsochaí iomlán agus don gheilleagar féin. Bhí cúrsaí folláine lárnach mar shnáithe tras-réimse láidir le linn na n-aighneachtaí, mar shampla, rochtain ar an nádúr agus tacaíocht a thabhairt ar an chruthaitheacht, agus léirítear seo i roinnt mhaith de na téarmaí, agus daoine ag iarraidh Éireann níos sláintiúla, níos sásta, níos cuimsithí agus níos cothroime a bhaint amach.

## Léargas an phobail:

Bhí an gá maidir le hÉire níos cuimsithí ina snáithe láidir eile le linn na n-aighneachtaí. Tugadh ábhair imní na mionghrúpaí faoinár mbráid chomh maith, thar chuid mhór de théarmaí, lena n-áirítear sláinte. Cé go raibh sprioc an fheachtais ag díriú ar ghuthanna an phobail a chomhtháthú le chéile, ach bhí muid ag iarraidh mionghuthanna a chuir ardú chomh maith.

*'Tástáil Beutler gasta. Faoi láthair, caithfear babaithe beirthe do mhná an lucht taistil dul faoi thástáil Beutler chun fáil amach an bhfuil galachtóiséime acu agus caithfidh siad fanacht idir 2 agus 3 lá chun na torthaí a fháil. Cuireann seo isteach ar bhunadh an chothaithe cíche don naíonán nuabheirthe agus tagann riosca le bainne foirme soighe a thabhairt do bhabaithe. Cuideofar cothú cíche breise le neamhionannais sláinte don lucht taistil.'*

## Léargas an phobail:

Bhí aighneachtaí an phobail ina meabhrú dúinn go bhfuil gach uile rud ceangailte agus curtha in aimhréidh ag an am céanna agus go mbíonn tionchar áitiúil aonarach ag gach dúshlán domhanda. Bhí cuid mhór de na haighneachtaí ag díriú ar dhá dhúshlán ar leith atá os comhair gach tír ar an domhan faoi láthair - an t-athrú aeráide agus cúrsaí sláinte - cé go bhfuil cosúlachtaí le breathnú astu, is cinnte go mbíonn éifeachtaí, bunchúiseanna agus réitigh difriúla ar fáil mar gheall ar chomhthéacsanna agus tíortha eile, idir leibhéil náisiúnta agus áitiúla araon. Bhí dúil ag an phobal maidir le tionchar an dá cheist iad seo ar phobal na hÉireann féin.

*'An tionchar a bhíonn ag athruithe aeráide maidir lenár sláinte'.*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

**D'aithin guth an phobail an gá atá ag cúrsaí taighde dul i ngleic le ceisteanna práinneacha sláinte agus cúram sóisialta, ó ghalair áirithe go dtí an tsláinte mhaith agus rochtain níos fearr ar an tsláinte agus ar an chúram sóisialta mar aon le tábhacht na folláine.**

1 Déan taighde a chomhtháthú leis na córais sláinte agus cúraim sóisialta chun dul i ngleic le ceisteanna an phobail go hiomlánach. Caithfear seo a cheangal le hobair na n-institiúidí acadúla agus leis an tionscal é féin, agus ba chóir go bhfuil ról lárnach ag an phobal roimh na saothair taighde iad seo. Ina thaobh seo, tá gá nach beag ann d'fheabhsuithe infreastruchtúir, mar shampla, trialacha cliniciúla ar scála mór a sheachadadh, agus oiliúint na bhfoirne, modhanna bunaithe ar na hothair agus comhoibriú i measc na n-earnálacha agus na ndisciplíní chun seo a bhaint amach. Beidh ról tábhachtach le himirt ag an líonra nuabhunaithe náisiúnta de chuid Rannpháirtíocht an Phobail agus na nOthar (RPO) maidir le seo.[1]

2 Modhanna cumarsáide leis an phobal ar thaighde an tsláinte in Éirinn a fheabhsú. Bhí tuairim ón phobal ag teacht anuas go minic, is é sin nach bhfuil taighde an tsláinte maoinithe go maith agus nach dtugtar an méid tacaíochta is ba chóir anseo in Éirinn. Tá an tuairim sin beacht go háirithe roimh ghalair neamhchoitianta agus neamhoird néareolaíocha, agus thiocfadh leis an tuairim chéanna a chur le cuid mhór de na haighneachtaí maidir le fadhbanna sláinte áirithe..

3 Dean níos mó taighde ar scagthástálacha níos fearr, mar aon le diagnóisí, cóireálacha, baic agus fiú idirghabhálacha chun caighdeáin na beatha a fheabhsú; ní mór buntaighde breise le fócas ar thionchar sochaíoch a chur le seo.

4 Déan iarrachtaí taighde comhordaithe breise ar ghalair tógálacha agus ar chúrsaí imdhíoneolaíochta, trí chur chuige 'Sláinte amháin' a chur i bhfeidhm thar roinnt disciplíní agus earnálacha. Tá cónaí orainn i ndomhan nasctha le chéile, agus sláinte agus folláine ár ndaoine, ár n-ainmhithe agus ár dtimpeallachtaí in aimhréidh le chéile, agus ní mór dúinn smaoineamh mar sin agus muid ag tabhairt aghaidh ar chúrsaí sláinte san iomlán.

5 Ardaigh iarrachtaí taighde ar chúrsaí mheabhairshláinte.

Tá ceist an phobail maidir le cúrsaí mheabhairshláinte agus fulaingt mhothúchánach ghrúpaí áirithe imscrúdaithe ar bhonn idirnáisiúnta gan amhras, ach níl go leor fianaise ann gur tugadh an cheist sin i gcomhthéacs na hÉireann ina iomláine.

i. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar staidéar náisiúnta fadama de scála mór ar bhonn daonra chun bearnaí idir shláinte / cúram sóisialta agus cúrsaí acadúla a dhruideadh.

Tá tábhacht bainte le himní an phobail i dtaca le meabhairghalair agus féinghortú na n-óg, ó tharla go bhfuil rátaí feinghortaithe arda i measc na n-óg anseo in Éirinn, go háirithe i measc cailíní na tíre, agus go bhfuil aois tosaithe na bhféinghortuithe ar ardú chomh maith (Clárlann Náisiúnta na Féinghortaithe, Mí na Nollag 2020). Is comhartha dáiríre é an féinghortú go bhfuil an duine sin faoi chiapadh meabhrach agus mothúchánach, mar aon le comhartha láidir roimh chúrsaí féinbháis.

ii. Is ionann roinnt féidearthachtaí taighde féideartha seo agus sainchlár taighde náisiúnta faoi bhac an mheabhairshláinte le disciplíní iomadúla agus infreastruchtúr reatha a threisiú mar an céanna is atá ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus Choistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ) i ngach aon chontae.

6 Ardaigh iarrachtaí taighde ar shláinte na mban, go háirithe i réimsí nach bhfuil baint acu leis an toircheas, mar shampla taighde i ngalair ainsealacha na mban, an sos míostraithe agus fadhbanna gínéiceolaíochta. Thit dul chun cinn suntasach amach in Éirinn ó thaobh taighde i sláinte na mban, ach bhí sé seo dírithe ar shláinte máthartha agus ar shláinte imbhreithe amháin. Le sin ráite, bhí sláinte máthartha le breathnú go lárnach ó na haighneachtaí pobail agus is cinnte go bhfuil fadhbanna ainsealacha le feabhsú ó thaobh taighde bhreise i gcomhthéacs na hÉireann de, mar shampla an dúlagar iarbhreithe agus pian sa droim (i rith an toirchis, agus ina dhiaidh chomh maith)..

1 https://www.nuigalway.ie/ppi/

## 3.2.2 Ag athshamhlú na foghlama agus an fhorbairt ó thús go deireadh an tsaoil

Is réimse tábhachtach é an téarma 'foghlaim agus forbairt' a tháinig chun cinn ó na haighneachtaí. Is téarma leathan ar fad é seo a dhíríonn ar chúrsaí oideachais ar gach leibhéal, ó na luathbhlianta suas go dtí an t-oideachas iarchéime, mar aon leis an fhoghlaim fad saoil. Tá treoir chun 'athchóiriú' ann go lárnach sa téarma, idir oideachas na luathbhlianta agus an Ardteistiméireacht, chomh maith leis na modhanna a dhéanaimid ár n-oideachas iardhochtúireachta. Cuireann cuid mhór de na haighneachtaí spotsolas ar thábhacht an oideachais cultúrtha agus ról na daonnachtaí, agus dhírigh cuid eile de na haighneachtaí isteach ar an phróiseas foghlama é féin. Mar shampla '*pléigh an dóigh ar féidir leis an phobal ginearálta taighde a dhéanamh dóibh féin*'; agus '*déan taighde ar an dóigh chun an litearthacht a ardú i measc na ndaoine agus dístiogmataigh an iarracht reatha maidir leis an dóigh ar féidir le daoine léamh agus scríobh ar leibhéal ard, ba chuma más foghlaimeoir óg ná foghlaimeoir fásta atá i gceist*'.

**Is féidir na haighneachtaí seo a aicmiú i gceithre réimse phríomha, de réir fócas s'acu:**

1. Forbairt na luathbhlianta
2. Foghlaim agus oideachas fad saoil
3. Bunscolaíocht agus meánscolaíocht
4. Ardoideachas

### 3.2.2.1 Forbairt na luathbhlianta

Tá raon leathan d'aighneachtaí clúdaithe ag an réimse seo, go háirithe oideachas luathbhlianta, an cothú cíche agus ceisteanna eile a bhaineann le forbairt agus folláine na bpáistí ón luath-óige go dtí an méanóige. Tá cuid acu bainte le sláinte agus folláine ag pointe áirithe i dtimthriall bheatha an duine. Clúdaítear na samplaí léiritheacha seo: treoir chun taighde a dhéanamh ar éifeachtaí a bhaineann leis an bhabaí a chur sa bhugaí agus iad ag a n-aghaidh chun tosaigh sa bhealach eile ina bhfuil an tuismitheoir/ / an duine atá ag brú an bhugaí, agus lionsa áirithe ar fhorbair sochaíoch agus mothúchánach na mbabaithe; chun imscrúdú a dhéanamh ar na torthaí maidir leo siúd a chuireann an súgradh roimh an fhoghlaim; úsáid na n-algartam foghlama innill chun spreagadh an tseomra súgartha céadfacha a anailísiú; treoracha chun gnímh maidir le cothú cíche agus tacaíochtaí an luath-óige a fheabhsú sna seirbhísí máithreachais agus sa teach araon, toisc gur féidir le tuismitheoirí atá faoi strus dochar a dhéanamh don pháiste le linn na chéad chúpla bliain, lena n-áirítear an galar ainsealach. Tháinig an cheist faoin bhealach is fearr chun na torthaí a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm mar gheall ar thionscadail dá leithead: Ag Fás Aníos in Éirinn[2] agus Ag Ullmhú don Saol. [3]Lena chois sin tháinig ceist na dteorainneacha bainte leis na torthaí agus an bealach is fearr chun iad a thuiscint.

## Léargas an phobail

**Tháinig moltaí, le haghaidh rudaí nua le cur ar an churaclam do na leibhéil oideachais ar fad, ó na haighneachtaí:**

### Sláinte agus folláine

- Meabhairshláinte, midheamhain, ióga, corpoideachas breise, aclaíocht agus cothú

### Scileanna beatha

- Litearthacht airgeadais, pinsin, árachais, cáin, pá, morgáistí, DIY, scileanna tiomána, garchabhair

### Pobal/áit

- Nádúr/taobh amuigh, toiliú, comhbhá, an timpeallacht, fiontraíocht, an geilleagar ciorclach, cóir na haeráide

### Smaointeoireacht

- Smaointeoireacht chriticiúil, líofacht dhigiteach, smaointeoireacht eolaíochta / loighciúil, fealsúnacht, smaointeoireacht chruthaitheach, smaointeoireacht chórasach, smaointeoireacht neamhspleách, réiteach fadhbanna, eitic

2 https://www.growingup.ie/

3 https://www.preparingforlife.ie/

### 3.2.2.2 Foghlaim agus oideachas fad saoil

Tugadh roinnt mhaith de na haighneachtaí spotsolas ar thábhacht an oideachais don tsaol agus léiríodh imní go bhfuil an córas scoile ag cur oideachas ar dhaoine chun scrúdú seachtrach a dhéanamh, i bhfoirm an ardteistiméireacht. Ba bhunús an argóint a bhí ann, ná nach raibh na scileanna boga atá de dhíth ag daoine don tsaol clúdaithe go leor sa churaclam.

Folaítear na príomhréimsí nach bhfuil clúdaithe go leor i bhfoirm gníomhaíocht fhisiceach éagsúil do shláinte, d'inscne, d'oideachas gnéis agus caidrimh, oideachas airgeadais pearsanta agus baile, litearthacht dhigiteach agus riosca digiteach, agus stair na hÉireann maidir le himirce agus eisiamh dóibh siúd atá faoin aicme 'eile', Léirigh na haighneachtaí an gá roimh chláir phrintíseachta agus fócas ar chúrsaí ceirde agus scileanna a bhaineann leo a theagasc sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna, beart a bheas úsáideach do na daltaí agus a dtiocfadh le hathrú meoin tarlú i dtreo cosain éagsúla maidir le breisoideachas agus ardoideachas. Tháinig an gá chun dearcthaí a thógáil maidir leis an Ghaeilge agus teangacha eile agus an dóigh ina dteagasctar iad chun cinn ó chuid de na haighneachtaí.

### 3.2.2.3 Bunscolaíocht agus meánscolaíocht

Clúdaíodh raon de cheisteanna maidir le bunoideachas agus meánoideachas sna haighneachtaí féin. Cuir na haighneachtaí spotsolas ar an fhorbairt uile dhuine, níos doimhne ná fócas acadúil amháin; obair bhaile agus an luach bainte leis, cothromaíocht oibre is saoil do pháistí; fad agus cineál lá scoile do pháistí; agus laethanta níos gairide a chur i bhfeidhm do naíonáin óga agus naíonáin níos síne araon, le trácht ar leith déanta ar thionchar an chomhionannais inscne, mná san áit oibre agus cúrsaí aeráide.

Bhí cúrsaí litearthachta, uimhearthachta agus ceisteanna litearthachta digiteacha go mór chun tosaigh sna haighneachtaí do dhaoine aonaracha sa chóras oideachais, chomh maith leis an tábhacht roimh mheáin na bhfíseán agus na meáin digiteach, cluichiú, agus an teicneolaíocht ginearálta san oideachas. Tógadh ábhair imní faoi chuimsiú agus faoi bhochtaineacht atá ar fáil laistigh den oideachas. Cuireadh aird ar oideachas d'imircigh agus do theifigh, iompar scoile do pháistí atá faoi mhíbhuntáiste agus tionchar a dhéanann béilí lóin sna scoileanna. Thug na haighneachtaí fadhbanna na tromaíochta agus féinbháis fhirinn faoi deara chomh maith.

Bhí na topaicí a bhaineann le leas na bpáistí agus cearta na bpáistí pléite sna haighneachtaí freisin. Bhí roinnt eile bainte le ró an stáit (mar shampla Tusla), agus dhírigh cuid eile dóibh isteach ar ábhair imní a bhaineann le taighde ar pháistí. I dtaca leis na haighneachtaí ó thaobh an bunoideachas agus an meánoideachas de, bhí tábhacht ar leith le blaiseadh maidir le hoiliúint na múinteoirí agus ullmhacht na múinteoirí i dtreo domhan ilchultúrtha, agus oiliúint a thabhairt dóibh maidir le páistí faoi mhíchumas agus páistí le fadhbanna mheabhairshláinte. Bhí aighneachtaí eile ag iarraidh go scarfar an eaglais agus an stát as a chéile laistigh don chóras scoile.

### 3.2.2.4 Ardoideachas

Dhírigh formhór de na haighneachtaí seo faoi théama an ardoideachais ar cheisteanna lóistín na mac léinn agus ar chúrsaí mheabhairshláinte. Clúdaítear an gá roimh áiteanna breise ar chúrsaí ollscoile, cothromas an tsoláthair agus cúrsaí gan táillí. Cuireadh béim ar an ghá faoi choinne caighdeáin inmharthana ar eispéireas foghlamtha an ardoideachais mar aon leis na dúshláin atá lárnach le hidirthréimhsí, isteach don ardoideachas agus amach chuig an áit oibre, chomh maith leis an tábhacht atá ann maidir le fáthanna rannpháirtíochta íseal ag na mic léinn ag an tríú leibhéal.

Bhí roinnt aighneachtaí ag moladh gur chóir do scileanna, ábhair agus modhanna nua a bheith ar fáil ar gach leibhéal d'oideachas, lena n-áirítear 'scileanna an tsaoil'. Léiríodh an géarghá chun an curaclam a uasdátú a fhad is go gcloífear le comhthéacsanna, riachtanais, iompraíochtaí agus dearcthaí an lae inniu. Rinneadh tagairtí ar an réaltacht fhíorúil, clódóireacht thríthoiseach, an códú agus dearadh cluichí a bheas go mór chun tosaigh de chuid mhór de na gairmeacha amach anseo, mar aon leis an ghá chun daltaí bunscoile agus meánscoile a ullmhú dá leithead an domhan seo. Bhí roinnt de na haighneachtaí ag maíomh gur chóir d'am breise a chur ar leataobh faoi choinne am smailce, am amuigh agus am imeartha sa chlós (mar atá déanta i dtíortha eile cheana féin) agus chun deiseanna a thapú maidir leis an fhoghlaim a imeascadh leis an súgradh agus leis an ghníomhaíocht choirp.

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Bhí tuairim an-láidir le blaiseadh ó na haighneachtaí seo go bhfuil bunús na scoileanna in Éirinn 'ag cloí le seantraidisiúin agus seanmhodhanna foghlama' agus go gcaithfear é a athphacáistiú san iomlán chun na tíre a thabhairt suas go dtí an 21ú haois. Thug an pobal mór faoi deara nach ionann an óige agus am d'oideachas amháin, ach am d'fhorbairt an duine agus tá gá ann chun ról an oideachais a athmheas maidir le foghlaim don saol - agus chan scileanna poist amháin mar níl an córas seanbhunaithe, mar atá faoi láthair, in ann riachtanais na ndaoine óga i sochaí an lae inniu a chothú.

1 **Fócas ar thorthaí an taighde reatha arna dhéanamh in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta a chur i gcrích.**

Mar shampla, rinneadh taighde leathan fairsing iontach ar na buntáistí agus tairbhí a bhaineann le gníomhaíochtaí fisiceacha agus taobh amuigh ar an churaclam oideachais. Ba chóir don taighde ról a imirt maidir le teorainneacha roimh chur i bhfeidhm, comhchumadh agus roimh an tástáil phíolótach na réitigh nua ó thaobh comhthéacs na hÉireann de agus ansin luachálacha a leabú le hathruithe ar bith as seo amach.

2 **Na torthaí a imeascadh le hiarrachtaí taighde reatha in Éirinn faoi láthair, atá ag feidhmiú chun dul i ngleic le roinn ábhair imní an phobail cheana féin.**

Cé nach seasann an beart d'Éireann ar fad, ba thábhachtach an deis é seo chun cuid den taighde reatha atá ag tarlú faoi láthair a dheimhniú, mar shampla, bhí staidéar píolóta ar na mallaibh in ann na féidearthachtaí a bhaineann le 'Am Ciúin' a mheas agus é curtha leis an churaclam i bhfoirm dhá scéim píolóta sa RA agus in Éirinn.[4]

Ní mór dóibh siúd, atá ag feidhmiú i dtaighde agus i bpolasaithe na foghlama agus an fhorbairt, machnamh breise a thabhairt ar aighneachtaí aonaracha tugtha isteach faoin téarma seo, go háirithe rannpháirtíocht an phobail a bhféadfar cuidiú lena gcuid oibre, mar shampla: tá suim ag an phobal idirphlé breise a dhéanamh ar an churaclam oideachais ag gach uile leibhéal.

Féadfar iarrachtaí breise maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an phobal ar thaighde reatha ag teastáil de thoradh suim an phobail iontu, agus ba chóir machnamh a dhéanamh ar an tionscnamh náisiúnta chun deis a thabhairt do bhaill fhoirne, daltaí, mic léinn agus tuismitheoirí súil chriticiúil a chaitheamh ar an taighde reatha agus modhanna nua a chomhchumadh. Seasfaidh an cur chuige um dhearadh leis an dúshlán seo go cinnte.

Féadfar léargasanna arna bhailiú ag an bheart seo eolas nua a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) atá i lár athbhreithnithe bun go barr ar an mheánoideachas faoi láthair.

3 **Tá taighde breise de dhíth:**

- Ar theangacha, go háirithe an Ghaeilge
- Chun ról an oideachais a athmheas maidir le foghlaim a chur ar fáil don saol agus chan amháin scileanna do phoist
- Chun talún agus oiliúint na scileanna amach anseo a fháil
- Ar thodhchaí na tuismitheoireachta - bhí cuid ceist tras-earnálacha ann ó na haighneachtaí maidir le sláinte máthartha agus forbairt na luathbhlianta go dtí saoire na dtuismitheoirí, tacaíochtaí chúraim páistí agus gairmeacha na dtuismitheoirí. Tá taighde le déanamh ar an bhealach inar féidir le hÉirinn a bheith ina tír is fearr le bheith i bhur dtuismitheoirí.

4 **Pleananna feidhme a fhorbairt chun fórsa oibre na múinteoireachta a chur faoi oiliúint, a fhorbairt agus a ardú ó thaobh scileanna de agus déan cinnte é a éagsúlú.**

Déan machnamh ar an ghá chun éagsúlacht eitneach, inscne, creidimh agus cultúrtha a mhealladh isteach do scoileanna, go háirithe in áiteanna faoi mhíbhuntáiste, a fhad is go n-aithneoidh na páistí leis an fhoireann agus leis an timpeallacht oideachasúil.

4 https://www.frontiersin.org/articles/10.3389/fpsyg.2021.765158/full

## 3.2.3 Ag feabhsú réitigh maidir leis an tithíocht

Uimhir mhór d'aighneachtaí a bhaineann le cúrsaí tithíochta, daoine gan dídean agus an ghéarchéim tithíochta. Iarr cuid acu treoracha chun gnímh a dhéanamh ar an fhadhb féin, ach chuir roinnt eile réitigh féideartha ar aghaidh chugainn agus bhí roinnt eile acu ag iarraidh a bheith níos eolaí ar an ábhar. Léiríodh go leor frustrachais faoi mhothú d'easpa réitigh polasaithe éifeachtacha ar an ghéarchéim tithíochta agus faoin ghéarghá chun polasaithe agus cleachtas a uasdátú.

**Tá na haighneachtaí sin aicmithe de na cheithre réimse leathan seo:**

1. **An costas maireachtála**
2. **An fócas ar thithíocht saintógtha le haiseanna cuí**
3. **An tábhacht a bhaineann le tithíocht inmharthana le haghaidh forbairt na mbailte agus na gceantar tuaithe**
4. **Ag foghlaim ó thíortha eile**

### 3.2.3.1 An costas maireachtála

Dhírigh na haighneachtaí i dtaca leis an chostas maireachtála isteach ar riachtanais tithíochta, lena n-áirítear ceisteanna chothrom na Féinne, dearadh agus soláthar, agus an gá chun ábaltacht na n-údarás áitiúil a chuíchóiriú chun tithíocht a sheachadadh. Ina dteannta sin, léiríodh an gá ann roimh mhorgáistí inacmhainne, tithe inacmhainne agus chun machnamh a dhéanamh ar an fhéidearthacht i dtaca le módúlachtaí úinéireachta comhroinnte agus comhoibritheacha araon; an gá roimh roghanna áiteanna ar cíos inmharthana, mar aon le roghanna fadtéarmacha; agus ar thionchair sóisialta na géarchéime tithíochta, mar shampla: an t-aistriú mall chuig an aosacht agus bhí meabhairshláinte lárnach sna haighneachtaí seo.

Bhí easpa na tithíochta inacmhainne ina chúinse mór maidir le heisimirce na ndaoine óga chuig tíortha eile mar shampla an RA. Sa chatagóir seo, thug na haighneachtaí na teorainneacha eacnamaíocha maidir le tithíocht a iarfheistiú faoi bhráid, a fhad is go mbeidh siad níos inmharthana don timpeallacht, mar aon leis an cheist ar an bhochtaineacht rúnda laistigh den mheánaicme. Chuir na haighneachtaí céanna spotsolas ar an ghá chun guthanna na ndaoine a chluinstin a bhfuil ag fáil áiteanna ar cíos faoi láthair, agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht sóisialta chun réitigh bhunaithe ar dhaoine a fhorbairt. Tuigeann an pobal gur chóir dúinn dul i ngleic leis an ghéarchéim gan dídean reatha é seo, na bunfhadhbanna a bhaineann leis a imscrúdú agus pointí idirghabhálacha luath a aithint chun bac a chur ar dhaoine teacht i gcúrsaí géarchéime.

### 3.2.3.2 An fócas ar thithíocht saintógtha le haiseanna cuí

Chuir roinnt de na haighneachtaí seo aighneachtaí ar an ghá le haghaidh tithíocht chuí saintógtha do chohóirt dhifriúla na ndaoine. Folaítear na grúpaí seo leis na haighneachtaí: an lucht taistil, iad siúd i measc an daonra atá ag dul in aois, iad siúd faoi mhíchumas éigin a ba mhaith leo saol neamhspleách a bheith acu, daoine singil, tuismitheoirí aonaracha agus iad siúd a bhfuil ag iarraidh a dtithe a laghdú agus oibrithe ar ioncam íseal i mBaile Átha Cliath. An gá le haghaidh cinnteacht don 'ghlúin ligean ar cíos' agus iad ag dul in aois. I gcomhthéacs na dtithe cuí don ghlúin seo agus do na glúnta atá fós le teacht, tugadh roinnt aighneachtaí eile léargas ar an ghá le haghaidh bloic árasáin bhreise, tithe nó foirgnimh inmharthana lena n-áirítear tithe neamhthraidisiúnta, mar shampla, tithe infhillte, botháin adhmaid, longa crúsála dugaí, coimeádáin agus bealaí nuálacha eile chun tithe an-tíosach ar fhuinneamh ísealchostais cosúil leis na cinn seo atá deartha chun feidhme gan bhreoslaí iontaise, tithe modúlacha agus 'tithe don todhchaí'.

**Léargas an phobail:**

**Dhírigh cuid de na haighneachtaí isteach ar chaomhnú an uisce agus uasmhéadú úsáid an t-uisce fearthainne. Aontaíonn an pobal gur pointe spéise tábhachtach é seo maidir le forbairt na dtithe inmharthana san am amach romhainn.**

***'Leis na pleananna um fhorbairt na dtithe nua seo chun dul i ngleic leis an ráchairt do na blianta atá le teacht, is mór an t-iontas é go mbaintear leas as an uisce inólta le haghaidh rudaí eile sna tithe. Is cinnte nach riachtanach é úsáid an uisce inólta do na leithris, cithfholcadáin agus d'éadaí a ní agus gur chóir dúinn uisce an fhearthainn ó chórais bhailiú fearthainne a bheith fóirsteanach ina áit.'***

### 3.2.3.3 An tábhacht a bhaineann le tithíocht inmharthana le haghaidh forbairt na mbailte agus na gceantar tuaithe

Bhí cuid de na haighneachtaí seo bunaithe ar fhorbairtí tuaithe agus bailte araon agus is léir go bhfuil comhréim anseo leis an téarma maidir le buanna réigiúnacha a chothú. Léirigh na haighneachtaí an luach curtha ar bhac agus ar fhilleadh an neamairt, ag baint feidhm a foirgnimh folamh inár mbailte, agus chun tithe teaghlaigh inmhianaithe a fhorbairt, laistigh d'aonaid bailte agus miondíola reatha gar do na háiseanna agus tairbhí na cathrach. Tugadh moltaí i bhfoirm inmhianaitheacht maireachtála a fheabhsú i gceantair thuaithe agus an tábhacht bainte le pobail a fhorbairt, mar aon le rochtain ar áiseanna, mar shampla: clóis súgartha le tithe tógála nua, athchóirithe do theaghlaigh agus lánaí rothaíochta agus cosáin.

## Léargas an phobail:

**Rinneadh tagairt i gcuid de na haighneachtaí don nuálaíocht laistigh den tionscal tógála agus an gá chun feidhm a bhaint as teicneolaíocht reatha nó chun ábhair nua a fhorbairt le haghaidh forbairt na dtithe inmharthana.**

***'Taighde ag uathoibriú de theicneolaíocht tógála, innill a thógann / a chuidíonn le codanna struchtúir dá gcuid stuama féin (mar shampla tithe déanta as clódóireacht thríthoiseach). Chun tithíocht a thógáil níos gasta agus níos éifeachtúla.***

### 3.2.3.4 Ag foghlaim ó thíortha eile

Léirigh cuid de na haighneachtaí gur chóir d'Éirinn ceachtanna a fhoghlaim ó thaithí na dtíortha eile. Seo cuid de na moltaí áirithe tugtha isteach ag pobal na hÉireann: múnla na Sualainne maidir le hinfheisteoirí príobháideacha agus srian dhá bhliain maidir le ligean ar cíos; an múnla Danmhargach comhthithíochta;an polasaí'Street Votes',[5] curtha ar an fhód sa RA; agus ligean ar cíos fadtéarmach a normalú mar atá ar fáil go fairsing i dtíortha cosúil leis an Ghearmáin. Léirigh roinnt de na haighneachtaí go raibh barraíocht béime in Éirinn ar úinéireacht na dtithe agus nach ndreasaítear an ligean ar cíos ar bhonn fadtéarmacha. Léirigh cuid eile de na haighneachtaí an gá chun tuiscint níos doimhne a fháil ar na ceisteanna dá leithead sin, cosúil leis na príomhchonstaicí atá os comhair tithe nua a thógáil faoi láthair, mar an leis an ghéarghá chun guthanna na ndaoine atá ag fáil áiteanna ar cíos a chloisteáil, mar aon leo siúd a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht sóisialta srl. agus an gá chun ábaltacht na n-údarás áitiúil a chuíchóiriú, chun dul i ngleic le ceisteanna an tsoláthair, agus chun foirne ildisciplíneacha a chruthú chun tacaíocht a thabhairt do thionóntaí.

5 https://policyexchange.org.uk/wp-content/uploads/Strong-Suburbs.pdf

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Tá pobal na hÉireann de thuairim go bhfuil inacmhainneacht agus inrochtaineacht na tithíochta ar cheann de na fadhbanna práinneacha a bhfuil againn agus iarrann siad ar an rialtas as idirghabháil a dhéanamh. Níl géarchéim na tithíochta ar fáil in Éirinn amháin, áfach, agus is ceist choimpléascach ar fad é. Aithnítear é mar cheist dhomhanda, go háirithe i gceantair uirbeacha. Is ionann tithíocht in Éirinn agus fócas ar litearthacht taighde ildisciplíneach a bhfuil ag fás de réir a chéile, ach níl aon chomhaontú lán i gceist le cúiseanna na géarchéime nó ná réitigh féideartha a bhaineann leis, agus is cinnte go bhfuil obair bhreise de dhíth ar an ábhar. Cé go bhfuil treoir chun gnímh suntasach ann, tá gá mór ag an phobal taighde an ról féin a mhachnamh a fhad is gur féidir leo dul i ngleic leis an ghéarchéim níos fearr.

1 Cur chuige náisiúnta comhordaithe a chumadh maidir le taighde a mhaoiniú ar chúrsaí tithíochta chun aghaidh a thabhairt ar éileamh an phobail maidir leis an ról tábhachtach atá ann chun réitigh a aithint agus an cur chun feidhme a luasghéarú agus a mheas. Cé go bhfuil cuid de na maoinithe taighde in Éirinn ag dul in adharca le chéile leis an tithíocht, lena n-áirítear comhoibriú le maoinithe idirnáisiúnta, tá comhoibriú breise de dhíth. Tá féidearthachtaí ann chun rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara tríd an pholasaí Tithíocht do Chách [6] atá ina bplean bliantúil de na billiúin euro go dtí 2030, chun córas tithíochta na hÉireann a fheabhsú agus chun tithe breise a sheachadadh do dhaoine le riachtanais tithíochta ar leith acu.

2 Aghaidh a thabhairt ar thaighde breise maidir le tithe an todhchaí, lena n-áirítear réitigh thithíochta agus ábhair nuálaíochta agus inmharthana a bhaint athearraíocht as agus a fhorbairt. Is é samplaí de thionscadail seo a imreoidh ról sa taighde seo ná: An tAcadamh Digiteach le haghaidh Timpeallacht Thógtha Inmharthana[7] agus an tionscadal Tógthadigiteach. [8]

3 Cinnte a dhéanamh go gcuirfear an taighde le forbairt na bpolasaithe, mar aon le dea-chleachtas idirnáisiúnta, agus go measfaidh an taighde sin cur i bhfeidhm na bpolasaithe, lena n-áirítear na héifeachtaí diúltacha ar ghrúpaí éagsúla sa tsochaí.

4 Plean cumarsáide agus rannpháirtíocht a fhorbairt leis an phobal ó thaobh ceist na tithíochta de, go háirithe castachtaí na faidhbe agus na réitigh féideartha a bhaineann leis, mar aon leis an ról ar féidir leis an taighde a imirt ina gcoinne.

5 Tá taighde eacnamaíoch breise maidir le comhthéacs na hÉireann de dhíth ar úinéireachtaí agus ar mhúnlaí ligean ar cíos.

6 https://www.gov.ie/en/campaigns/dfc50-housing-for-all/

7 https://dasbe.ie/

8 https://www.builddigitalproject.ie/

## 3.2.4 | Ag cosaint leas agus iontaobhas an phobail sa domhan digiteach

**Cé go raibh ceisteanna tras-earnálacha ann laistigh den téarma seo, bhí dhá príomhréimse ann agus achoimre déanta orthu i bhfoirm:**

1. **Éifeachtaí shláinte agus folláine na nochta dhigitigh**
2. **Teicneolaíochtaí digiteacha agus leas an phobail**

### 3.2.4.1 Éifeachtaí shláinte agus folláine na nochta dhigitigh

Léirigh na haighneachtaí go raibh gá ann taighde a dhéanamh ar thionchar na húsáide teicneolaíochta agus cén dóigh ar féidir le seo dul in adharca le chéile leis an tsláinte iomlán agus leis an fholláine shíceolaíoch

Léiríodh príomhthéamaí sna haighneachtaí maidir le taighde beartaithe ar an tionchar atá ag gléasanna/scáileáin leictreacha, ardáin na meáin sóisialta agus cluichíocht ar an tsaol laethúil leis an ghá chun éifeachtaí shláinte a thuiscint thar chohóirt úsáideora aoise éagsúla, go háirithe daoine óga.

**Léargas an phobail:**

Cé gur thug an pobal spotsolas ar na féidearthachtaí maidir le teicneolaíochtaí digiteacha, bhí fócas suntasach ar na dúshláin, mar shampla bréagnuacht, tionchar na meáin sóisialta ar an mheabhairshláinte, sláinte na súile agus forbairt óige. Bhí scileanna a fhorbairt mar chuid den chóras oideachais chun tosaigh agus lárnach trína téamaí éagsúla, mar aon le cuimsiú sóisialta. Is é bealach amháin chun dul i ngleic le seo ná fócas a dhíriú ar shaorlimistéir dhigiteacha agus ar amanna.

*'Saorlimistéir digiteacha - gan ríomhairí glúine ná gutháin ar bith! Idirghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí neamhdhigiteacha amháin. Más rud é go bhfuil an meitivéarsa le teacht lán ar an fhód, agus go bhfuil tuismitheoirí óga buartha faoina gcuid páistí ag forbairt a scileanna boga mar gheall ar COVID-19, caithfear machnamh breise a dhéanamh.'*

Go háirithe, léirigh na haighneachtaí go raibh gá roimh chúrsaí taighde breise ar fhorbairt cognaíochta agus ar mheabhairshláinte agus ar éifeachtaí folláine de theicneolaíochtaí ar pháistí óga agus úsáid na meáin sóisialta san óigeantacht agus san aosacht luath. D'aithin na haighneachtaí chomh maith an gá chun taighde a dhéanamh ar thionchar an chianobair agus an obair hibrideach ar shaol na dteaghlach agus folláine na n-oibrithe, mar aon leis an dóigh a ndeachaigh an t-aistriú go gléasanna digiteacha agus seirbhísí i bhfeidhm ar dhaoine fásta. Sa chomhthéacs seo, thug cuid de na haighneachtaí seo drochthionchair maidir leis an deighilt dhigiteach faoi deara, mar tá sé sin bainte go háirithe leis an daonra aosta, mar aon le teaghlaigh a bhfuil ar ioncam íseal.

Clúdaítear an méid seo a leanas leis na haighneachtaí seo agus fócas orthu ar na meáin sóisialta: úsáidí dearfacha, cosúil leis na meáin sóisialta a úsáid mar mheán le haghaidh cuimsiú sóisialta trí rannpháirtíocht an phobail agus cumarsáid nó eolas don leas sochaíoch trí líonraí aistriú eolais nó chun tuiscint níos fearr a fháil ar na rudaí a dhéanann taighdeoirí. Bhí roinnt acu eile ag díriú ar dhrochthionchair, cosúil le íomhá choirp, cúrsaí andúile nó tromaíocht ar líne.

Rinne na haighneachtaí tagairt ar an ghá chun taighde a dhéanamh ar thionchar na n-ardán sóisialta (mar shampla, Facebook, TikTok agus Instagram). De ghnáth, cuireann na haipeanna seo leagan mionathraithe den fhírinne i láthair, agus tiocfaidh le drochmhothúcháin i bhfoirm eisiamh, imní, uaigneas agus ceisteanna mheabhairshláinte teacht chun tosaigh.

Chun seo a chúiteamh, cheistigh cuid de na haighneachtaí seo an dóigh ina dtiocfaidh linn oiliúint éifeachtach a chur ar fáil chun scileanna teicneolaíocha na ndaoine óga agus na ndaoine fásta a fheabhsú agus chun na huirlisí cuí a thabhairt do pháistí agus do thuismitheoirí araon a fhad is gur féidir leo dul i ngleic le riosca na bpáistí ar líne. Bhí aighneachtaí eile ag díriú ar an fhéidearthacht chun ardáin 'sábháilteachta' a fhorbairt, mar shampla: spás ar líne nó spás aipeanna druidte do dhaoine fásta, saor ó thurscar agus ó chalaois ina dtig le cuimsiú agus cuidiú pobail tarlú.  Bhreathnaigh roinnt aighneachtaí eile ar an cheist maidir le teicneolaíochtaí digiteacha fadbhunaithe, cosúil le hintleacht shaorga amach anseo, agus an mbeidh sin ina gcúnamh suntasach le haghaidh maireachtáil neamhspleách.

#### 3.2.4.2 Teicneolaíochtaí digiteacha agus leas an phobail

Clúdaítear príomhréimsí arna aithint ag na haighneachtaí cosúil le haontacht sóisialta agus an daonlathas lena n-áirítear mífhaisnéis agus bréagnuacht, craobhscaoileadh na n-ábhar gránna agus tionchar na meáin sóisialta ar an daonlathas, ar shaoirse sóisialta agus ar chúrsaí polaitíochta; deighiltí digiteacha trí rannpháirtíocht agus trí chuimsiú, go háirithe imeascadh na miongrúpaí, na ndaoine fásta agus na ndaoine faoi mhíchumas. Aithníodh na meáin sóisialta mar bhealach agus áit ina gcuirtear fearúlacht nimhneach, mar aon le pornagrafaíocht chrua agus ábhair ghnéasacha, agus an bhaint atá acu (nó locht cosanta) le hionsaithe gnéis agus cásanna dúnbhásúithe. Léiríodh ábhair imní níos doimhne a tháinig chun cinn ón domhan digiteach agus an gá chun cearta digiteacha na ndaoine a chur ar fáil do shaoránaigh i rith na haoise digití. Ba chúis imní iad na himpleachtaí a bhaineann leis rochtain (neamh)cothrom ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus inmhianaitheacht na heitice TFC a leabú sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim le haghaidh gach aoisghrúpa.

Bhí cuid mhaith de na haighneachtaí ar son maoirseacht agus rialachas níos fearr a dhéanamh ar na meáin sóisialta, mar aon le tuiscint níos fearr ar na himpleachtaí nua a dtagann chun cinn ó na teicneolaíochtaí éabhlóidithe i sochaí na hÉireann.

Clúdaítear coincheap an meitivéarsa agus tábhacht ríomhaireacht an chandaim agus an IS (le chéile, b'fhéidir) agus an gá ann gur chóir d'Éirinn aghaidh a thabhairt ar pholasaithe cuí. Chuir na haighneachtaí béim ar an tábhacht roimh staidéar a dhéanamh ar na hairgeadraí digiteacha, ar pholasaithe maidir le réamhaisnéisiú airgeadais, ar ról na gcriptea-airgeadraí agus ar theicneolaíochtaí blocshlabhra na heacnamaíochta domhanda chun na torthaí a bhaineann leo a mheas ó thaobh sochaí na hÉireann de.

I dtaca le cúrsaí idirghabhálacha agus oibre polasaithe, thacaigh cuid mhór de na haighneachtaí leis an ghá chun athruithe polasaithe féideartha a imscrúdú, mar aon le hidirghabhálacha oideachasúla a thabharfaidh feasacht níos fearr ar rioscaí agus buntáistí na teicneolaíochta digití araon isteach leo i gcohóirt éagsúla in Éirinn. In ainneoin na n-éifeachtaí dochracha féideartha a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ar cheisteanna sláinte, folláine agus sóisialta, bhí roinnt de na haighneachtaí eile á iarraidh tuiscint bhreise agus bunachar fianaise ardaithe ar na ceisteanna chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt na réitigh féideartha, ó tharla nach féidir teicneolaíocht a sheachaint sa lá atá inniu ann.

**Léargas an phobail:**

Ba leathan ar fad iad na haighneachtaí sin arna tugadh i nGaeilge, mar shampla, ó spórt go cibeartromaíocht go truailliú na n-iasc. Dhírigh roinnt acu isteach ar an Ghaeilge féin:

*'Is gá taighde a dhéanamh ar thionchar na meáin (craolta agus clóite) ar an Ghaeilge. Taighde a dhéanamh ar chinntí i dtaobh craoladh nó foilsiú trí Ghaeilge nó trí Bhéarla agus tionchar na meáin idirnáisiúnta ar an Ghaeilge anseo. B'fhiú comparáid a dhéanamh go hidirnáisiúnta ar conas a dhéileálann tíortha eile ar an domhandú (tionchar cultúr Angla-Meireacánach) chun a theanga a chosaint. Caithfear taighde a dhéanamh ar thionchar na meáin (idir na meáin craolta agus na meáin clóite) maidir leis an Ghaeilge. Taighde ar chinntí chun rudaí a chraoladh nó a fhoilsiú trí Ghaeilge ná trí Bhéarla, mar aon leis an tionchar a bhí ag na meáin idirnáisiúnta ar an Ghaeilge, le cur anseo. B'fhiú comparáid a dhéanamh go hidirnáisiúnta ar conas a dhéileálann tíortha eile ar an domhandú (tionchar cultúr Angla-Meiriceánach) chun a theanga a chosaint.'*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Tá freagrachtaí ag Éirinn agus ról le himirt aici i ndíospóireachtaí faoi thodhchaí na meáin digití agus na meáin sóisialta toisc go bhfuil ceannáras Eorpach de chuid de na comhlachtaí móra teicneolaíochta lonnaithe anseo in Éirinn, agus, mar thoradh ar sin, tá Éire mar cheannasaí rialála de na comhlachtaí móra seo san Eoraip agus príomhóstach na hEorpa maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach. Tá moltaí nuálacha le haghaidh múnlaí d'fhéinrialú agus cuntasacht anseo in Éirinn; agus an pobal ag lorg go gcuirfear i bhfeidhm iad mar aon le maoirseacht níos fearr de na meáin sóisialta. Tá taighdeoirí na hÉireann ag tabhairt aghaidh ar na múnlaí seo agus ag cur béim ar raon mór de cheisteanna a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach, lena n-áirítear na cinn sin a tháinig chun cinn ó na haighneachtaí. Tá bunchloch láidir de thaighde déanta sa réimse seo (anseo agus ar bhonn idirnáisiúnta), lena n-áirítear bealaí chun spásanna digiteacha a rialú, chun ábhar díobhálacha a aimsiú, agus na fachtóirí a dtéann i bhfeidhm ar iompar ar líne, creidimh, agus impleachtaí an daonlathais. I gcás taighde an bhréageolais, aistríodh léargasanna taighde ón fhealsúnacht go dtí cluichí ar líne saor in aisce a dtiocfadh a bheith in úsáid sa tseomra ranga chun litearthacht na meáin a theagasc. Tá taighde déanta i gcomhar le grúpaí atá ar thaobh na n-íospartach maidir leis an chaint ghránach a fhad is go gcluintear a nguthanna agus go gcuirtear le moltaí beartaithe.

1 Cuir leas an phobal in ord tosaíochta i dtaca le teicneolaíochtaí digiteacha a dhearadh agus a rialú. Tá gá ann taighde a dhéanamh ar thionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na meáin sóisialta chun cuidiú leis forbairt agus measúnú na bpolasaithe. Tá gá ann chomh maith comhoibriú an chórais leathain a fheabhsú a fhad is go n-imreofar ról laistigh den téama a théann níos faide ná na taighdeoirí agus lucht déanta polasaithe, mar shampla leabharlannaithe agus fiontair.

2 Rannpháirtíocht rialta a dhéanamh leis an phobal ar an taighde reatha agus torthaí an taighde sin ag brath ar nádúr dinimiciúil an domhain dhigitigh.

3 Tá béim de dhíth ar bhuntáistí agus ar shláinte fhadtéarmach na n-éileamh úsáideoirí maidir le teicneolaíocht dhigiteach toisc ar an ré dhigiteach a bhfuil cónaí orainn anois; ní mór do staidéir thaighde fadama a dhéanamh anseo. D'aithin an pobal an rochtain dhigiteach, an cumasú agus an beart coimirce (mar shampla, ceantair thuaithe, seandaoine agus an t-aos óg) mar phríomhréimsí.

4 Teicneolaíochta digiteacha a úsáid sa daonlathas agus sa chinnteoireacht. Tá an pobal ag dúil le bheith páirteach sa cheapadh polasaí agus bearta ach caithfear taighde a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar/rialú na cinnteoireachta uathoibríche de dheasca na bogearraí agus an poitéinseal do thorthaí diúltacha a shárú sula gcuirfear i bhfeidhm iad.

5 Taighde ardchaighdeáin (m.sh., sampla ollmhór, dearadh fadama, bearta cuspóireacha d'úsáid deartha, bunaithe ar an idirghabháil) a chur chun cinn chun na rioscaí agus buntáistí síceasóisialta láithreacha agus fadtéarmacha a thuiscint maidir le teicneolaíochtaí digiteacha, toisc ar uileláithreacht na húsáide le gutháin chliste agus scáileáin dhigiteacha in Éirinn. Is ionann éifeachtaí a thagann le ham caite ar scáileáin agus ar na meáin sóisialta agus príomhghnéithe an mheabhairshláinte agus folláine pléite i mbéal an phobail go mór faoi láthair. Léiríonn bearta staidéir le samplaí ollmhóra agus le modhanna láidir (mar shampla, tuartha réamhchláraithe, modhanna múnlaithe a chur le chéile) go bhfuil ceangail laga i gceist idir úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus cúrsaí mheabhairshláinte agus folláine. Cuireadh béim ar éifeachtaí síceasóisialta a bhaineann le ham caite ar chineálacha áirithe d'aipeanna agus de ghléasanna, agus na cineálacha ábhar ina gcuirtear na súile orthu, mar threo den taighde sa réimse seo.

## 3.2.5 | Ag feabhsú na mbeartas mar aon leis an chóras pholaitiúil

**Laistigh de na haighneachtaí bhí tagairtí díreacha agus indíreacha araon don pholaitíocht agus don cheapadh beartas. Laistigh den téama seo, is féidir na haighneachtaí a aicmiú faoi dhá príomhréimse ar fad:**

1 Próiseas na bpolasaithe

2 Córas na polaitíochta agus an t-athchóiriú a bhaineann leis

### 3.2.5.1 Próiseas na bpolasaithe

Bhí topaic iomráiteach taighde ann i bhfoirm dea-chleachtais idirnáisiúnta a aithint maidir le feidhmíocht an phróisis polasaithe, go háirithe an dóigh chun tréimhsí ionchasacha fadtéarmacha leis an cheapadh beartas. Dhírigh cuid mhaith de na haighneachtaí isteach ar thograí beartais (cuirtear aghaidh ar roinnt acu laistigh den tuairisc seo), lena n-áirítear: soláthar gan smaoineamh na tithíochta dóibh siúd a bhfuil faoi mhíchumas; am taistil/comaitéireachta mar am/costas inbhilleáilte; ardchostais na ngearán bainte le hárachas; buntáistí an chúraim páistí tugtha ag an stát; ardchostais na lóistíní ar cíos. Clúdaítear roinnt téamaí agus ceisteanna eile sna haighneachtaí, i bhfoirm: an féidir le criptea-airgeadra a bheith ina leas d'Éirinn; baic éifeachtacha in éadan na tiomána contúirtí; tionchar na teicneolaíochta blocshlabhra ar an daonlathas; polasaithe cánachais an stáit a ina n-éascófar an chianobair; bealaí nua chun rath a mheas in áit olltáirgeacht intíre (GDP) (mar shampla, taitneamh na ndaoine ina gcuid saolta); taighde a dhéanamh ar an phlean gnímh éigeandála maidir le sceimhlitheoireacht; taighde a dhéanamh ar impleachtaí airgeadais maidir le trádáil a dhéanamh le stáit bhradacha a dhiúltú.

### Léargas an phobail:

Feiceann an pobal féidearthachtaí maidir le bheith páirteach san AE agus Béarla mar phríomhtheanga ag roinnt daoine; tá eolaíochtaí polaitiúla láidir in Éirinn mar aon le pobal taighde na bpolasaithe AE.

*'Is é an staid ar leith atá ag Éirinn ná a bheith san AE agus an Béarla teanga 'dúchais' inti. Agus an dóigh ar féidir le hÉirinn an staid sin a ardú le haghaidh feabhsú na tíre iomláine ach gan a bheith ag cloí leis an idé-eolaíocht neoliobrálach sin.'*

### 3.2.5.2 Córas na polaitíochta agus an t-athchóiriú a bhaineann leis

Bhí snáithe coitianta i gceist maidir le comhoiriúnacht na gcóras reachtaíocht agus riaracháin um rialachas. Bhí éileamh ann chun an pharlaimint a laghdú agus fáil réidh leis an tSeanad, chun an córas toghchánach a athrú, le díriú isteach ar chorbadh na polaitíochta agus chun soiléireacht ardaithe a fháil maidir le leithdháileadh na gcistí agus na seirbhísí poiblí. Chuir roinnt de na hiontrálacha an gá chun tosaigh maidir le rannpháirtíocht feabhsaithe idir lucht déanta polasaithe agus saoránaigh (lena n-áirítear trí thionóil na saoránach - tá Éire ina ceannasaí domhanda maidir le seo cheana féin). Iarradh ar thaighde a dhéanamh ar théamaí áirithe a bhaineann leis an phróiseas pholaitiúil chomh maith. Clúdaítear an smaointeoireacht agus an phleanáil fhadtéarmach a théann níos faide anonn ná an chéad timthriall toghcháin eile. Bhí suim ann chomh maith leis an smaoineamh chun ár bpróisis dhaonlathacha a dhigitiú (mar shampla an córas ríomhvótála a bhí in úsáid san Eastóin); an fhéidearthacht maidir le buiséadú rannpháirtíoch in Éirinn; agus ar chóir do thionóil na seandaoine a chur le chéile chun cúrsaí daonlathais a fheabhsú.

Le linn na n-aighneachtaí, tugadh roinnt féidearthachtaí a bhfuil leithleach d'Éireann amháin faoinár mbráid. Lena n-áirítear an fhéidearthacht chun leas a bhaint as staid na hÉireann mar cheannasaí domhanda maidir le húsáid na mbeartas rannpháirtíoch machnamhacha le cur le díospóireachtaí a bhaineann le hathchóiriú bunreachtúil agus polasaithe, agus staid leithleach na hÉireann sa domhan mar iarchoilíneacht neodrach, le fianaise againn i gcúrsaí cúnaimh idirnáisiúnta srl. a chur chun cinn. Thug aighneachtaí eile faoi bhráid go bhfuil féidearthacht ann chun rochtain ar mhaoiniú sna heolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla a fheabhsú.

### Léargas an phobail:

Bhí treoir chun gnímh láidir ann ón phobal le dul i ngleic le ceapadh beartas ar bhonn fianaise in Éirinn ag leibhéil áitiúil agus náisiúnta araon agus chun meicníochtaí a bhunú chun seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

*'Ceapaim gur chóir don rialtas idirghníomhú breise a dhéanamh le cúrsaí taighde maidir le feabhas a chur ar pholasaithe agus rialachas chomh maith. Ba chóir roinn a bhunú chun taighde a úsáid le haghaidh na tíre í féin a rialú.*

*'Cuimsiú feabhsaithe na heolaíochta maidir leis an cheapadh beartas ar bhonn fianaise, mar shampla comhoibriú breise le heolaithe agus eolaithe breise ag obair sa tseirbhís phoiblí.'*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Tá taighde nach beag déanta (agus bhí le breis agus deich mbliana anuas) ar an chóras pholaitiúil in Éirinn, na bagairtí a bhaineann leis, mar aon leis a athchóiriú. Ag am ina bhfuil an daonlathas faoi bhagairt, ní iontas é go bhfuil an córas polaitiúil chun tosaigh go mór agus atá sna haighneachtaí. Tugadh faoi deara, áfach, go raibh bearna i gcuid de na haighneachtaí maidir le tuiscint an phróisis polaitíochta agus na feidhmeanna atá aige in Éirinn, nó cad a mbainfear amach trí na hathchóirithe, arna iarraidh ag an phobal, a chur i bhfeidhm.

Lena chois sin, bhí roinnt de na hiontrálacha ag díriú isteach ar chúrsaí an chorbtha i bpolaitíocht an lae inniu, cé go bhfuil Éire ag dul go maith ar an taobh sin, ag amharc ar chaighdeáin idirnáisiúnta fiú. Mar sin, agus mar a aithníodh trí staidéar an iompair thoghchánaigh, tagann téama an chorbtha chun cinn go mór sna díospóireachtaí maidir le hathruithe polaitiúla (chan ó pholaiteoirí pobalacha ón fíor-chlé nó ón fíor-dheis), agus, sin an fáth nach raibh iontas ann a leithead de seo a fheiceáil mar théama féin.

1 Bealaí a fhorbairt chun smaointeoireacht agus pleanáil fhadtéarmach, a théann níos faide anonn ná an chéad timthriall toghcháin eile, a chur i gcrích. Tá féidearthachtaí ann chun foghlaim ó dhea-chleachtais idirnáisiúnta cosúil le coiste parlaiminteach na Fionlainne don todhchaí[9] agus an obair amach anseo corpraithe le clár oibre an Phríomh-aire.[10]

2 Leas a bhaint as staid na hÉireann mar cheannasaí domhanda maidir le húsáid na mbeartas rannpháirtíoch machnamhacha le cur le díospóireachtaí a bhaineann le hathchóiriú bunreachtúil agus polasaithe.

3 Machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun pobal na hÉireann a chur ar an eolas faoi chúrsaí polaitíochta agus faoi phróiseas na polaitíochta in Éirinn a fhad is go mbeidh páirt níos mó ag an phobal sa phróiseas ceaptha beartas.

4 Cinnte a dhéanamh go bhfuil fianaise ar bhonn taighde leabaithe i bhforbairt na bpolasaithe ar leibhéil áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta in Éirinn.

9 https://www.eduskunta.fi/EN/valiokunnat/tulevaisuusvaliokunta/Pages/default.aspx

10 https://vnk.fi/en/foresight

## 3.2.6 Ag cur comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú chun cinn in Éirinn

Tagraíodh raon de thopaicí sna haighneachtaí agus leagadh fís shoiléir na hÉireann amach mar shochaí i bhfad níos cuimsí ina bhféadfar le gach uile dhuine a bheith faoi bhláth. Cuirtear béim ar thuairim an phobail maidir leis an fhéidearthacht roimh thaighde agus roimh fhéidearthachtaí a fháil do shochaí chuimsitheach le comhionannas agus cearta do chách.

Bhí téamaí ginearálta de chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú go mór chun tosaigh sna haighneachtaí, agus iad ag ardú na tábhachta a chuireann an pobal ar an cheist seo.

Ar a bharr sin, bhí na gnéithe inghearrthacha de chúinsí neamh-chomhionannais,eacnamaíocha, oideachasúla, inscne, eitneacha, aoise agus eile chun tosaigh sna haighneachtaí. Thairis sin, cuireadh béim ar an ghá chun neamh-chomhionannas eacnamaíoch a shárú mar aon le gnéithe sochaíocha cruthaithe ag an neamh-chomhionannas seo.

**Is iad seo a leanas na ceithre príomhréimse de na haighneachtaí:**

1. **Daoine a bhfuil sainriachtanais acu agus a bhfuil faoi mhíchumas**
2. **Comhionannas**
3. **Ilchultúrthacht**
4. **Cuimsiú sóisialta**

### 3.2.6.1 Daoine a bhfuil sainriachtanais acu agus a bhfuil faoi mhíchumas

Bhí géarghá ann chun sochaí i bhfad níos cuimsí a thógáil do dhaoine a bhfuil sainriachtanas acu agus a bhfuil faoi mhíchumas, go háirithe ar bhonn laethúil, ag díriú ar cheisteanna praiticiúla mar shampla iompar, rochtain ar obair, cultúr agus oideachas. Dhírigh aighneacht amháin ar thorthaí an mhargaidh saothair do dhaoine faoi mhíchumas.

### 3.2.6.2 Comhionannas

Tagraítear inscne, aicmí agus grúpaí imirceacha sna réimsí seo, mar aon leis an lucht taistil agus teifigh. Tháinig claontacht na seandaoine agus fadhbanna eisiata chun cinn.

## Léargas an phobail

Bhí snáithe ann ó na haighneachtaí i bhfoirm 'Éire níos cuimsitheach a chruthú'. Is féidir achoimre de chuid de na réimsí agus aighneachtaí áirithe laistigh den téama seo a fheiceáil thíos faoi:

- Ioncam Bunúsach Uilíoch
- An deighilt idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe
- Cinntithigh shóisialta den sláinte agus de rochtain ar shláinte agus ar chúram sóisialta
- Éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun tosaigh sa chinnteoireacht, go háirithe leis an cheapadh bearta agus forbairt réigiúnach
- Neamhionannas oideachais
- Tionchar an neamhionannais ioncaim nasctha le táscairí an fholláine
- Claontacht inscne (pá, poist, leigheas, oideachas, spórt)
- An tAoiseachas agus mná
- Deighilt na n-aicmí ar ghairmeacha
- Poitéinseal na ndaoine a bhfuil níos mó ná 60 bliain d'aois trí lionsa rannpháirtíochta
- Caighdeán na beatha do dhaoine faoi mhíchumas fadtéarmach
- Tionchar Covid-19 ar an neamhionannas
- Cén fáth go bhfuil guthanna bána as an mheánaicme le cloisteáil amháin i gcúrsaí acadúla/taighde?
- Na bealaí a bhíonn mná, nach bhfuil páistí acu, in ann sochaí lárnach ar pháistí a shárú
- Taighde ar thíreolaíocht na ndaoine aiteacha - cad é mar atá daoine LADT+ ag dul i sochaí na hÉireann faoi láthair tar éis an chomhionannais pósta.

Tá ábhair imní ag daoine chomh maith maidir le cailíní ag titim amach ó chúrsaí spóirt agus gníomhaíocht choirp, lena chois na himpleachtaí sláinte a bhaineann lena leithead, agus faoi iompar bagrach na mbuachaillí agus na bhfear roimh chailíní agus mná, chomh maith leis an minicíocht a bhaineann buachaillí agus fir a bhrúigh siad iad féin ar chailíní agus mná leochaileacha a bhfuil litearthacht airgeadais nó digiteach acu.

## Léargas an phobail:

Bhí géarghá ann chun sochaí níos cuimsí a thógáil anseo in Éirinn. Tá clú agus cáil láidir ag Éirinn san earnáil turasóireachta, agus braitheann cuid cearn den tsochaí ar an earnáil seo atá fós ag téarnamh ón phaindéim COVID-19.

*'Pacáistí turasóireachta áirithe do thurasóirí faoi mhíchumas a chur chun cinn. Clúdaítear tacaíochtaí suntasacha do sheirbhísí na dturasóirí sna haighneachtaí seo agus dhírigh siad ar chláir mhargaíochta sna tíortha móra le rá fud fad an domhan, agus dul chun cinn suntasacha do sheirbhísí lónadóireachta do dhaonraí faoi mhíchumas i bhfeidhm acu cheana féin. Féadfar méadú de 10-15% breise a bheith i gceist leis an mhargadh nideoige seo.'*

Moltar taighde a dhéanamh ar chaighdeáin nua do gach cineál meáin in Éirinn chun normalú na ndearcthaí agus na n-iompraíochtaí dochracha maidir le foréigean, gnéasacht agus eascainí. De réir na haighneachtaí, tá réiteach na ceiste seo maidir le neamh-chomhionannas nasctha leis an ghá chun daoine a chur ar an oiliúint faoin toilleadh a bhfuil againn chun dochar a dhéanamh dóibh siúd a thagann ó ghrúpaí 'eile' ná 'mionlach'. Moltar taighde dírithe ar bhealaí a aimsiú chun lucht iarrtha tearmainn a chomhtháthú i sochaí na hÉireann. I gcomhthéacs an chomhionannais inscne, cuireann na haighneachtaí síos ar fhadhb fhuath ar na mná agus smacht na bhfear bán den mheánaicme maidir le tús áite sochaíoch a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear túis áite taighde) in éadan na héagsúlachta agus na ceannasaíochta baininne

### 3.2.6.3 Ilchultúrthacht

I dteannta na hábhair imní faoi chomhionannas, bíonn claonadh praiticiúil ag roinnt de na haighneachtaí faoin Ilchultúrachas agus dhírigh siad ar phobail agus spásanna cuimsitheacha a chumadh. Folaítear leis na ceisteanna sin bealaí chun éagsúlacht cultúrtha i mbailte na hÉireann a spreagadh, na róil a bheas le himirt ag leabharlanna poiblí maidir leis an fhás cultúrtha trí rannpháirtíocht a dhéanamh le daoine óga, agus na féidearthachtaí a bhaineann le hionaid cultúrtha ó thaobh forbairtí na mbailte agus na bpobal de. Moltar cuimsiú na dteangacha eile ar chomharthaí sráide de dheasca léiriú na sochaí ilchultúrtha.

### 3.2.6.4 Cuimsiú sóisialta

Ritheann dúshláin an chuimsithe sóisialta le dlús daonra íseal (mar shampla, an iargúltacht nó easpa áiseanna sóisialta agus cúram sláinte). De réir na haighneachtaí, tig le taighde eagraíochtúil cúrsaí seachadta feabhsaithe a éascú sna cásanna seo, go háirithe chun teacht slán le riachtanais na ngrúpaí éagsúla, mar shampla, cleachtais nuálacha i gceantair thuaithe agus san fheirmeoireacht, go háirithe maidir le ceisteanna na hinbhuanaitheachta timpeallachta; róil na mná maidir le nuálaíocht pobail talmhaíochta agus tuaithe; róil na n-imirceach i gceantair thuaithe (lena n-áirítear a n-ionchur chuig an tsochaí agus an todhchaí thuaithe, mar aon le braistint chómhuintearais s'acu); féidearthachtaí na ndaoine óga faoin tuath a thabhairt faoi deara; na seandaoine; agus chun dul i ngleic le ceisteanna na hiargúltachta agus an choimhthís.

Clúdaítear cuid mhór téamaí eile leis na haighneachtaí seo atá dírithe ar an chuimsiú, go háirithe an t-oideachas agus an tsláinte. Maidir le cuimsiú agus oideachas, tugadh aird ar cheisteanna na litearthachta agus na huimhearthachta, lena n-áirítear an litearthacht dhigiteach. Ina dteannta sin, ardaíodh ceisteanna an chomhionannais laistigh den ardoideachas. Ardaíodh ceisteanna áirithe eile i bhfoirm táillí na mac léinn agus acmhainneacht na ndeontas tríú leibhéal, soláthar an iompair ó agus go dtí na hinstitiúidí oideachais, inacmhainneacht na tithíochta do mhic léinn agus easpa tacaíochtaí do dhaoine óga néaréagsúlachta. I dtéarmaí cuimsiú agus sláinte, mar atá sonraithe sa chuid sláinte, bhí rochtain chothrom ar chúrsaí sláinte agus ar chúram sóisialta go mór chun tosaigh sna haighneachtaí.

## Léargas an phobail:

Tugadh faoi bhráid sna haighneachtaí go dtuigtear go bhfuil reachtaíocht le cur ar chumas chun dul i ngleic leis an bhearna phá idir na fir agus na mná, beidh taighde breise de dhíth chun na bearta seo a mheas mar is ceart.

*'Chomh luath agus a gcuirfear an Bille um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2019, beidh ar gach fostóir a bhfuil líon na ndaoine áirithe fostaithe acu, difríochtaí pá idir na fostaithe baineann agus fireann a fhoilsiú, mar aon le gach uile bhónas airgid. Tá taighde de dhíth chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an tionscnaimh reachtaíochta seo, chun cleachtais fostóirí a mheas agus chun bearnaí phá idir inscní a mheasúnú ar ghairmeacha ar fad.*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Is léir ó na haighneachtaí thar chuid mhór de na téamaí seo go bhfuil an pobal ag lorg tír a bhfuil níos cothroime agus níos cuimsithí. Mar atá le feiceáil ón téama pobal luachmhar nasctha agus ó na hathruithe sochaíocha curtha i bhfeidhm in Éirinn trí reifrinn go dtí seo, mar shampla: comhionannas pósta. Is cinnte go bhfuil taithí mhaith ag Éirinn maidir leis an bheart seo ach caithfear é a thógáil chun í a chur ar bharr an dréimire roimh chuairteoirí agus mar thír chónaithe is cuimsithí. Tá ról déach ag cúrsaí taighde sa chás seo, chun díriú ar réitigh a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas a fhad is go n-ardófar ionchuimsitheacht na tíre, agus chun ionchuimsitheacht an taighde déanta in Éirinn chomh maith.

1. Cuir forbairt na hacmhainne náisiúnta le haghaidh taighde cuimsitheach in ord tosaíochta, ag cloí le dea-chleachtais, chun an pobal a chur ar an eolas faoi chláir rannpháirtíochta eile amach anseo.
2. Smaoinigh ar na rudaí atá le déanamh a fhad is go seasfaidh an cuimsitheacht in Éirinn an aimsir. Ba chóir do thaighdeoirí agus lucht déanta polasaithe a bheith páirteach ann. Is iad seo a leanas cuid de na cohóirt agus réimsí arna thugadh isteach ag an phobal:
    - Cuir forbairt na hacmhainne náisiúnta le haghaidh taighde cuimsitheach in ord tosaíochta, ag cloí le dea-chleachtais, chun an pobal a chur ar an eolas faoi chláir rannpháirtíochta eile amach anseo.
    - Próiseas cinnteoireachta níos cuimsithí le héagsúlacht de pheirspictíochtaí
    - Ceist na hinscne ó thaobh staidéar an taighde de. Le trí bliana anuas , tá dul chun cinn suntasach déanta i dtreo ionadaíochta feabhsaithe de mhná i dtrialacha cliniciúla, cé go bhfuil obair le déanamh anseo laistigh de réimsí leighis áirithe.[11]

11 https://jamanetwork.com/journals/jamanetworkopen/fullarticle/2781192

## 3.2.7 | Ag cothú uchtaigh réigiúnacha

Bhí roinnt smaointe ag an phobal i dtaca lena gceantair réigiúnacha agus áitiúla a neartú chun caighdeáin na beatha níos fearr a chur iontu.

**Is féidir na haighneachtaí ón téama seo a aicmiú i dtrí réimse leathan:**

1. **Rialachas**
2. **Pleanáil**
3. **Forbairt réigiúnach inmharthana**

Dhírigh cuid de na haighneachtaí seo ar cheantair uirbeacha agus/nó tuaithe agus tá cúpla forluí i gceist ina measc.

### 3.2.7.1 Rialachas

Dhírigh na haighneachtaí sa chatagóir seo isteach ar an cheist faoi chomhairlí contaetha agus an bhfuil siad in ann bailte a rialú go oiriúnach, chomh maith leis an cheist faoin ghá chun struchtúir nua a bhunú i bhfoirm comhairlí rialaithe nó an féidir linn bealaí nua a chruthú a mheallfaidh rannpháirtíocht agus comhoibriú breise na saoránach. Bhí ceisteanna ag plé ról an AE i mbailte na hÉireann.

### 3.2.7.2 Pleanáil

Ardaíodh ceist faoi phleanáil níos comheagraithe a chur i bhfeidhm le dul i ngleic le ceisteanna dá leithead cosc a chur ar an tógáil bhreise i limistéir atá i mbaol ó leibhéil mhara atá ag ardú de réir a chéile, athnuachan agus athúsáid na bhfoirgneamh tréigthe, mar aon le cathracha 15 nóiméad. Bhí roinnt aighneachtaí eile ag iarraidh taighde a dhéanamh ar an fhéidearthacht maidir le cathair nua a thógáil, chun brú a bhaint ó cheantar Bhaile átha Cliath, agus an chathair sin a thosú le leathanach bán. Le sin ráite, níor aontaigh gach uile dhuine leis an smaoineamh seo. De réir na daoine sin, ba chóir an fócas a chur ar bailte reatha in áit cathracha nua.

Bhí ceisteanna ann maidir le taighde ar chathracha 'Cliste' (teicneolaíocht chumasaithe) chun pobail éagsúla an oileáin a thacú. Iarradh ar thascfhórsa tuaithe i gcuid de na haighneachtaí, agus gur chóir do bhaill an tascfhórsa seo teacht ó agus a bheith eolas ar cheantair thuaithe. Bhí éileamh ann chun taighde a dhéanamh a fhad is go bhfeabhsófar an tír le bheith níos fearr don chónaitheoir don oibrí agus don chuairteoir, mar shampla struchtúir a fhorbairt bunaithe ar bhealaí rothaíochta i gceantair thuaithe agus uirbeacha araon agus bunaithe ar an tsábháilteacht; chomh maith le leathadh na comharthaíochta tírdhreacha cultúrtha inár bpáirceanna náisiúnta; feabhas na rannpháirtíochta dár gcuid staire i bhfoirm thaighde a dhéanamh ar sheaneaglaisí, seantúir agus sheanliosanna, beart a nascfar staidéar na timpeallachta, na healaíona agus turasóireacht le chéile.

### 3.2.7.3 Forbairt réigiúnach inmharthana:

Is minic go scoiltear braistintí na bhféidearthachtaí eacnamaíoch agus an fhorbairt féin amach óna chéile, go háirithe idir phobail uirbeacha agus tuaithe, agus ba lárnach é seo ó chuid de na haighneachtaí faighte. Clúdaíodh cúram sláinte, talmhaíocht, timpeallacht agus ídiú sna haighneachtaí, agus bhí tagairtí ann do réitigh pearsanta agus áitiúla a dtéann i ngleic le riachtanais leathan pearsanta nó áitiúla, agus féadfar seo a bheith níos éifeachtaí ná réitigh ginearálta in amanna. Bhí roinnt eile de na haighneachtaí ag lorg 'glasú' a dhéanamh ar fhoirgneamh na cathracha agus na mbailte; ballaí glasa, gairdíní ar na díonta, brící a bhfuil a n-aghaidheanna ó dheas (le poil iontu do bhoscaí na mbeach, na n-ialtóg agus na n-éan), soilsiú oráiste / dearg a bhfuil níos sábháilte d'ainmhithe oíche, mar aon le tuilleadh locháin agus bogaigh.

Bhí gá ann fosta le haghaidh taighde a dhéanamh ar bhealaí chun spásanna taobh istigh agus taobh amuigh na cathracha agus na gceantar tuaithe a fheabhsú. Tá an pobal ag súil go bhfeabhsófar na rudaí seo a leanas de dheasca na dtorthaí a bhaineann leis an chur i bhfeidhm seo: (i) an mheabhairshláinte, (ii) ciall na bpobal, (iii) féidearthachtaí sóisialta (go háirithe don duine uaigneach, don seanduine agus don déagóir), (iv) féidearthachtaí do ghníomhaíochtaí cultúrtha, (v) dearadh uirbeach a léiríonn meas d'éagsúlacht an phobail, (vi) an bhithéagsúlacht agus (vii) timpeallacht glan agus sábháilte

Féadfar na nithe seo a leanas a chur leis na tionscnaimh (inter alia): ag cur níos mó crainn dhúchasacha idir cheapacha beaga go dtí an tuath a athfhiáiniú ar scála mór; ag teagasc na daoine chun torthaí agus glasraí a fhás; úsáid níos leithne ar an adhmad mar ábhar tógála do thithíocht inmharthana. Léirigh an pobal an nasc idir crainn bhreise / áiteanna glasa agus meabhairshláinte feabhsaithe.

Léiríonn na haighneachtaí seo uaillmhian an phobail i dtaobh taighde agus comhoibriú breise idir an pobal, na páirtithe leasmhara agus na taighdeoirí fud fad na hÉireann ag díriú ar réigiúin agus áiteanna áitiúla le haghaidh cur chuige níos éifeachtaí agus níos comhtháite bunaithe ar riachtanais agus ar thosaíochtaí na bpobal a bhfuil cónaí orthu iontu. Is iad seo a leanas roinnt féidearthachtaí eile atá leithleach d'Éireann amháin: forbairt sainthréitheachta na mbailte Éireannacha, aois s'acu, cén dóigh ar dhearadh iad, gnéithe coitianta agus leithleacha (mar shampla bíonn tithe mhargaidh ag cuid acu, cearnóga / faichí ag cuid eile acu srl.), spreagadh na mbailte Éireannacha le bheith ina mbailte samplacha, ionaid tástála le haghaidh cúrsaí nuálaíochta maidir le hobair le comhlachtaí a bhfuil baint acu leis an fhuinneamh agus leis an tithíocht; mar aon le forbairt na gcathracha frith-thuilí agus bonneagar glais. Clúdaítear le seo, treoracha ó náisiúin atá i mbéal forbartha a imscrúdú faoi na bealaí ina bhfuil siad ag dearadh a gcuid cathracha agus an gá chun pleanáil atá á dtreorú ag an dearadh a aithint.

## Léargas an phobail:

Tá láidreachtaí ag Éirinn thar chuid de na hearnálacha seo ar fud na réigiúin, agus is tír bheag í Éire a bhfuil stair mhaith aici ó thaobh taighde, fiontair agus rialtas de. Bíonn gá ann chun na réamhinfheistíochtaí seo a chaipitliú agus chun tosaíochtaí scoite agus réitigh a aithint agus a chomhfhorbairt.

*'Díríonn Éire ar dhá réimse theicniúla: cógaisíocht/ biteicneolaíocht/ leigheasteicneolaíocht agus an ríomheolaíocht I gcás go gcumasófar an dá réimse seo le chéile i dtreo comhoibriú ar aon ghuth, tig le IS struchtúir na dúile nádúrtha de phróitéin agus d'einsím a shainiú, struchtúir lochtacha na ngalar a aimsiú, agus cóireálacha na máchailí sin a chumadh'.*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Tá an pobal á lorg cur chuige níos cuimsithí agus níos comhordaithe chun na réigiún seo a fhorbairt. Seasann Éire amach ó thíortha eile toisc go bhfuil struchtúr rialtais/riaracháin láraithe aici, agus an córas rialtais áitiúil is laige aici san Eoraip. Is ionann sé seo agus cúiseanna ar leith maidir le heaspa smaointeoireachta comhtháite ar an chlár oibre réigiúnach.

Cé go mbíonn cúrsaí pobail agus saoránaigh láidir i gceist i gceantair thuaithe, tá dúshláin rialachais ann go háirithe ó chealú na gcomhairlí baile. Tá obair ag dul ar aghaidh cheana féin idir an pobal acadúil, na páirtithe leasmhara agus na saoránaigh fud fad na tíre, ó 2019 a bhí ann, ag díriú ar athbheochan na mbailte Éireannacha, agus is follasach é an comhaontú le haghaidh athruithe sna haighneachtaí seo, agus ón obair dá leithead sin, mar shampla le teacht amach an Pholasaí 'Lár na mBailte ar dTús' (Clár don Rialtas) agus teacht chun cinn tionscnamh an rialtais 'Cónaí i Lár na mBailte'.

Ina theannta sin, glactar gurb ionann an fhorbairt eacnamaíoch agus beart deighilte idir cheantair uirbeacha agus tuaithe. Bíonn na dearcthaí seo fós i bhfeidhm in ainneoin teacht le chéile an dáilte ioncaim idir uirbeach agus tuaithe, go háirithe nuair a chuirtear costas maireachtála éagsúla i bhfeidhm. Ní mhúchann cúrsaí cianoibre agus an chomaitéireacht na treochtaí sin, ag éascú na torthaí ó chruinneagán agus ó chaighdeáin feabhsaithe na gceantar a bhfuil dlús níos ísle acu. Bíonn réitigh, áfach, agus taighde breise de dhíth mar aon le rannpháirtíocht le pobail uirbeacha agus tuaithe chomh maith.

1 Cuir giniúint agus cur i bhfeidhm an fhianaise agus an taighde breise le haghaidh forbairt réigiúnach éifeachtach in Éirinn. Bá chóir go n-imreoidh an taighde ról lárnach i gcúrsaí pleanála níos fearr, mar shampla, chun tuiscint feabhsaithe de thosaíochtaí an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a fhorbairt (mar shampla, tithíocht, bonneagar, nádúr), mar aon leis na dúshláin (mar shampla an t-athrú aeráide), agus na féidearthachtaí (ceangal digiteach) le haghaidh forbairt réigiúnach agus réitigh praiticiúla indéanta áitiúla a aithint.

2 Réitigh rialachais teicneolaíocha eagraíochtúil inmharthana cultúrtha a éascú le haghaidh cionroinnt na n-acmhainní éifeachtacha i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon trí thaighde breise a dhéanamh.

3 Faigh amach, trí thaighde, na bealaí is fearr chun spásanna taobh amuigh agus taobh istigh sna cathracha agus sna ceantair thuaithe a fheabhsú. Caithfear taighde ildisciplíneacha a éascú, a bhfuil páirt ag eolaithe sóisialta sa timpeallacht tógála, go háirithe agus tionscadail 'cathracha cliste'[12] ag teacht chun cinn sa chéim léirsithe.

4 Meas rannpháirtíocht pobail i dtionscnaimh chleachtais pobal maidir le gníomhú ar son na haeráide - ba chóir don taighde leibhéal na rannpháirtíochta a mheas, mar aon le cleachtais rathúla agus ionchuir na bpróiseas rannpháirtíochta pobal roimh fhreagairt na hÉireann, más rud é go bhfuil suim ar leith ag an phobal.

## 3.2.8 | Luach agus ceangal a chur leis an phobal

Bhí cuid de na haighneachtaí bainte leis an phobal. Is féidir an nós coitianta seo atá ag teacht chun cinn trína haighneachtaí seo a aicmiú leis an fhocal Ghaeilge *'Meitheal'* (daoine ag teacht le chéile chun cuidiú a thabhairt dá gcomharsana. Mar a léirítear sna haighneachtaí, tá láidreachtaí fadbhunaithe ag Éirinn mar aon le cultúr ollmhór bunaithe ar phobail, ar obair dheonach agus ar thacaíocht a thabhairt dá gcéile.

Bhí suim láidir le feiceáil sna haighneachtaí maidir le riachtanais shláintiúla, éagsúla, comhtháite agus éiceabhácha na bpobal, le béim áirithe ar an chine dhaonna, cúrsaí cineáltais agus lámha cuidithe a shíneadh i dtreo mionphobail, pobail na n-imirceach agus/nó pobail leochaileacha ar bhealach éifeachtach a bhfuil cruthaitheach agus praiticiúil.

Is iomaí réimse agus snáitheanna éagsúla a bhfuil pléite i rith na dtorthaí eile ó na haighneachtaí seo, mar shampla (ag dul in aois (stairsheanchas na ndaonraí ag dul in aois, meithleacha críonnachta); sláinte (moil phobail dóibh siúd a bhfuil galair ainsealacha acu); bia agus talmhaíocht (gluaiseacht bia an phobail); agus an Ghaeilge.

**Aicmíodh réimsí eile de na grúpaí éagsúla faoi na ceannteidil seo a leanas:**

1 **Cuimsiú**

2 **Comhtháthú**

### 3.2.8.1 Cuimsiú

Folaítear leis na haighneachtaí seo molta i dtaobh eagraíocht a bhunú chun daoine a bhfuil scileanna acu (go háirithe daoine ar scor) a cheangal leo siúd a bhfuil a leithead de dhíth; fócas ar thacaíochtaí chun tionscadail chomhoibritheacha a thógáil; féidearthachtaí don chuimsiú agus don ionadaíocht cultúrtha éagsúla sna meáin; stair agus scéalta a roinnt; pobail chuimsitheacha a thógáil ag úsáid an múnla 'Bailte Slachtmhara'; rannpháirtíocht phoiblí níos fearr in áiteanna cosúil le Baile Átha Cliath a thiocfadh a bheith níos sealadaí; ag cur córais iompair tráthnóna saor in aisce ar fáil' ag feabhsú meoin na nÉireannach a fhad is nach mbuailfear le daoine nua sa teach tábhairne amháin; cumasú digiteach do cheantair thuaithe; fócas ar áiseanna agus eagraíochtaí cultúrtha a fhorbairt a bhfuil in easnaimh i bpobail áitiúla an lae inniu, mar shampla iarsmalanna eolaíochta poiblí; spásanna ilinscne agus áiseanna na mban san áireamh.

Bhí roinnt iarratas le haghaidh taighde ildisciplíneacha a fhéadfar an timpeallacht uirbeach a fheabhsú mar aon le meabhairshláinte na saoránach, le fócas breá ar spásanna taobh amuigh a chumasú ina dtiocfadh leis an phobal iomlán tairbhe a bhaint as.

> ### Léargas an phobail:
>
> Trí na haighneachtaí ar fad bhí géarghá ann chun cultúr Éireannach na bpobal a thógáil trí leas a bhaint as cumhacht na ndaoine le haghaidh buntáistí sochaíocha agus cinnte a dhéanamh go dtabharfar na buanna seo ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile.
>
> *'Cén dóigh ina dtiocfadh linn saoránacht níos gníomhaí agus níos gafa a spreagadh, caithfear daoine a stiúradh ó smaoineamh 'an duine aonair' go dtí smaoineamh an 'pobal iomlán'.*
>
> *'Taighde a dhéanamh ar thionchar meonta na bpáistí roimh thacaíocht an phobail tar éis dóibh iarrachtaí deonacha déanta ag tuismitheoirí/ caomhnóirí, go háirithe i rith cásanna éigeandála cosúil le COVID-19'.*

### 3.2.8.2 Comhtháthú

Dhírigh na haighneachtaí seo ar chéimeanna chun comhtháthú na n-imirceach/ na dteifeach a fheabhsú (lena n-áirítear glaonna le haghaidh deireadh ar an tsoláthar díreach); forbairt na foinsí eolais ar chultúr na hÉireann d'imircigh nua; oiliúint teanga do ghardaí (go háirithe Polainnis), agus cuimsiú na dteangacha eile ar chomharthaí sráide.  Léiríonn na hiontrálacha seo an t-ábhar imní comhroinnte maidir le cosaint, cuimsiú agus comhtháthú níos fearr na mball poiblí. Ba iad na baill phoiblí is coitianta a tháinig chun cinn sna haighneachtaí ná: imircigh, teifigh, baill LADT+, seandaoine, tuismitheoirí úra, déagóirí, daoine faoi mhíchumas, agus an lucht taistil.

Folaítear léargasanna suimiúla sna haighneachtaí, agus roinnt acu mar fhéidearthachtaí leithleacha d'Éireann amháin.  Is ionann cuid de na féidearthachtaí sin agus patrúin na n-imirceach agus chun an éagsúlacht náisiúnta a fhás; machnamh ar róil na n-imirceach i gceantair thuaithe, lena n-áirítear a gcuid machnaimh leis an tsochaí thuaithe mar aon lena gcuid muintearais sa phobal.

Sa chomhthéacs seo, thug aighneacht amháin ceann de na féidearthachtaí leithleacha d'Éireann faoi deara i bhfoirm ár gceannasaíocht ar thaighde reatha ar Chathracha Cliste (ceangailte leis an teicneolaíocht) chun pobail éagsúla na hÉireann a thacú. Chuir roinnt aighneachtaí eile spotsolas ar fhéidearthachtaí chun fócas a dhéanamh ar chomhéadain timpeallachta-sochaíocha i ndáil do shláinte agus do thurasóireacht na bpobal, mar aon le gnéithe dírithe ar an phobal de chultúr na hÉireann mar atá faoi láthair.

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Is gnéithe mór le rá iad an cruinneas agus tábhacht an tsuímh maidir le cultúr polaitiúil na hÉireann atá fós beo sa lá atá inniu ann. Tá buntáiste againn cheana féin toisc go bhfuil líonraí dáiltí forbartha i bhfeidhm, mar aon le ceangail phobail láidir, agus gnéithe dírithe ar an phobal eile de chultúr na hÉireann (mar shampla, stair na tíre maidir le hairgead a thabhairt do charthanachtaí). Tá grá ag na hÉireannaigh ar áiteanna áitiúla mar aon le mothú láidir d'fhéiniúlacht acu agus meon sóisialta oscailte a chruthaíonn timpeallacht shaibhir a fhad is go mbeadh tionscnaimh áitiúla faoi bhláth. Mar a léiríonn na haighneachtaí, caithfear na gnéithe seo a thógáil agus a chur chun cinn, mar aon leis an ról a n-imreoidh an taighde ina measc.

1. Feabhsaigh na hiarrachtaí taighde reatha i dtaobh Cathracha Cliste agus bailte na hÉireann agus feidhm a bhaint as gnéithe dírithe ar an phobal de chultúr na hÉireann chun pobail éagsúla a thacú thar an oileán agus topaicí na dtéamaí eile a sheachadadh, mar shampla, cúrsaí iompair, inbhuanaitheachta, oideachais, cuimsithe sóisialta agus cúrsaí sláinte.
2. Modhanna nua a imscrúdú agus a fhorbairt de réir a chéile do chur chun cinn na Gaeilge mar theanga bheo agus an oidhreacht traidisiúnta a bhaineann léi.
3. Imscrúdú a dhéanamh ar agus feidhm a bhaint as na féidearthachtaí nasctha le patrúin na n-imirceach agus le héagsúlacht náisiúnta s'againn a fhás, mar shampla, sna pobail agus sna háiteanna oibre.


Tá muid tagtha
go deireadh ré
na flúirse agus
ag smaoinigh
ar rudaí
nua

### 3.2.9 | Ag daingniú gníomhú ar son na haeráide fud fad an tsochaí

Laistigh de na haighneachtaí, bhí glaoigh níos doimhne i gceist chun gníomhartha i dtaobh an t-aeráid a leabú fud fad an tsochaí, mar aon leis na téamaí ar fheirmeoireacht agus ar bhia, fuinneamh agus uisce agus iompar chomh maith. Bhí fócas láidir ar an gheilleagar chiorclach agus cúrsaí agus ar an athchúrsáil, mar aon le deireadh a chur le cleachtais neamhriachtanacha agus neamh-inbhuanaithe ar bhonn náisiúnta. Thug na haighneachtaí faoi deara gurb ionann dramhaíl bia agus dramhaíl pacáistíochta agus an fhadhb chéanna, in áit fadhb na bplaisteach/ fadhb an truaillithe mara. Bhí ábhar imní suntasach i gceist le ró-úsáid na bplaisteach agus, go háirithe, ró-úsáid na bplaisteach aonúsáide (go mór mór i bpacáistíocht na dtáirgí agus leigheas). Bhí spéis ceangailte ann i dtaobh snáithíní sintéiseacha agus dathanna in éadaí a bhaint agus a macasamhail níos fearr a chur ina n-ionad. Bhí roinnt de na haighneachtaí ag lorg taighde déanta ar mhodhanna malartacha níos fearr chun plaistigh a athchúrsáil / a íosghrádú (mar shampla miocróib, algaí, fungais a úsáid); ábhair athsholáthairtí d'fhoinsí áitiúla nua le haghaidh plaistigh; nanacháithníní a dhígrádaíonn féin sa timpeallacht nádúrtha; táirgí in-bhithmhillte nua i bhfoirm málaí cacanna madraí agus pacáistíocht bhialanna gasta; athsholáthairtí éifeachtacha neamhtocsaineacha, neamhghás ceaptha teasa, neamhdhíobhálacha don ózón in ionad gáis fluaracarbóin; gnéithe tógála inmharthana d'fhoinsí áitiúla agus d'fhuinneamh corpraithe íseal (adhmaid, cnáib, ceallalós srl.) le lasairmhoillitheach nach ndéanfaidh dochar don timpeallacht; spéis i bhforbairt na ndromchlaí bóithre agus na n-ábhar tógála trí dhramhaíl (mar shampla dramhaíl tógála athchúrsála, plaistigh); agus úsáid na gcóras rianaithe beo chun dramhaíl tógála a laghdú.

Is iad na príomhábhair imní an phobail, arna thugadh leis na haighneachtaí seo, ná gur chóir do chleachtais gnóthaí freagracha cuir le leibhéal níos ísle de phacáistíocht; chun an athchúrsáil a spreagadh trí bhearta inbhuanaitheachta a dhreasú, agus le tabhairt faoi bhainistíocht dramhaíola níos fearr. Chun seo a chur i gcrích, caithfear boscaí athchúrsála breise a chur ar fáil, seirbhís athchúrsála saor do dhramhaíl an tí (le hearraí móra ina measc, dá leithead troscán), nó b'fhéidir íocaíochtaí athchúrsála. Dhírigh na haighneachtaí ar thábhacht an oideachais chun daoine a mhealladh isteach leis an athchúrsáil.

Léirigh cuid eile de na haighneachtaí an inmhianaitheacht maidir le modhanna malartacha a fháil ó thaobh easpórtáil na dramhaíola de agus dóigheanna chun sin a laghdú.

Glaoitear ar an fhilleadh roimh na bainc buidéal, agus le dul i dtreo na meaisíní díola 'droim ar ais' (cuirtear an t-earra isteach chun airgead a fháil - a mhalairt de na gnáthmeaisíní díola), agus mar sin, an athúsáid a chur chun cinn (mar shampla trí shiopaí deisithe urraithe ag an rialtas), mar aon le coimeádáin / pacáistíocht éadrom neamhphlaisteach in-athúsáidte nua a dhearadh. Thug cuid eile de na haighneachtaí faoi deara an tábhacht a bhaineann le gnéithe iompraíochta an truaillithe, mar shampla, le dul i ngleic le nósanna caitheamh bruscair ná chun truailliú de dheasca torainn laethúil a laghdú go mór.

Ceistíodh na modhanna de bhuntaighde is fearr chun Éire a chur in áit níos fearr ó thaobh sealbh a ghlacadh ar a cuid acmhainní nádúrtha agus chun éiceachóras níos sláintiúla agus níos inmharthana don timpeallacht a chruthú. Léiríodh an gá chun spriocanna ginearálta ó na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe (NA) a bhaint amach. Mar shochaí amháin, bhí na haighneachtaí ar aon ghuth go gcaithfidh an tír a sócmhainní reatha a threisiú - na timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha araon - agus ansin iad athearraíocht a bhaint astu chun riachtanais reatha agus amach anseo na bpobal a chur i bhfeidhm. Iarradh taighde a dhéanamh chomh maith ó dhearcadh an choisc é féin - de thubaistí éiceolaíocha agus/ nó tubaistí daonnúla - ag cur síos ar ábhar imní comhroinnte faoin todhchaí an phláinéid agus na sochaithe a bhraitheann air. Dhírigh na haighneachtaí isteach ar thaighde a dhéanamh chomh maith chun feasacht agus eolas na bithéagsúlachta a ardú.

Bhí roinnt aighneachtaí ríthábhachtach ag ceistiú faoin taighde a dhéanamh chun iarmhairtí tromchúiseacha de dhrochbhainistiú éiceachórais an domhain a mhaolú agus chun straitéisí oiriúnuithe a chur i bhfeidhm i gcásanna nach féidir le cúrsaí a mhaolú níos mó. Bhí cuid mhaith de na haighneachtaí dírithe ar an athrú aeráide agus na éifeachtaí a bhaineann leis ar chúrsaí bithéagsúlachta. Mar shampla: caomhnú na bpailneoirí, bainistíocht níos fearr agus níos doimhne na cré agus tuiscint feabhsaithe ar fhreagairt na miocrorgánach éagsúil roimh imeachtaí adhaimsire. I gcomhthéacs an domhan athraithe seo, d'iarr cuid de na haighneachtaí ar fhorbairt deartha na n-ábhar le haghaidh eicea-thithíocht.

Maidir le ceartas na haeráide, dhírigh cuid de na haighneachtaí isteach ar an ghá chun comhairle laethúla praiticiúla ar na rudaí is féidir le daoine aonaracha a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide.

Folaítear leis na haighneachtaí an gá chun tacair a fhorbairt do phobail áitiúla (in amanna pobail imeallaithe) chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis an athrú aeráide; chun eolas a fháil ar dhea-chleachtais maidir le cúrsaí iompair a athrú chun drochthionchair aeráide a laghdú (dumpáil dramhaíola, ró-úsáid, srl.); chun impleachtaí eacnamaíocha na hathruithe aeráide a thuiscint ar am scála 50-100 bliain; agus chun fócas a dhéanamh ar thógáil na bhfriotaíocht sochaíocha agus institiúideacha a fhad is go mbeidh siad in ann freagair a thabhairt do dhúshláin agus do chur isteach na haeráide anois agus sa todhchaí.

Glactar go bhfuil forbairt na bhfiontar sóisialta mar réiteach ar na fadhbanna timpeallachta mar réiteach áirithe ar leith roimh dífhostaíocht na n-óg agus coimeád na n-óg i gceantair thuaithe agus uirbeacha. Tig le forbairt na bhfiontar sóisialta taighde a bhunú chun obair le pobail agus a ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn, mar aon lena ngeilleagar comhroinnte, agus forbairt na gceardlann tacaithe ag an rialtas (chun dramhaíl a laghdú), srl. Léiríodh naisc láidir idir fhorbairt na gceantar tuaithe sna haighneachtaí seo, ach is réiteach cuí ar gach réimse é réiteach an cheartais aeráide.

Feictear sna haighneachtaí go bhfuil féidearthachtaí ann maidir le forbairt na gcomharchumann inbhuanaitheachta uirbeacha agus tuaithe, beart a gcuirfear fostaíocht áitiúil ar fáil do, mar shampla, earraí barra agus feamainn a shaothrú le haghaidh gabháil carbóin. Ina dteannta sin, le cur leis an tsnáithe maidir le hinniúlachtaí a fhorbairt do cheartas aeráide, léiríodh an ról dearfach maidir le tacair amach anseo do ghnéithe an tionchair timpeallachta a bhainistiú (mar shampla, fuinneamh, uisce, dramhaíl, bia).

### Léargas an phobail:

Laistigh de chuid de na haighneachtaí, d'aithin an pobal an dóigh le tús a chur ar na dúshláin chun iad a shárú agus an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann leis.

*'Ag druidim lúba na n-acmhainní áitiúla (fuinneamh, uisce, dramhaíl, bia). Aithnigh féidearthachtaí le forbairt trí fhiontair / comharchumainn sóisialta. An dóigh chun comharchumainn inbhuanaitheachta uirbeacha agus tuaithe a fhorbairt le fostaíocht áitiúil oilte a chruthú.*

*'Ag glasú an bhonneagair reatha trí réitigh bhunaithe ar an nádúr i gcathracha/bailte/ sráidbhailte chun tacú leis an timpeallacht mar aon le folláine eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú.'*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

**Laistigh den téama seo, dhírigh na haighneachtaí isteach ar ról a n-imreoidh an taighde, ach fosta bhí na treoracha chun gnímh bunaithe ar réitigh reatha a chur i bhfeidhm níos fearr agus an cinneadh inbhuanaitheachta a dhéanadh níos fusa do chách.**

1 Sainaithin an dóigh ar féidir leis an úsáid is lú a bheas i gceist do phacáistíocht trí thaighde breise a dhéanamh, agus an phacáistíocht sin le teacht ó ábhair d'fhoinsí áitiúla.

2 Méadaigh na hiarrachtaí a dhéantar ar thaighde na n-ábhar - ó tháirgí go cúrsaí tógála go héadaí - agus ar an athchúrsáil agus dóigheanna chun an athchúrsáil a éascú níos fearr in Éirinn.

3 Feabhsaigh iarrachtaí taighde ar bhealaí nua chun tuiscint a dhéanamh ar acmhainneacht agus aontacht shochaíoch agus institiúideach atá riachtanach le dul i ngleic le dúshláin agus treocht an athraithe aeráide.

4 Cinntigh 'taighde d'eolas' i ngach disciplín, leis an fhéidearthacht go dtiocfadh an t-eolas sin a bheith in ann cur chun cinn an tsochaí a chur as do (chan rudaí teicneolaíochta amháin).

5 Imscrúdaigh, trí thaighde breise, an dóigh ar féidir le heagraíochtaí agus le daoine aonaracha difríocht a dhéanamh maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus a bheith spreagtha chun a leithead de sin a dhéanamh. Tá sé riachtanach go bhfuil ról le himirt ag na heolaíochtaí sóisialta leis an taighde seo.

## 3.2.10 | Ag tacú leis an nuálaíocht i gcúrsaí feirmeoireachta agus bia

Bhí fócas láidir ar inbhuanaitheacht agus ar nuálaíocht ag na haighneachtaí aicmithe faoi théama na feirmeoireachta. Bhí siad dírithe ar an tábhacht bainte le tacaíocht roimh an earnáil talmhaíochta chun a lorg carbóin a laghdú. Bhí smaointe ann faoi pharaidímí feirmeoireachta (mar shampla, chan a bheith ag dianfhás barra aonaracha ag an aon am amháin) bunaithe ar phrionsabail an gheilleagair chiorclach a fhásann barra le buntáistí sláinte (mar shampla antasubstaintí athchuingreacha a dhéantar de phlandaí) agus faoi ghabháil carbóin ag úsáid bithghualach agus an tábhacht a bhaineann le talaimh phortaigh agus le bogaigh maidir le scaoileadh carbóin a rialú. Dhírigh cuid eile acu isteach ar an fhéidearthacht maidir le táirgí nádúrtha a úsáid mar tháirgí thráchtála / acmhainní (mar shampla fungais/portaigh na hÉireann; aiteann muilleáilte/ talaimh arda; cnáib i bhfeirmeoireacht cois farraige).

Bhí topaic na malartaigh bunaithe ar phlandaí do tháirgí a thagann ó ainmhithe. Bhí spéis láidir ann roimh bhia fásta go háitiúil chun sábháilteacht an bhia a chinntiú le feirmeoireacht níos orgánaí. Sa chomhthéacs seo, bhí dramhaíl bia agus modhanna chun dramhaíl a bhainistiú / a laghdú go mór chun tosaigh sa snáithe. Moladh na luachanna maidir le dramhaíl na n-ainmhithe a aithint (aisghabháil fosfarach) a thiocfadh leis an ghá roimh umair sciodair contúirteacha a úsáid, níos lú úsáid de leasacháin shaorga agus de mhóinte, agus úsáid méadaithe de dhramhaíl múirínithe na dtithe chun loirg charbóin a laghdú.

Léirigh aighneachtaí anseo spéise ar leith i dteicneolaíochtaí talmhaíochta nua. Smaointe lena n-áirítear córais sábháilteachta feirme dosheachanta/ áisiúla a laghdaíonn timpistí (mar shampla an bealach chun sciodar na n-ainmhithe a shuaitheadh mar is ceart chun timpistí feirme a laghdú), úsáid bhreise d'fheithiclí feirme leictreacha agus d'fheirmeoireacht cheartingearach agus forbairt scanta sláinte uathoibríoch na mbianna (mar shampla do phrióin agus oibreáin eile). Tháinig ceisteanna eile bainte le cleachtais fheirmeoireachta mar shampla táirgeadh na mbianna ghéinmhodhnaithe (roinnt aighneacht ar son agus roinnt aighneacht in éadan), mar aon le húsáid na n-antaibheathach agus na n-agraiceimiceán. Bhí ionchuir nua ar bhealaí maidir leis an dóigh chun leibhéil charbóin na cré agus na n-ábhar orgánach a mhéadú (i dtáirgeadh na mbarr saor ó mhóin) beart a chuireann bac ar an ghá do leasacháin bunaithe ar bhreoslaí iontaise agus feithidicídí/fuingicídí ceimiceacha, mar aon le moltaí le haghaidh úsáid na luibhicíde 'nádúrtha' a mheas (mar shampla 'juglone' a thagann ó ghallchnónna, ar ghlúineach bhiorach) agus ainmhithe féaraigh (mar shampla gabhair) chun clúdach an aitinn a rialú chun falscaithe a choinneáil ar an mhéar fhada. Bhí smaointe ann ag moladh taighde ar bhealaí chun an t-aiteann a shábháil/ a mheilt agus an athúsáid a bhaineann leis mar bhia na n-ainmhithe mar aon le moltaí chun barra áitiúla leordhóthanacha a fhás a fhad is go n-úsáidfear é mar bhunábhar d'ábhair éigin (mar shampla, an chnáib, an ceallalós) a féidir a úsáid in ionad plaistigh.

### Léargas an phobail:

Léirigh cuid de na haighneachtaí dúshlán áirithe éigin a bhíonn os comhair na ndaoine, an fáth ar chóir dúinn é a shárú agus an ról atá le himirt ag an taighde roimhe:

*'Is ionann ceann de na cúiseanna bainte leis an bhás thimpisteach in Éirinn ná díobháil coirp na bhfeirmeacha/na bpáirceanna de dheasca mí-úsáid na n-aonad cumhachtdúiseachta (faighte i dtarracóirí). Dúshlán um dhearadh tionsclaíoch le haghaidh córas cuibheora bhotún-phromhadh chun comhéadan úsáideoirí na gcumhachtdúiseachta a athdhearadh go radacach ar son chúrsaí sábháilteachta, le caillteanas íosta roimh áisiúlacht. Fréamhshamhlacha innealtóireachta meicniúla agus AutoCAD srl. Go bunúsach, tionscadal um dhearadh taighde. Roinn na torthaí ar bhonn domhanda.'*

Mhol cuid mhór de na haighneachtaí seo gur chóir do luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí as crainn agus fálta sceach dúchasacha breise a fhás - beart a gcuirfear leis an bhithéagsúlacht. Bhí roinnt eile acu ag tagairt don ghá roimh thaighde a dhéanamh le bheith níos eolaí ar an dóigh a théann cleachtais fheirmeoireachta (mar shampla am agus méid ghearradh na bhfálta) i bhfeidhm ar an bhithéagsúlacht, chomh maith leis an tionchar a thagann ó athfhiáiniú na speiceas dúchasach agus na bithéagsúlachta in Éirinn. Tháinig moltaí le haghaidh taighde ar bhuntáistí an phlandaithe dúchais (fiú i gceantair ghlasa) le speiceas inite (mar shampla ceireacháin, úlla fiáine) chun tosaigh sna haighneachtaí mar aon le hobair an fhómhair áitiúil. Bhí rud ag teacht aníos go minic agus is é sin cúiseanna na hathruithe i ndaonraí na mbeach agus na bpailneoirí in Éirinn. Chuir na haighneachtaí spotsolas ar an tábhacht a bhíonn ag foraois dhúchasach agus ag talaimh portaigh ar an hidreolaíocht agus ar an charbón tógtha ar láimh mar aon le smaoineamh chun líonra na gconairí fiadhúlra nua a chumadh, ag ceangail phortaigh le páirceanna náisiúnta agus ag forbairt gairdíní fiáine in aice le mótarbhealaí chun leibhéil charbóin a chúiteamh agus chun flóra agus fána a spreagadh.

Bhí moltaí ann i dtaobh suíomh gréasáin/aip a chruthú chun monatóireacht phoiblí a chumasú ar bhithéagsúlacht na bplandaí agus na n-ainmhithe, cosúil le léarscáil 'Cairde Éanlaith Éireann' agus aitheantas níos fairsinge ar thábhacht na n-éiceachóras riosca agus mara, lena n-áirítear tóin na farraige agus na portaigh.

Léiríodh an tábhacht maidir lenár mbianna féin a fheabhsú ar bhonn táirgeadh agus ar bhonn tomhaltais araon, beart a chlúdaigh smaointe eolaíochta agus polasaithe. Mar chuid samplaí, clúdaítear taighde ar chostais agus ar bhuntáistí na feirmeoireachta tréine/fairsinge, agus taighde ar dheontais agus scéimeanna dreasachtaí chun feirmeoirí a mhealladh isteach sa straitéis náisiúnta de dhícharbónú, den gheilleagar ghlas agus den chosaint timpeallachta ar bhealach atá cothrom. Rinneadh machnamh i roinnt aighneachtaí eile ar an chion chothaitheach bainte amach ón talún gan úsáid na leasachán traidisiúnta a uasmhéadú, arna thacú ag tionscnaimh polasaithe chun ithe sláintiúil a spreagadh, agus caithfear tuiscint níos fearr a fháil ar fhungais agus ar bhaictéir mar fhoinsí cothaithe.

Bhí truailliú déanta ag daoine ina n-ábhar imní, agus caithfear éifeachtaí an truaillithe dá leithead sin ar an timpeallacht nádúrtha a thuiscint chun na dúshláin a bhaineann leis a shárú.

Aithníodh na naisc idir fheirmeoireacht inmharthana agus daonraí sláintiúla sna haighneachtaí céanna. Bhí moltaí ann ag lorg an daonra a chur ar an eolas faoi aistí bia sláintiúla inmharthana don timpeallacht ó thaobh cothú de trí lipéadú ceart a chur ar bhia faoi na sonraí cothaitheacha agus na loirg charbóin a bhaineann le bia agus pacáistíocht bia. Tugadh an fhéidearthacht maidir le malairtí feoil planda-bhunaithe/saothraithe faoi deara mar aon leis an fhéidearthacht/inmhianaitheacht chun cánacha a chur i bhfeidhm ar bhianna míshláintiúil,agus idirghabhálacha spriocdhírithe do dhaoine a bhfuil gan dídean agus ar ísealioncam (mar shampla cártaí le haghaidh rochtain ar bhia a eisiúint in ionad sochair airgid a thabhairt) a fhad is go mbainfidh siad na leasa chéanna as an aistriú.

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Laistigh de chuid de na réimsí arna thógadh ag an phobal sa téama seo, tá taighde reatha ag titim amach in Éirinn agus mar sin tá bonn taca láidir le tógáil ar.

1. Taighde reatha a fheabhsú le léargasanna an phobail ar agrai-teicneolaíocht. Tugadh infheistíochtaí taighde agus infreastruchtúir shuntasacha amach in Éirinn le blianta anuas; mar sin, ní mór d'agrai-teicneolaíocht tabhairt faoi smaointe breise an phobail agus iad a dhéanamh mar iarrachtaí taighde comhaimseartha.
2. Déan taighde breise ar na bealaí is féidir leis an fheirmeoireacht éiceachórais nádúrtha (agus na timpeallachtaí a bhaineann leo) a fheabhsú.
3. Déan taighde ar mhúnlaí gnóthaí éicea-eacnamaíocha.
4. Luathaigh iarrachtaí chun tionscadail agus cláir taighde a fhorbairt mar aon le feasacht an phobail ar an taighde reatha agus na torthaí a bhaineann leis.

## 3.2.11 | Ag féachaint chuige go seasfaidh córais fhuinnimh agus uisce an aimsir

Laistigh de na haighneachtaí seo tá ceisteanna ann don lucht déanta polasaithe agus don earnáil fuinnimh faoi na bealaí ar chóir d'Éireann a ghlacadh chun a acmhainní fuinnimh nádúrtha a chaipitliú a fhad is go mbeidh sí mar cheannasaí domhanda i dtaobh fuinneamh gaoithe, gréine, taoide agus fuinneamh geoiteirmeach de agus stóráil fuinneamh cuí (teirmeach agus leictreach) aici mar an le dearaí cadhnraí feabhsaithe. Folaítear sna hidirghabhálacha áirithe beartaithe seo an bealach chun treoracha a bhaint ó athchóirithe fuinnimh oibriúcháin agus corpraithe na dtithe reatha (go háirithe na cinn a bhfuil faoi bhochtaineacht fuinnimh) chomh maith le foirgnimh neamhbhaile; agus fuinneamh na n-ionad sonraí a mheas agus a rianú ar son leas an téimh ceantar. Tugadh moltaí do na taighdeoirí chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun feidhm a bhaint as painéil fhótavoltacha, a bhfuil éifeachtúil ó thaobh costas de, ar gach foirgneamh agus clúdaigh spásanna taobh amuigh (scáthbhrait, carrchlóis; chun córais níos inmharthana (b'fhéidir cinn modúlacha) le haghaidh leas a bhaint as na tonnta, na taoide, na haibhneacha agus an fhearthainn chun leictreachas a ghiniúint; chun córais fhuinnimh in-athnuaite a dhearadh agus a chur ar fáil (mar shampla tuirbíní gaoithe, painéil fhótavoltacha agus cadhnraí) agus go ndearfar comhpháirteanna na rudaí sin leis an athúsáid/athchúrsáil mar ghné lárnach dóibh. Iarradh sna haighneachtaí gur chóir an taighde a dhéanamh chun úsáid chuí de hidrigin a mheas agus chun hidrigin a tháirgeadh ón fhuinneamh in-athnuaite níos éifeachtaí (mar shampla, le catalaíocha nua); chun cineálacha nua de stóráil fuinnimh leictreach a fhorbairt trí ábhair níos flúirsí a úsáid (mar shampla, cadhnraí iain sóidiam) agus chun tabhairt faoi chineálacha nua de tharchur fuinnimh (mar shampla, tarchur fuinnimh gan sreang le haghaidh luchtú sciobtha na bhfeithiclí leictreonacha.

### Léargas an phobail:

Bhí roinnt aighneachtaí ag lorg taighde déanta ar fhoinsí glasa d'fhuinneamh, agus bhí cuid eile ag iarraidh taighde a dhéanamh ar mhúnlaí na giniúna áitiúla agus an dáilte d'fhuinneamh glais.

*'Silim gur chóir do thaighdeoirí múnlaí fuinnimh glasa na tíre a leathnú. Faoi láthair, tá ró-spleáchas ann i gceist leis na heangacha fuinneamh láraithe, atá breoslaithe ag breoslaí iontaise agus fuinneamh glais. Ba chóir dúinn múnlaí dáiltí difriúla a imscrúdú ina féidir le tithe agus pobail áitiúla fuinneamh glais a ghiniúint, agus gur féidir leis an fhuinneamh sin a bheith ag tuile agus ag trá chuig suíomhanna áitiúla eile.'*

Léiríodh sna haighneachtaí gur chóir do phobail, feirmeoirí agus úinéirí talún a bheith in ann feirmeacha beaga gaoithe agus gréine a shuiteáil chun an soláthar fuinnimh agus an tarchuir a dhílárú, agus fós a bheith i mbun úinéireachta agus buntáistí na foinsí in-athnuaite fuinnimh laistigh den phobal. Mar an céanna le sin, bhí moltaí ann ó na haighneachtaí a mhaígh gur chóir machnamh a dhéanamh ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh comhtáite mar chuid den bhonneagar náisiúnta in ionad saoránaigh príobháideacha nó úinéirí tithe a bheas ag íoc an aistriú fuinneamh go foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Maidir le fuinneamh núicléach, tá aitheantas le fáil ó na haighneachtaí maidir leis an ghá chun eolas cuspóireach soiléir faoi thimthriall na n-aschur airgeadais, sochaíocha agus éiceolaíocha le haghaidh mianadóireacht úráiniam, táirgeadh leictreachais agus diúscairt na dramhaíola radaighníomhaí.

Is cinnte go bhfuil na naisc idir thruailliú an uisce, uisce inólta agus sláinte na ndaoine ar ábhair imní móra. Aithnítear go bhfuil teicnící nua ann chun slándáil an tsoláthair a chinntiú, mar aon le caillteanais dáiltí níos ísle agus monatóireacht chaighdeánach de sholáthairtí uisce inólta. Infhaighteacht bhreise d'uisce níos glaine i spásanna poiblí (mar shampla scairdeáin phoiblí chun dul i ngleic leis an spleáchas ar bhuidéil uisce). Tá moladh ann gur chóir don stát córais uiscí inólta agus neamh-inólta araon a fhorbairt, chun úsáid áitiúil níos dírí a fháil ar an uisce fearthainne le cur leis an chóras neamh-inólta trí bhailiúchán áitiúil agus úsáid áitiúil (mar shampla i bhfoirgneamh do chuspóirí sláintíochta, uisce fearthainne ó ghaothscáthanna na ngluaisteán a athchúrsáil chun an coimeádán niteoir gaothscátha a athlíonadh).

Tugann roinnt eile de na haighneachtaí inmhianaitheacht an chaomhnaithe agus na bainistíochta uisce faoi deara (mar aon le líonraí/córais chun a leithead a bhaint amach). Dhírigh cuid eile de na haighneachtaí ar thábhacht faoi rioscaí tuilte a mhapáil agus na héifeachtaí bainte leo ar shaolta na ndaoine, mar aon leis an ghá chun róil na móinéir fhiáine uirbeacha, na foraoisí agus na portaigh/caonaigh a thuiscint ó thaobh cosc na dtuilte de.

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Léiríodh an díospóireacht faoi chúrsaí fuinnimh agus timpeallachta a tháinig chun cinn tríd an Zeitgeist náisiúnta le blianta anuas sna haighneachtaí. Tá foras taighde suntasach ag titim amach faoi láthair in Éirinn agus níos faide anonn laistigh den téama seo; ach, le sin ráite, tá an pobal ag iarraidh ar réitigh luathaithe agus curtha i bhfeidhm ina saolta laethúla, agus tá géarghá ann go gcaithfear pobal na hÉireann a bheith páirteach.

1. Luathaigh iarrachtaí chun tionscadail agus cláir taighde a fhorbairt mar aon le feasacht an phobail ar an taighde reatha agus na torthaí a bhaineann leis.
2. Déan taighde breise ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite fad-dáilte a fheabhsú, mar aon le leithdháileadh agus stóráil agus úsáid na bhfeidhmeanna is leithne a gcuirfear le leas an phobail agus an tsochaí.
3. Cuir an gá maidir le húsáid laghdaithe an fhuinnimh corpraithe agus na n-astaíochtaí gáis ceaptha teasa, ó fhoirgneamh agus ón phróiseas déantúsaíochta chun cinn; bá chóir go dtabharfaidh an taighde aghaidh ar laghduithe radacacha in úsáid deiridh an riachtanais fhuinnimh, agus mar sin ag laghdú úsáid na n-ábhar úra (trí athúsáid agus athchúrsáil a dhéanamh) mar aon le laghdú úsáid na bochtaineachta fuinnimh.
4. Cuir dearcadh iomlánaíoch ar acmhainní uisce i bhfeidhm, mar aon lena ndáileadh agus úsáidí deiridh a bheas ag cur leis an taighde reatha agus machnamh déanta ar an athúsáid áitiúil d'uisce liath agus d'uisce fearthainne.
5. Déan machnamh ar an scóip roimh thionscnaimh trasteorann agus déan taighde ar stádas an oileáin ar fad agus cuir comhoibriú idir Phoblacht na hÉireann agus Tuaisceart na hÉireann, go háirithe le topaic an uisce arna thugadh ag an phobal.

## 3.2.12 | Ag nascadh Éireann le chéile trí úsáid na gcóras iompair glasa

Tá éifeachtaí leathan ag cúrsaí iompair ar an gheilleagar agus ar fholláine na ndaoine agus na bpobal. Léiríodh tuairimí ar bhealaí a dtéann iompar isteach ar inbhuanaitheacht na bpobal trí cheanglas éifeachtach, grúpaí sochaíocha-eacnamaíocha éagsúla, an tsláinte fhisiceach agus an mheabhairshláinte agus an fholláine trí astaíochtaí ná strus agus an dóigh a dtéann siad i bhfeidhm ar an athrú aeráide ó fhoinsí i rith na hoibríochta agus an dóigh a n-úsáidtear acmhainní fisiceacha domhanda a bhfuil luachmhar ach teoranta. Bhí cuid de na haighneachtaí ag súil go bhfeabhsófar na rudaí seo a leanas de dheasca torthaí ar spásanna taobh amuigh mar aon le spásanna taobh istigh: (i) an mheabhairshláinte, (ii) ciall na bpobal, (iii) féidearthachtaí sóisialta (go háirithe don duine uaigneach, don seanduine agus don déagóir), (iv) féidearthachtaí do ghníomhaíochtaí cultúrtha, (v) dearadh uirbeach a léiríonn meas d'éagsúlacht an phobail. Tá ról tábhachtach ar leith ag cúrsaí iompair do gach ceann acu.

Tháinig ceist an iompair chun cinn go minic sna haighneachtaí céanna ina bhfuil béim curtha ar áit an phobail ar sheirbhísí an phobail. Léirigh na haighneachtaí, an ghéarghá maidir le méadú agus leithdháileadh na n-acmhainní níos fearr ar gach seirbhís phoiblí (oideachas, sláinte, gardaí, soláthar sheirbhísí an chúraim baile). Bhí éileamh láidir le feiceáil maidir le rochtain furasta ar fhaisnéis maidir leis na seirbhísí poiblí. I gcomhthéacs an iompair, bhí iompar scoile agus cúrsaí tráchta go mór chun tosaigh sna haighneachtaí. Mar shampla, tá tionchar timpeallachta breise i gceist leis na hamanna a chríochnaíonn naíonáin óga agus naíonáin níos sine toisc go mbíonn an oiread sin d'aistir ghluaisteáin de dhíth chun iad a thógáil ó na scoileanna. Ardaíodh ceist eile i bhfoirm céatadán mór de dhaltaí a dtéann chun na scoile sa ghluaisteán, beart a chuireann le leibhéal an tráchta, is ansin a n-ardaíonn na hastaíochtaí carbóin agus strus na dtuismitheoirí agus na gcomaitéirí. Bhí roinnt réitigh moltaí ag moladh gur chóir dúinn rolladh amach an chórais bhus scoile a leathnú, bonneagar rothaíochta a fheabhsú ar bhealaí scoile agus 'bus siúil/rothaíochta' arna mhaoirsiú ag tuismitheoirí i gceantair uirbeacha. Tugadh faoi deara go gcuireann na scoileanna comhghnéis le leibhéal an tráchta mar bíonn ar thuismitheoirí tiomáint go níos mó ná scoil amháin i gcás go bhfuil mic agus iníonacha acu. Bhí roinnt de na haighneachtaí ag ceistiú faoin fhéidearthacht maidir le scoileanna ag cur maoirseacht ar fáil do dhaltaí ó 8 a chloig ar aghaidh chun cuidiú le tuismitheoirí chun buaicthráth tráchta na maidine ar a 9 a sheachaint.

### Léargas an phobail:

Tugadh smaointe na bhfeithiclí hidrigine-cumhachtaithe faoi deara sna haighneachtaí.

*'Ní mór iarrachtaí breise a chur roimh ár bhfeithiclí iompair troma (leoraithe, busanna, traenacha) a athrú a fhad is go n-úsáidfidh siad hidrigin ghlas. Agus níos mó ag teacht ar an fhód de réir a chéile, tá taighde breise de dhíth idir tharchur agus leictrealú áitiúil ag iostaí busanna, iostaí traenacha, comhlachtaí leoraithe agus calafoirt.'*

Dhírigh cuid de na haighneachtaí isteach ar an ghéarghá le haghaidh roghanna iompair inmharthana, mar shampla chun moil gnóthaí níos fearr a chruthú fud fad na tíre. Bhí fócas lárnach ann maidir leis an iompar glas, idir phríobháideach agus poiblí, agus na mianta chun modhanna níos inmharthana a spreagadh do bhusanna agus traenacha. Ag athnuachan na córais iompair traenacha (idirchathrach, laistigh den chathair agus tramanna) mar aon le húsáidí s'acu le haghaidh seachadtaí / iompar earraí. Bhí smaoineamh coitianta ann gur chóir tionscnaimh a chur roimh an phobal chun iompar poiblí a úsáid. Iarradh ar thaighde breise a dhéanamh ar na bacáin agus ar na tionscnaimh atá os comhair an phobail chun iompar poiblí a úsáid, mar aon leis an fhéidearthacht chun iompar poiblí a dhéanamh saor, nó fiú do dhaoine mhíchumas éigin.

Bhí tacaíocht láidir ann maidir le húsáid feabhsaithe na ngluaisteán leictreacha, ach ar an taobh eile den bhonn sin, glactar gur chóir bonneagair bhreise feabhsaithe a chur i bhfeidhm, mar an le pointí luchtaithe leictreacha, cadhnraí níos fearr agus tionscnaimh chun a leithead a cheannach. Iarrtar ar thaighde breise a dhéanamh maidir le lorg carbóin iomlán na ngluaisteán leictreach (mar shampla, costais timpeallachta na hiompórtála, na déantúsaíochta agus diúscairt/athchúrsáil na gcadhnraí). De dheasca na n-acmhainní atá de dhíth chun gluaisteáin a thógáil, moladh gur chóir féidearthachtaí a oiriúnú chun gluaisteáin reatha a aistriú go dtí feithiclí leictreacha. Osclaíodh an argóint sna haighneachtaí gur chóir do theicneolaíochtaí iompar glasa eile, cosúil le busanna hidrigine-cumhachtaithe, a bheith curtha i bhfeidhm. Dá bharr sin, léirigh an pobal an gá le haghaidh pleanáil tithíochta uirbeach níos fearr chun daoine a spreagadh gan an gluaisteán a úsáid chomh minic is mar a n-úsáidtear é faoi láthair, mar aon le roghanna páirceáil agus taistil eile.

## Léargas an phobail:

Aithníodh sna haighneachtaí gurb ionann feabhsúcháin nua ar bhonneagar iompair agus gnéithe eile i bhfoirm ábhair imní thimpeallachta agus modhanna iomlánacha a bhaint amach.

*'Taighde a dhéanamh ar an dóigh ina féidir linn córais iompair níos fearr (iompar poiblí, rothair agus gluaisteáin) a thabhairt isteach gan dul in adharca le seanchrainn gleoite... Caithfimid cothromas a fháil idir chórais iompair agus an timpeallacht thart air. Seasfaidh na torthaí seo le pleanáil na mbailte uile!'*

Léiríodh mianta roimh an iompar glas sna haighneachtaí. Mar shampla, ag tacú leis an rothaíocht mar mhodh iomair chun líon na ngluaisteán a ísliú ar na bóithre, agus ag an am céanna ag cur timpeallacht níos fearr i bhfeidhm do rothaithe, trí stóráil sábháilte agus roghanna stórála ar thraenacha a fheabhsú. Lena chois sin, d'aithin an pobal gur chóir do shlite siúil agus saoráidí níos fearr a bheith ann. De réir aighneachtaí an phobail, tá taighde le déanamh ar fhéidearthacht (agus ar chostas) an iompair phoiblí maidir le geilleagar níos glaise a bhaint amach, agus é i gcothrom le nádúr a chuireann cosaint ar fáil don bhithéagsúlacht. Mar shampla, cén dóigh ar féidir linn bonneagar iompair a leathnú agus ag an am céanna, ár n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú? Bhí roinnt aighneachtaí ag iarraidh soláthar na roghanna iompar níos fearr do cheantair thuaithe (mar shampla, mionbhusanna leictreonacha ag nascadh bailte beaga le sráidbhailte; traenacha le carráistí ina dtiocfadh gluaisteáin a chur iontu).

Bhí aighneachtaí ag iarraidh go dtabharfadh aghaidh ar an iompar le peirspictíochtaí nuálacha a bheas in ann lorg carbóin níos ísle a tháirgeadh. Folaítear na samplaí seo: córas aonráille cuimsitheach; gluaisteáin chábla uirbeacha; úsáid na gcanálacha d'iompar; iompair phoiblí ar lochanna, ar aibhneacha agus ar inbhir; úsáid na ndrón chun fáil réitigh le plódú neamhriachtanach; úsáid athstruchtúraithe an Tolláin Chalafoirt Bhaile Átha Cliath; ag laghdú líon na n-astaíochtaí $CO_2$ i gcalafoirt agus ar longa.

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Is cinnte go raibh neart dúshláin agus féidearthachtaí le blaiseadh ó na haighneachtaí seo, agus iad ag brath ar thaithí na ndaoine chun caighdeán na beatha níos fearr a dhéanamh agus chun rochtain bhreise a thabhairt ar tháirgí agus ar sheirbhísí araon.

1. Córais iompar na saoránach a athshamhlú bunaithe ar na rudaí is indéanta agus is luachmhara ó thaobh an t-airgead de maidir leis na déimeagrafaic agus dáileadh na ndaonraí fud fad na hÉireann, agus taighdeoirí, an pobal agus príomhpháirtithe leasmhara (na bhfiontar agus an luchta déanta polasaithe) páirteach ann.
2. Taighde breise a imscrúdú ar bhealaí chun rochtain a éascú ar réitigh iompair neamhdhíobhálach don aeráid thar na leibhéil socheacnamaíocha ar fad.
3. Taighde a chur chun cinn in Éirinn a fhad is go dtiocfadh léi bheith ina ceannasaí nuálaíochta domhanda, in áit leantóir nuálaíochta domhanda, leis an fhorbairt an cur chun feidhme agus rochtain ar an iompar glas.
4. Iarrachtaí taighde a dhíriú ar chúrsaí folláine agus na héifeachtaí dó nuair a bhíonn cónaí ag an té i gceantair le daonraí níos ísle, beart a chaithfear tuiscint agus fianaise níos fearr a fháil roimhe. Is ionann an téama seo agus rochtain ar iompar glas níos fearr ach is cinnte gur chóir don taighde breise a bheith déanta ar an ábhar, i gcomhcheangal le réimsí eile.
5. Cinntiú go bhforbrófar réitigh stuama agus iomlánacha agus go gcuirfear i bhfeidhm iad; d'infheistigh cuid comhairlí cathracha agus contaetha airgead suntasach i gcúrsaí taighde agus anailís maidir le modhanna iompair an todhchaí, ach caithfear taighde breise a dhéanamh chomh maith chun réitigh chiallmhara a rialú óna hinfheistíochtaí seo.

## 3.2.13 | Ag neadú na daonnachtaí, an cultúr agus na healaíona

Tugann na haighneachtaí seo spotsolas follasach ar ról a n-imríonn na daonnachtaí, an cultúr agus na hEalaíona i dtaobh todhchaí níos fearr a bhaint amach, agus tá roinnt aighneachtaí eile, mar shampla na cinn dírithe ar shláinte, polaitíocht ná teicneolaíocht, ag iarraidh réitigh iomlánacha neamhtheicnealathacha ar na dúshláin shochaíocha.

Bhí na haighneachtaí aicmithe de réir dhá réimse phríomha agus bhí tábhacht na n-ealaíon agus an chultúir maidir le folláine aonarach agus sochaíoch chun cinn go mór, mar aon le cumhachtú na bpobal thar Éirinn chun todhchaí níos fearr ar phláinéad níos inmharthana a shamhlú.

**Is iad an dhá réimse phríomha iad sin na:**

1. **Ról na ndaonnachtaí, an chultúir agus na n-ealaíon ar an taighde agus ar an nuálaíocht thar gach uile réimse.**
2. **Cumas nuálaíochta sna réimsí ealaíonta agus cultúrtha ar son sochaí níos daonnachtúla agus níos cuimsithí**

### Léargas an phobail:

Tá ról ar leith le himirt ag pobail na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na hEolaíochta Sóisialta (EDES) chun aghaidh a thabhairt ar chuid mhaith de na haighneachtaí arna thugadh laistigh de na téamaí. Bhí raon de seo ann i bhfoirm iompraíochtaí na ndaoine a thuiscint agus athruithe inmharthana a chur i bhfeidhm a fhad is go n-athshamhlófar an dul chun cinn mar atá faoi láthair.

*'Cad é go díreach a dtugann lúcháir ar dhaoine. Toisc go gcaithfidh muid éirí as cultúr cruthaithe againn ina bhfuil an tomhaltas go mór chun tosaigh faoin bhealach a bhfuilimid i gcónaí ag iarraidh an rath a mheas, caithfimid teacht ar na fachtóirí a chruthaíonn sochaí sásta, agus ansin daoine a threorú i dtreo a vóta a chaitheamh don chineál sochaí sin. Caithfear rudaí a dhreasú chun saolta a dhéanamh níos fearr, chan níos measa.'*

#### 3.2.13.1 Bhí róil na ndaonnachtaí, cultúr agus na n-ealaíon tábhachtach ar chúrsaí taighde agus nuálaíochta thar gach réimse.

Bhí roinnt aighneachtaí ag cur spotsolas ar na bealaí a chuireann na daonnachtaí, cultúr, agus na healaíona le forbairt na sochaithe nuálacha, oscailte, sláintiúla agus cuimsitheacha mar aon le forbairt na saoránach rannpháirtíoch.

Agus cúrsaí sláinte, folláine, tithíochta, an athraithe aeráide mar aon leis an réabhlóid dhigiteach go mór chun tosaigh sna haighneachtaí, bhí siad ag maíomh cumhacht na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí chun arduithe eolaíocha a thacú agus a mhéadú, agus go gcuirfear réitigh teicniúla i bhfeidhm ar bhealaí atá freagrach go sóisialaí. I gcomhthacaíocht leis an chuspóir seo, bhí roinnt de na haighneachtaí ag moladh béim níos doimhne ar na hEalaíona agus ar an chultúr ag gach céim den chóras oideachais. Bhí cuid moltaí ann freisin maidir le leathnú an churaclaim a fhad is go gclúdáitear an antraipeolaíocht, an léann clasaiceach, an léann domhanda, an fhealsúnacht, an dráma agus taibhiú an cheoil. Go háirithe, aithníodh sna haighneachtaí, cumas an léinn acu siúd maidir le scileanna na smaointeoireachta criticiúla a chur chun cinn, aithint agus réiteach na bhfadhbanna, mar aon le tábhacht na cruthaitheachta agus na cumarsáide. Bhí aighneachtaí ag cloí leis an bhéim curtha ar luach intreach na réimsí seo ó thaobh todhchaí an tsochaí de, agus cuireadh spotsolas ar thábhacht an taighde idirdhisciplíneach roimh thuiscint na ndúshlán sochaíoch príomha.

#### 3.2.13.2 Cumas nuálaíochta sna réimsí ealaíonta agus cultúrtha ar son sochaí níos daonnachtúla agus níos cuimsithí.

Léiríodh muinín sna haighneachtaí a ritheann leis na féidearthachtaí atá bainte leis an chultúr agus na healaíona chun sochaí na hÉireann a chumasú i dtreo todhchaí mhalartach, agus moltaí áirithe i bhfeidhm ar fheabhsú na tuisceana cultúrtha agus na síochána i gcomhthéacs leis an oileán comhroinnte trasphobail. Forbraíodh smaointe praiticiúla le haghaidh comhoibriú idir ealaíontóirí agus teicneolaithe chun dearcthaí daonnachtúla a thabhairt chun cinn, agus cothromaíocht éiceolaíoch lárnach ann. Bhí smaointe ann chun moil cultúrtha a fhorbairt, mar aon le mionamharclanna agus áiseanna eile i mbailte agus i gceantair thuaithe chun tacaíocht a thabhairt do na healaíona agus seasfaidh na háiteanna seo mar áiteanna le haghaidh an chuimsithe shóisialta agus comhtháthú na ndaoine.

Bhí moltaí eile ar son forbairt na dteicneolaíochtaí nua chun rannpháirtíocht lenár n-oidhreacht cultúrtha domhan, ár stair agus ár gceirdeanna a chaomhnú agus a leathnú. Cuireadh síos ar na hionchuir eacnamaíocha agus sóisialta a ritheann leis na healaíona agus cúrsaí cultúir, agus leathadh na smaointe sin amach i gcuid de na haighneachtaí agus iad ag díriú ar thábhacht na dtionscal cruthaitheach don gheilleagar Éireannach. Sa chomhthéacs sin, rinneadh moltaí sna haighneachtaí chun tionscail chruthaitheacha a fhorbairt, bunaithe ar chosain gairmiúlacinntithe insroichte.




## Léargas an phobail:

Bhí béim curtha ar ról na n-ealaíon agus an dóigh gur féidir leo cumarsáid mhaith a dhéanamh leis an phobal chun ceisteanna casta a chur in iúl dóibh ar bhealaí neamhchoitianta.

*'Coimisiúnaigh comhshaothair idir ealaíontóirí agus teicneolaithe chun dearcthaí daonnachtúla a thabhairt chun cinn, agus cothromaíocht éiceolaíoch lárnach ann. Is iomaí scannán ficsean eolaíochta a chuireann todhchaí dhiostóipeach in iúl don lucht féachana, agus na scannáin sin plúchta le teicneolaíochtaí cunóracha. Go n-athraímid an insint sin agus go dtugaimid fís agus ceannasaíocht don Éicea-thodhchaí amach anseo.'*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Is cúis bhróid náisiúnta é cáil na hÉireann ó thaobh na daonnachtaí de, mar aon lena cruthaitheacht cultúrtha agus ealaíonta. Bíonn róil ar leith roimh thaighde na ndaonnachtaí, bíodh sin ar theangacha, litríochtaí, cultúir, fealsúnachtaí, eitic agus startha (idir dhomhanda, náisiúnta agus áitiúla) maidir le folláine na ndaoine agus an tsochaí a chothú. Lena chois sin, tugann beocht an tírdhreacha cultúrtha ealaíonta comhaimseartha anseo ómós do phobal na hÉireann agus an tábhacht a chuireann siad ar a leithead.

Cé go bhfuil na haighneachtaí dírithe ar réitigh daonnachtúil agus iomlánacha roimh na ceisteanna imní, bhí fócas laghdaithe ar an taighde sna disciplíní a bhaineann le stair, fealsúnacht, eitic srl i dtéarmaí an ceapadh beartas a cur i bhfeidhm agus folláine shochaíoch a chur chun cinn.

1. Taighde a chur chun cinn thar dhisciplíní ar fad, agus ról le himirt ag an phobal AHSS. Tá seo de dhíth chun réitigh a ba mhaith leis an phobal a bhaint amach.
2. Rannpháirtíocht leis an phobal ar thaighde AHSS a fheabhsú, a fhad is go mbeidh tuiscint ag an phobal roimh thábhacht an taighde AHSS agus gur chóir forbairt breise a dhéanamh ar sinn agus ar thionscnaimh nua sa réimse seo a sheasfaidh lámh ar lámh leis an mhodh réamhghníomhach ó thaobh taighde ETIM in Éirinn le blianta anuas de.

## 3.2.14 | Ag baint leas as sochair agus as taighde bunúsach

Bhí aighneachtaí ag iarraidh taighde a dhéanamh ar bhuncheisteanna bainte le tábhacht an eolais nua mar chatalaíoch tairbheach féideartha don todhchaí. Bhí bunús na n-aighneachtaí sa téama seo dírithe ar thuiscint níos fearr den domhan fisiceach agus de na dlíthe a ritheann leis. Folaítear samplaí i bhfoirm tuiscint níos fearr ar mheicnic chandamach agus na feidhmeanna a bhaineann leo, taighde na bhforsheoltóirí (nasctha le raon leathan d'fheidhmeanna, go sonrach an fhorsheoltacht ag teocht an tseomra), miocrorgánaigh agus an dóigh ar féidir leo an brú osmóiseach, a dtagann ón titim fearthainne, a sheasamh, feidhmíocht na mbaictéar roimh arda móra (ceangailte leis an mheicníocht iompair nua le haghaidh galair thógálacha) agus cuardach na mbeathaí taobh amuigh d'atmaisféar an domhain féin.

Tugadh faoi deara i roinnt bheag de na haighneachtaí go bhfuil féidearthacht ann go ndíothófar saolta ar an domhan i gcás go mbuailfimis le réalta eireabaill/astaróideach éigin agus iarradh gur chóir do thaighdeoirí na hÉireann a bheith páirteach leis na hiarrachtaí domhanda chun a leithead de sin a sheachaint.

Bhí suim ar leith i gceist maidir le taiscéalaíocht an spáis sheachtraigh mar aon le cuardach agus tuiscint níos doimhne a fháil ar phláinéid nua. Bhí sé molta sna haighneachtaí gur chóir d'Éireann a leithead de seo a dhéanamh (in ainneoin a toise): (i) í féin a chur i lár an aonaigh i dtionscal domhanda na spástaiscéalaíochta mar aon le stáit spáis atá ag teacht chun cinn eile, a fhad is nach gcaillfear aon fhéidearthacht maidir le teicneolaíochtaí nua na spástaiscéalaíochta a úsáid agus a fhorbairt don tír féin; (ii) páirt a ghlacadh san idirphlé chun míleatú/armáil an spáis a sheachaint; agus (iii) chun táirgeadh na dramhaíola i spás a sheachaint (smionagar truflaise).

### Léargas an phobail:

Bhí snáithe eile sna haighneachtaí ag plé an gá i dtaobh buntaighde bhreise a dhéanamh agus fócas ag an taighde sin ar an tionchar sochaíoch. Tagraíodh disciplíní áirithe sna haighneachtaí agus an ról a n-imríonn siad.

*'Taighde matamaiticiúil ar fheidhm an tseicint hipearbóiligh agus ar ghníomhartha solatóna, go háirithe i seichimh na mbíog. Chomh maith le sin, gach meitea-ábhar agus céimseata fhaobhair/ achar dromchla atá in ann cosc a chur ar scaipeadh na dtonnta sin.*

*Úsáidí féideartha maidir le cosaintí na súnámaithe, fisic theoiriciúil (déacht tonn-cáithnín), snáthoptaic, próiseáil comharthaí, dlús an eolais i gcumarsáidí digiteacha, agus innealtóireacht na gcóras neamhlíneach.'*




## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Thiocfadh arduithe go mór ar thuiscint s'againn ar an chruinne iomlán teacht de bharr ar fhreagairt na ceisteanna i dtaobh an bun-nádúr de, agus an dothuarthacht a bhaineann leis na torthaí sin. Is féidir leis an eolas nua céim nua i réimsí feidhme a oscailt, in éadan arduithe incriminteacha a thiocfar amach ó cheisteanna taighde spriocdhírithe. Is bunchloch é an taighde bunaithe ar an fhiosracht de gach aon éiceachóras taighde agus nuálaíochta fadbhunaithe agus thiocfadh machnamh a dhéanamh orthu mar infheistíocht ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach. Tá leas aige chun na glúnta atá le teacht a spreagadh, agus fiosracht ó nádúr acu i gcúrsaí na cruinne, a fhad is go bhfásfaidh siad le bheith ina gcuid ceannasaithe taighde agus lucht déanta polasaithe ó thaobh an taighde de. Cé go ndíríonn buntionscadail taighde aonaracha reatha ar ghné bheag den eolaíocht nó den domhan nádúrtha, thiocfadh tionchar ollmhór teacht amach as agus tionchar a mbeadh impleachtaí sochaíocha leathan leo. Samhlaígí, mar shampla, an intleacht shaorga nó an ríomhaireacht candamach, gan ach beagán a lua. Dá bhrí sin, níor chóir dúinn beag a dhéanamh as buntaighde agus é a aicmiú sa ghrúpa 'teoranta', ach ag an am céanna gan é a chaitheamh sa ghrúpa 'sónna' áit éigin eile i sochaí an taighde.

Bhí roinnt de na haighneachtaí seo ag díriú isteach ar an spástaiscéaladh. Bhí na haighneachtaí seo a bhí ag díriú isteach ar úsáid an spáis le haghaidh leas an tsochaí ina n-aighneachtaí tráthúla ar fad, go háirithe do thír chomh bheag le hÉireann atá ag teacht chun tosaigh mar 'stát spáis atá ag fás de réir a chéile. Cé nach raibh ach na tíortha móra cumhachtacha i gceannas ar scéal an spáis go dtí seo, titeann formhór na ngníomhaíochtaí amach ag cuideachta príobháideacha ó thíortha tosaithe ar na mallaibh go dtí tíortha ilnáisiúnta, agus le tamall anuas roinnt tír bheag.

1. Ní mór tacaíocht a chur roimh an taighde bunaithe ar an fhiosracht, ní amháin gur féidir leis ár dtacar sonraí eolais a athrú, agus is féidir leis an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí a spreagadh agus a fhorbairt, mar aon le lámh chuidiú nach beag a thabhairt don lucht déanta polasaithe.
2. Taighde reatha an spáis a leathnú:
    - Bain feidhm as na féidearthachtaí seo maidir le taighdeoirí Éireannacha ónár n-institiúidí ardoideachais agus ónár bhfiontair chun staid na tíre mar stát spáis atá ag fás a fheabhsú de réir a chéile agus réitigh a thabhairt roimh dhúshláin shochaíocha (mar shampla ó sholáthar an leathanbhanda go monatóireacht uirbeach, tuaithe, cois fharraige agus mara, go cosaint ár bpríobháideacht agus slándáil ár gcumarsáidí.
    - Déan úsáid an spáis a chosaint dúinn ar fad (mar shampla, trí smionagar contúirteach spáis, ina gcuirfear innill satailíte s'againn i mbaol, a laghdú) agus déan dul chun cinn ar ár dteicneolaíochtaí i ngach réimse reatha.

# Téamaí tras-earnálacha

**Is iomaí snáithe a chuireadh ar fáil sna 14 théama thuas luaite, ach tháinig dhá théama tras-earnálacha chun cinn ó anailís na n-aighneachtaí poiblí. Is ionann iad agus 'Athléimneacht a Thógáil' agus 'An Ullmhacht': Tuiscintí na Paindéime agus Ag Neartú Tírdhreach an Taighde agus Rannpháirtíocht an Phobail**

## 3.2.15 | Ag tógáil na hacmhainneachta agus na hullmhachta: léargas ón phaindéim

Bhí COVID-19 ina chomhthéacs lárnach do chuid mhór de na haighneachtaí fud fad na dtéamaí. Léiríodh sna haighneachtaí gur tugadh deis dúinn ár saolta a athmheas, mar aon le cúrsaí oideachais, oibre, ceisteanna ar cheartas sóisialta agus comhionannais, mar aon lenár dtionchar ar an aeráid. Bhí baill an phobail á lorg taighde breise ar ghéarthionchar na paindéime COVID-19 agus na héifeachtaí fadtéarmacha a bhfuil bainte léi, mar aon leis na srianta ar chúrsaí sláinte, meabhairshláinte, oideachas agus forbairt na bpáistí.

**Is iad an dhá réimse phríomha iad sin na:**

1. **Éifeachtaí sláinte de dheasca COVID-19**
2. **Tionchar sóisialta de dheasca COVID-19**
3. **Ullmhacht na tíre roimh an chéad phaindéim eile**

Go ginearálta, bhí na haighneachtaí á maíomh gur chóir dúinn ar fad tuiscint níos iomláine a fháil ar éifeachtaí fadtéarmacha sláinte, eacnamaíocha agus sóisialta na paindéime seo, lena n-airítear drochthionchar na srianta ar an rannpháirtíocht shóisialta agus ar mhoilleanna na gcóireálacha ar chúinsí ainsealacha agus ar bhásanna COVID-19 dóibh siúd a raibh a leithead i gceist acu.

### Léargas an phobail:

Thug an phaindéim COVID-19 deis do dhaoine aonaracha agus d'eagraíochtaí chun a gcuid machnaimh a dhéanamh agus a n-ord tosaíochta a athordú. Taobh istigh de na haighneachtaí seo, bhí uaillmhian láidir ann chun ceachtanna foghlama na paindéime seo a chur i dtaisce agus tús a chur leis an ullmhacht don todhchaí.

*'I gcomhthéacs na hacmhainneachta náisiúnta agus na bainistíochta éigeandála, ceapaim gur chóir don taighde leanúnach a dhéanamh ar rioscaí, leochaileacht, infreastruchtúr criticiúil agus acmhainneacht na tíre mar chuid den phróiseas a bhaineann leis an chlár náisiúnta um rioscaí. Is féidir le seo eolas a dhéanamh d'obair na hOifige Pleanála Éigeandála, mar aon le ranna an rialtais dá leithead: an Roinn Sláine, an Roinn Chomhshaoil, an Roinn Tithíochta, an Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Cosanta, an Roinn Fhiontair agus an Roinn Oideachais.'*

## Léargas an phobail:

Chuir an phaindéim COVID-19 an pobal ar an eolas faoi na buntáistí maithe a ritheann leis an taighde agus na róil a bhíonn imeartha acu, agus le himirt acu i dtaobh téarnaimh na paindéime de. An rud a bhí tógtha óna haighneachtaí, cé nach raibh sé curtha i bhfocail díreach, ach chun na réitigh a bhaint amach, caithfear aghaidheanna a thabhairt ar na dúshláin go hiomlánach agus tá gach seans ann go mbeifear ar níos mó ná réimse taighde amháin a n-aghaidh a thabhairt.

*'Toisc go raibh muid in ann dul i ngleic le COVID-19, agus leis an bhagairt is mó agus is eisí i saolta s'againn, an t-athrú aeráide, tuigimid anois nach ndéanfaidh réitigh eolaíocha agus teicneolaíochta cúis amháin, ach go gcaithfear dearcthaí, tuairimí agus barúlacha na ndaoine a ailíniú le chéile ar son leas na tíre iomláine. Bíonn taighde breise de dhíth ar fhachtóirí daonna, (sochaíocha, cultúrtha, iompraíocha) a fhad is go mbeidís in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo le chéile.'*

*'Feachtas náisiúnta chun aird agus feasacht ar ghalair thógálacha agus ar mhiocrorgánaigh maithe sláintiúla a thógáil - ar na bealaí chun miocrorgánaigh maithe a choinneáil shláintiúil agus chun na drochmiocrorgánaigh a choinneáil ar shiúil, agus cóireáil a chur ar na droch-chinn nuair is gá. Ní mór do thaighdeoirí iompraíochta a bheith i gceannas ar a leithead de seo, agus chan eolaithe na saotharlanna nó dochtúirí. Tabhair ról don phobal maidir leis an chéad ghlúin eile a shábháil agus bí ag comhoibriú chun ráigeanna níos measa ná COVID-19 a sheachaint. Tabhair rogha pearsanta dóibh.'*

### 3.2.15.1 Éifeachtaí sláinte COVID-19

Bhí an tsláinte, an mheabhairshláinte agus na galair thógálacha go mór chun cinn ó na haighneachtaí a bhí dírithe ar COVID-19. Dhírigh na haighneachtaí ar an víreas é féin, lena n-áirítear idirghabhálacha chun é a shárú agus na héifeachtaí fadtéarmacha dóibh siúd a bhí ionfhabhtaithe. Príomhréimse eile a bhí ann ná an bhaint idir an phaindéim agus/nó an féinleithlisiú a rith leis, agus leitheadúlacht na bhfadhbanna meabhairshláinte méadaithe in Éirinn, chomh maith leis na himpleachtaí fadtéarmacha de mhéadú mar sin a aithint. Lena chois sin, bhí aighneachtaí á gceistiú an raibh grúpaí éagsúla áirithe i gcontúirt níos mó ná grúpaí eile, mar shampla, iad siúd a raibh aon riocht meabhairshláinte ann cheana, ná fiú daoine óga a bhfuil imní méadaithe acu mar gheall ar aon chur isteach ar a gcuid foghlama agus forbairt sochaíocha toisc ar pholasaithe a bhí deartha le dul i ngleic le scaipeadh an víris COVID-19.

### 3.2.15.2 Tionchar sóisialta de dheasca COVID-19

Ardaíodh pointí breise ag an phobal i dtaca le tionchar COVID-19 (idir dhearfach agus diúltach araon) ar chúinsí oideachais agus tithíochta agus ar an fhorbairt réigiúnach agus oibre. Sa chás deireanach, folaítear sna haighneachtaí; seachtain oibre de cheithre lá, damáiste do na reitiní de thoradh ar obair ón bhaile/ar scáileáin, cúinsí oibre, an chianobair, obair hibrideach, uaireanta fada oibre, easpa an chaidrimh shóisialta, tuismitheoireacht agus cúram páistí, daoine faoi mhíchumas.

Thug an pobal scóip shuntasach an taighde sna réimsí seo faoi deara, ó thaobh comhthéacs na hÉireann de, agus a thig leis eolas a dhéanamh ar pholasaithe an rialtais amach anseo, tar éis na freagartha COVID-19 agus féadfar athruithe teacht ar pholasaithe agus ar an tsochaí féin, lena n-áirítear an dóigh ina chuirtear seirbhísí oideachais agus sláinte, agus chun cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach. Ina thaobh seo, léiríodh guth an phobail gur chóir don taighde eolas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí polasaithe amach anseo.

Ina theannta sin, léirigh cuid eile de na haighneachtaí gurb ionann ceisteanna sochaíocha, cultúrtha agus iompraíochta agus réitigh eolaíocha agus teicneolaíocha ó thaobh an tábhacht de, agus muid ag iarraidh dul i dtreo COVID-19 agus an t-athrú aeráide a shárú de, agus mar sin, a bheith ar son taighde breise ar fhachtóirí daonna a fhad is go rachfar i ngleic le dúshláin ar bhealaí níos iomlánaí agus níos éifeachtaí.

### 3.2.15.3 Ullmhacht na tíre roimh an chéad phaindéim eile

Thuig an pobal an gá a bhfuil ann chun machnamh a dhéanamh ar na héifeachtaí leathan den phaindéim COVID-19 anseo in Éirinn, chun eolas a dhéanamh ar chórais chun déileáil le hanachana amach anseo, idir na rudaí a bhfuil muid ar an eolas faoi - mar shampla, an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, agus na rudaí nach bhfuil muid ar an eolas faoi - mar shampla ráigeanna agus paindéimí amach anseo. Folaítear tuiscint na gcúinsí iompraíocha agus timpeallachta chun déileáil níos éifeachtaí le paindéimí amach anseo, agus an bunú féideartha de mhonatóireacht fhíor-ama de phataiginí, miocrorgánaigh, géin frithsheasmhacha (mar shampla, in ionaid chóireála chamrais). Cuireadh spotsolas ar staid an taighde imdhíoneolaíochta Éireannaí taobh istigh de na haighneachtaí, mar aon leis an ghá chun an taighde seo a chothú agus a cheangal leis an taighde ar ghalair thógálacha. Sa chomhthéacs seo, sheas cuid mhór de na haighneachtaí ar son bunú an ionaid taighde náisiúnta le haghaidh galair thógálacha.

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

Toisc gur tharla an feachtas seo i rith na paindéime COVID-19, ní iontas é líon na n-aighneachtaí dírithe ar an topaic seo a fheiceáil, mar aon leis an ról a n-imríonn agus a n-imreoidh an taighde sna tréimhsí gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach. Bhí béim ar leith ón phobal ar thionchar sochaíoch leathan de ghalair thógálacha. D'aithin an pobal féidearthachtaí agus torthaí dearfacha a bhí aitheanta i rith na paindéime agus a dtiocfadh leo lámh chuidiú a thabhairt do cheisteanna céanna sa todhchaí, chomh fada ar shiúil ón phaindéim seo.

1 Déan iarrachtaí taighde ar an tionchar síceasóisialta de COVID-19 agus cuidiú leis an téarnamh náisiúnta agus le hacmhainneacht na ndaonraí amach anseo. Thit taighde fairsing domhanda amach ar éifeachtaí an mheabhairshláinte mar gheall ar an phaindéim. De réir fianaise idirnáisiúnta ón taighde fadama gur féidir tionchar beag a bheidh ann. Ina dhiaidh sin féin, ag amharc ar chomhthéacs na hÉireann, léiríonn na torthaí ó 'Ag Fás Aníos in Éirinn (FAÉ) agus ó Staidéar Fadaimseartha um Aosú na hÉireann (SFAÉ) [13] go bhfuil arduithe suntasacha le feiceáil maidir le siomptóim dúlagracha idir ghrúpaí aoise óga agus aosta araon. Níl a fhios againn an bhfuil seo fíor do ghrúpaí aoise eile toisc nach bhfuil sonraí suirbhé ardchaighdeánach againn ar bhonn náisiúnta maidir le meabhairshláinte na ngrúpaí aoise eile go fóill. Ina theannta sin, tá impleachtaí fadtéarmacha an mheabhairshláinte agus na forbartha ón phaindéim fós ina cheist oscailte agus caithfear aird a dhíriú air.

2 Déan iarrachtaí taighde comhordaithe breise ar ghalair tógálacha agus ar chúrsaí imdhíoneolaíochta, trí chur chuige 'Sláinte amháin' a chur i bhfeidhm thar roinnt disciplíní agus earnálacha agus díriú ar an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus ar phaindéimí amach anseo. Tugadh maoiniú suntasach in Éirinn chuig na bith-eolaíochtaí agus tá bunchloch tionscail láidir tógtha den taighde agus de ghníomhaíochtaí san earnáil seo. Tá féidearthachtaí ar leith le haghaidh comhoibriú trasphobail anseo le Tuaisceart na hÉireann agus an RA.

3 Déan taighde breise, i gcomhthéacs na hÉireann, ar thionchar na n-athruithe ar na daoine, chun leas a sláinte agus a bhfolláine is fearr a bhaint amach, ní amháin agus na srianta COVID-19 i bhfeidhm, ach amach anseo agus athruithe córasacha fadtéarmacha le tarlú sa tsochaí. Chuaigh teagmháil maidir le ham scáileáin in airde i rith na dianghlasála COVID-19, toisc go raibh daoine ag brath níos mó ar na meáin shóisialta chun a bheith sóisialta i rith na hama nach raibh cead acu an teach a fhágáil. Ba chuma faoin aois, bhí daoine ag brath ar chomhéadain dhigiteacha chun a bheith páirteach leis an timpeallacht cianoibre, mar aon le cúrsaí oideachais, siamsaíochta agus rannpháirtíochta sóisialta agus daoine ag aistriú ó as líne go ar líne. Is beag fianaise atá ar fáil faoi láthair maidir le tionchar na n-oibreacha bhaile leictreonacha i rith na paindéime. Féadfar difríochtaí a bheith ann ó thaobh na héifeachtaí féideartha idir an chianobair agus an obair hibrideach agus roghanna móra ag na daoine seo chun am oibre na ndaoine a chur i bhfeidhm sa ré iarphaindéime seo.

4 Caithfear a bheith ar an eolas faoi na buntáistí fadtéarmacha agus gaistí féideartha a thagann chun cinn mar gheall ar an chianobair agus ar an obair hibrideach, idir anseo in Éirinn agus go domhanda, agus an modh oibre seo le bheith níos coitianta in áiteanna oibre na tíre. Ba chóir don taighde ról a imirt amach anseo de chúrsaí oibre anseo in Éirinn.

13 https://tilda.tcd.ie/

## 3.2.16 | Ag neartú tírdhreach an taighde agus rannpháirtíocht an phobail

Tugann an tacar sonraí den fheachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' léargas dochreidte dúinn ar ábhair imní an phobail, tar éis dóibh an taobh eile den phaindéim COVID-19 a bhaint amach, géarchéim tithíochta, inbhuanaitheacht timpeallachta (comhdháil  na Náisiún Aontaithe maidir leis an athrú aeráide, COP-19), agus an géarghá roimh an chuimsiú sóisialta.

Gabhadh na hábhair imní seo sna haighneachtaí, agus bhí roinnt mhór acu ag díriú ar réimsí taighde a bheas ina gcuidiú chun na ceisteanna casta in aimhréidh iad seo a réiteach. Bhí mothúchán le blaiseadh ón tacar sonraí nach tír mór le rá í Éireann ó thaobh ceisteanna a shárú de, ach go bhfuil sí páirteach le éiceachóras taighde idirnáisiúnta a bhíonn i gcónaí ag iarraidh cuidiú a thabhairt don (agus leas a bhaint ón) taighde, pé áit atá sé ag titim amach. Mar aon leis na hábhair imní áirithe seo, bhí réimsí na rannpháirtíochta poiblí go lárnach leis an taighde agus leis an cheapadh beartas.

**Is iad an dhá réimse phríomha iad sin na:**

1. **Eagrú an taighde in Éirinn, lena n-áirítear an comhéadan taighde-polasaí**
2. **Rannpháirtíocht poiblí leis an taighde agus leis an cheapadh beartas**

### 3.2.16.1 Eagrú an taighde in Éirinn, lena n-áirítear an comhéadan taighde-polasaí

Cé go raibh cuid mhaith de na haighneachtaí dírithe ar smaointe an taighde, bhí cuid bheag de na haighneachtaí céanna ag déanamh tagairt dhíreach do cheisteanna polasaithe go háirithe. Bhí roinnt aighneachtaí eile ag déanamh tagairt don ghá roimh cheapadh beartas níos fearr bunaithe ar an fhianaise, lena n-áirítear sainpháinéil a bhunú mar fhaisnéiseoirí na bpolasaithe.

Lena chois sin, bhí ceann de na snáitheanna a tháinig chun cinn ná an taighde féin agus an dóigh a maoinítear agus a chuirtear i bhfeidhm é. Léirigh cuid eile ábhair imní faoi luach poiblí na n-airgead agus roinnt aighneacht ag díriú isteach ar dhiomailt agus ar dhúbláil an taighde. Bhí roinnt aighneachtaí eile ag léiriú ábhair imní de cé a bheas is fóirsteanaí chun fócais an taighde a chinneadh, agus roinnt den phobal den tuairim gurb ionann taighdeoirí agus cad a bheas i gceist do thaighde na hÉireann amach anseo. Iarrtar ar an taighde níos idirdhisciplíní sna haighneachtaí agus an gá chun na pobail AHSS agus STEM a thabhairt le chéile chun comhoibriú níos fearr a bhaint amach.

Bhí béim láidir ar fhad saoil an taighde agus go mbeidh taighdeoirí go luath ina ngairmeacha in ann dul chun cinn a dhéanamh leis a ngairmeacha, agus ag seachaint na neamhchinnteachta acadúla de thoradh ar sin. Féadfar guthanna na dtaighdeoirí iad féin a bheith i gceist anseo, ach ní mór machnamh a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn na hábhair imní chéanna seo ag an phobal níos leithne agus b'fhéidir go mbeidh sin ina bhunchloch do mhuinín agus iontaobhas na ndaoine roimh an taighde.

I measc cuid de na haighneachtaí, bhí feasacht i gceist maidir leis an chineál taighde atá idir lámha ag tíortha thar sáile (i bhfoirm BioBank an RA, CERN [an Eagraíocht Eorpach um Thaighde Núicléach], cláir ghéanómaíochta náisiúnta) agus uaillmhian ar leith chun a leithead de seo a mhacasamhlú in Éirinn. Ar an bhealach chéanna, léiríodh fonn súil a chaitheamh ar chúrsaí idirnáisiúnta, agus ceachtanna foghlama a bhaint ó thíortha eile, mar shampla bealaí ar son na raithní a dhéanamh dleathach, nó caighdeán an aeir, nó daonraí atá ag dul in aois.

### 3.2.16.2 Rannpháirtíocht poiblí leis an taighde agus leis an cheapadh beartas

Bhí glaonna ann go dtabharfar scileanna agus guthanna ar phobail chun aghaidh a thabhairt ar a dtaighde féin agus go bhforbrófar modhanna chun cultúr níos fearr de thaighde rannpháirtíoch a chothú le pobal na hÉireann.

Bhí roinnt aighneachtaí ag déanamh tagairt ar bhealaí níos fearr a chumadh chun rochtain níos fairsinge a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil tinneas acu a dtuairimí féin a chur leis an taighde sa réimse sin a bhaineann an tinneas. Bhí roinnt glaonna cosúil le chéile ann maidir le cúrsaí oideachais, tithíochta, agus cuimsithe sóisialta, mar aon le bearta nuálaíochta faoin inbhuanaitheacht timpeallachta.

Bhí roinnt aighneachtaí eile á lorg cumarsáid agus rannpháirtíocht feabhsaithe leis an phobal, chomh maith le scaipeadh ardaithe de na torthaí a thagann chun cinn tar éis an taighde. Bhí béim ar rochtain oscailte roimh fhoilseacháin an taighde agus na torthaí a bhaineann leo, agus bhí na haighneachtaí seo ar aon ghuth gurb ionann é sin agus bealaí chun daonlathú an eolais agus an taighde a chothú. Léiríodh sna haighneachtaí gur chóir an tábhacht shuntasach céanna a leanúint i dtreo tacaíocht an oideachais agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí.

## Léargas an phobail:

Tháinig uaillmhian an phobail, maidir le páirt níos mó a bheith acu le cúrsaí taighde, chun cinn sna haighneachtaí mar aon le rochtain níos fearr ar thorthaí an taighde a fháil. Ní mór do thionscadail taighde rannpháirtíochta forbartha reatha nó nua fiú, machnamh a dhéanamh ar thorthaí na dtéamaí seo mar aon leis na smaointe arna thugadh ag an phobal.

*"Clárú deonach na saoránach (taisclann) dóibh siúd a bheas sásta a bheith ina rannpháirtithe taighde"*

*'Ag comhdhearadh do dhaonra atá ag dul in aois Tá daonra ag dul in aois go sciobtha ag Éirinn. Tá géarghá ann chun an feiniméan seo a thuiscint thar na blianta atá le teacht. Tá taighde comhdheartha agus taighde eolaíochta na saoránach le daonraí níos sine de dhíth thar thréimhse ama chun seirbhísí níos fearr a chruthú, mar aon le táirgí agus todhchaí do dhaonraí atá ag dul in aois. Folaítear leis sin: seirbhís sláinte, seirbhísí poiblí, oideachas, ag dul in aois in áiteanna.'*

## Léiriú agus Treoracha chun Gnímh

1 **Tá fócas de dhíth ar an chomhéadan taighde-polasaí.**
Is léir ó na haighneachtaí seo gur chóir don taighde eolas a dhéanamh do pholasaithe go díreach, mar aon le hidirdhealú a dhéanamh nach ionann iad na ceangail idir an lucht déanta polasaithe agus taighdeoirí in amanna. Tagann roinnt ábhair machnaimh chun cinn ina gcaithfear aird a dhéanamh orthu i bhfoirm:

i. comhoibriú, líonraí agus córais atá de dhíth chun ceapadh bearta bunaithe ar thaighde agus fianaise a thacú fud fad na hÉireann - mar shampla, clár polasaithe taighde/eolaíochta náisiúnta éigin.

ii. na ceangail ina buaileann na hinniúlachtaí agus an saineolas le chéile agus na bealaí ina dtiocfadh linn iad a thógáil; agus

iii. an t-infreastruchtúr a bhfuil de dhíth chun polasaithe fadtéarmacha bunaithe ar an taighde a thacú mar is ceart.

2 **Dírigh ar an taighde rannpháirtíoch leis an phobal**
Trí imscrúdú a dhéanamh ar na haighneachtaí, tá roinnt réimse fós le machnamh a dhéanamh orthu le haghaidh aon taighde rannpháirtíoch leis an phobal amach anseo:

**i. Dearcadh nua ar an bhealach is fearr chun seo a bhaint amach**

Tá líon suntasach de thaighde ag titim amach in Éirinn faoi láthair chun dul i ngleic le haighneachtaí an phobail. Ní mór cumarsáid bhreise a dhéanamh leis an phobal ar an taighde reatha agus na torthaí a bhaineann leis.

Cé go bhfuil obair shuntasach ag tarlú in Éirinn ó thaobh rannpháirtíocht a dhéanamh leis an phobal de, ba chóir aird a thabhairt ar thionscnaimh tiomanta a chuireann rannpháirtíocht an phobail agus an cuimsiú poiblí chun cinn, mar shampla trí na meáin, nó trí fheachtais náisiúnta agus áitiúla, nó trí chainteanna poiblí fiú (próisis mhachnamhacha ionadaíocha). Tar éis machnamh a dhéanamh ar na haighneachtaí, is léir go bhfuil infreastruchtúr dá leithead sin dhíth chun rannpháirtíocht an phobail a chothú.

Léiríodh gurb ionann pobal an taighde agus na réimsí is fearr le haghaidh taighde in Éirinn. Toisc ar seo, is léir go bhfuil níos mó eolas de dhíth chun uaillmhian níos láidre de rannpháirtíocht taighde náisiúnta a chothú sa taighde mar aon le tuairimí faoi chéimlathais eolais a cheistiú agus fáil amach cé leis na guthanna ar chóir a bheith i mbéal an phobail.

**ii. Dírigh isteach ar an buntaighde**

Go sonrach, dhírigh cuid mhór de na haighneachtaí poiblí ar réimsí d'ábhair imní reatha an lae inniu agus bhí béim ollmhór curtha ar iontaobhas i gceapadh beartas agus i gcinnteoireacht. De bhrí go raibh fócas ar cheisteanna d'ábhair imní reatha sna haighneachtaí, is léir go bhfuil tuiscint ar leith bainte leis an taighde feidhmeach STEM (réiteach fadhbanna). Mar sin féin, tá tuiscint teoranta ar ról an bhuntaighde thar na disciplíní ar fad, agus go bhfuil córais taighde maithe in ann láidreacht agus gníomhachas a chur ar an speictream iomlán de thaighde agus de bhuntaighde ar fud na ndisciplíní.

**iii. Fócas ar phróiseas an taighde**

Chomh maith le fócas a chur ar réimsí taighde áirithe, agus ar na torthaí a bhaineann leis agus rannpháirtíocht déanta leis an phobal agus leis na páirtithe leasmhara, caithfear machnamh a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun róil an taighde a mhíniú don tsochaí agus i rith phróiseas an taighde. Thiocfadh tionchar suntasach ar fad a bheith ann le tionscnaimh leis an fhócas seo, go háirithe iad siúd a bhfuil páirteach i gceapadh beartas.

**iv. Foghlaim ceachtanna ón fheachtas seo**

Níos leithne ná sin, tá fiúntas ann faoin dóigh ina dtugadh cuireadh don phobal chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo. Is léir gur thuig an pobal brí éagsúla don cheist agus 'ábhair imní agus ceisteanna' ag teacht chun tosaigh in áit 'réimsí taighde ar chóir do thaighdeoirí na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu do na blianta beaga atá le teacht'. Tugadh léargas den scoth dúinn ar ábhair imní phobal na hÉireann mar gheall ar seo, níos mó ná a gcuid moltaí roimh chúrsaí taighde faoi láthair, ach is féidir iad sin a oibriú amach de réir a chéile. Agus tionscnaimh bhreise amach anseo le dearadh sa réimse seo, tá fiúntas ann machnamh a dhéanamh ar chúrsaí cumarsáide agus rannpháirtíocht a dhéanamh leis an phobal mar is cinnte go mbíonn tionchar láidir i gceist roimh na haighneachtaí a sheolann siad.




## Léargas an phobail:

Cuireadh ceist na todhchaí ar an phobal mar chuid den fheachtas tobsmaointeoireachta é seo. Ó na freagraí faighte, bhí an pobal in ann an lucht déanta polasaithe a cheistiú mar aon leis na daoine a chuireann torthaí an fheachtais i bhfeidhm chun a leithead céanna de thaighde a bhaint amach.

*'Mothaím gur chóir do thaighdeoirí dul i ngleic leis na bealaí ina dtiocfadh linn Éire a úsáid mar mhúnla treorach le haghaidh sochaí athghiniúnach. Físeanna comh-chruthaithe den todhchaí athghiniúnach trí phunann de thrialacha nuálaíochta nasctha dírithe ar cheisteanna córasacha a shárú. Tá roinn nua an todhchaí de dhíth orainn, taobh amuigh den rialtas traidisiúnta, ina bhfuil mandáit acu an todhchaí mhalartach a shamhlú.*

*'Cén saghas cuma a bheas ar Éireann i gceann 30 bliain? Cén dóigh a gcruthófar prionsabail amach as sin chun treoracha a leagan amach do na ranna uile? Mar shampla, caithfear gach plean cloí leis an fhís atá ar son na todhchaí. Déan taighde ar an dóigh ina féidir linn sin a dhéanamh. Cad iad na struchtúir a bheas de dhíth? Conas is féidir é a dhéanamh? Cad iad na cumhachtaí a bheas de dhíth?*

*'Bunaigh institiúid a bhfuil dírithe ar thodhchaí náisiúnta na hÉireann, cosúil leis an cheann atá ar fáil sa Danmhairg. [Institiúid Staidéir na Todhchaí Chóbanhávan].*

*'I gceann 30 bliain, cad iad na díobhálacha ar chóir dúinn críoch a chur leis inniu chun tubaistí a sheachaint?'*


Tá gairdín na féidearthachta
saothraithe againn.
Feiceann tú an méid amháin
a thugann tú léargas air.

# 4 / Moltaí

**Nuair a dhruideadh tairseach ar líne de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar an 30 Samhain 2021, bhí 18,062 aighneacht bailí faighte ón phobal.**

Gabhadh nóiméad in am sna haighneachtaí, agus tugadh ardán d'ábhair imní na ndaoine, mar aon lena gcuid tosaíocht amach anseo, agus a gcuid smaointe agus léargais ar na bealaí is féidir leis an taighde an todhchaí a mhúnlú. Tá fís na todhchaí ó na haighneachtaí bunaithe ar luachanna agus tá gealltanas láidir iontu roimh an chóir agus roimh an chuimsiú araon. Thairis sin, léiríonn siad muinín na ndaoine sa taighde agus gur féidir leis a úsáid mar athrú sochaíoch.

Toisc ar líon na rannpháirtíochta i rith an fheachtais seo agus líon na n-aighneachtaí faighte, is cinnte go bhfuil muinín ag an phobal i gcúrsaí taighde, agus ina gcumas chun folláine an duine agus na sochaí a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gach duine againn a ullmhú do na dúshláin amach anseo.

Léirítear seo trí fhreagairt phobal na hÉireann maidir leis an phaindéim COVID-19, go háirithe trí líon ollmhór na ndaoine a fuair a gcuid vacsaínithe agus a cloí leis an chomhairle sláinte poiblí. Laistigh de na haighneachtaí iad féin, agus ag brath ar na réimsí leathan iontu, ritheann an smaoineamh seo gur féidir leis an taighde difear a dhéanamh i gcás todhchaí níos fearr agus clúdaítear gach ábhair taighde leis. Chuir na haighneachtaí spotsolas ar luach na bpolasaithe taighde fadtéarmach comhtháite mar aon le tábhacht forbartha na bpolasaithe bunaithe ar thaighde.

D'aithin an Coiste Saineolaithe dhá shraith de mholtaí chun na féidearthachtaí ón fheachtas Ag Múnlú ár dTodhchaía sheachadadh:

- **Is é an chéad sraith de chúig mholadh** inar chóir do thaighde aghaidh a thabhairt ná ar 16 théama agus treoracha chun gnímh arna aithint ag an phobal agus ní mór dóibh a chur i bhfeidhm go láithreach. Bhí siad dírithe ar an rialtas agus ar phobal an taighde. Tá treoracha chun gnímh níos sonraí ón phobal ar fáil i gCaibidil 3 agus tugann siad comhthéacs agus réimsí breise ar fáil don taighde a bhfuil machnamh le déanamh orthu.
- **Tá an dara shraith de 6 mholadh** dírithe ar an rialtas agus cuirtear béim ar ghníomhartha fadtéarmacha córasacha atá riachtanach chun córais taighde na hÉireann a chumasú a fhad is go mbíonn siad in ann treoracha chun gnímh an phobail a sheachadadh.

**Tá gach rud nasctha.**
Tá soiléireacht de dhíth orainn ach tuigimid go bhfuil gach rud nasctha agus in aimhréidh le chéile.




**Uaireanta, d'fhonn maireachtáil sa todhchaí, cuidíonn sé go bhfuil creat nó go deimhin, múnla mheabhrach ar conas an deireadh a bheidh le cinntí a dhéanamid sa lá atá inniu ann.**

In éagmais cinnteachta, is féidir linn leas a bhaint as seach-atógálacha a thugann soiléireacht go leor dúinn chun gníomhú.

Is ionann scafall agus struchtúr sealadach a thógáil a mhaireann tréimhse ama, rud a ligeann don struchtúr níos buaine fás timpeall air... Cuireann sé creat ar fáil chun maireachtáil sa todhchaí agus síol na féidearthachta a chur.

Imeoidh sé i léig le himeacht ama de réir mar a bhuanófar níos mó eilimintí. Is féidir é a dhíchóimeáil ag an bpointe seo; ach fanfaidh fianaise a thionchair i 'DNA' na todhchaí.

## 4.1 Réimsí taighde le plé

### 1 Ní féidir réitigh sa todhchaí a fhorbairt i sadhlanna - tá gach rud nasctha. Ba chóir do thaighdeoirí bealaí a iniúchadh maidir le cónaí a dhéanamh laistigh dár gcríocha pláinéadacha le réitigh inmharthana comhtháite.

Léiríonn cuid de na haighneachtaí faighte ón phobal na dúshláin agus an uaillmhian a bhaineann leo, chun dul i ngleic le gníomhartha córasacha iomlánacha de dheasca go sárófar na dúshláin féin. Thar chuid de na téamaí i gCaibidil 3, bhí snáithe leanúnach ann maidir leis an gá chun réitigh inmharthana de stíl mhaireachtála a fhorbairt le haghaidh todhchaí bunaithe ar chlár oibre comhroinnte. Bhí seo bunaithe ar a leithead d'fhaisean inmharthana, airgeadas, iompar, talmhaíocht agus tithíocht.

A fhad is go seachnófar na hiarmhairtí gan choinne de thuairimí eagrúcháin agus gan a bheith ag míthuiscint na gceangal idir na hearnálacha ar fad, ní mór do pheirspictíochtaí iomlánacha ar an inbhuanaitheacht a fhorbairt agus eolas a dhéanamh ar scóip agus ar chuspóirí na dtionscadal taighde agus na gclár maoinithe in Éirinn.

### 2 Tá iarrachtaí taighde luathaithe de dhíth maidir le sláinte mheabhrach agus galair tógálacha chun caighdeáin na beatha a fheabhsú mar aon le hacmhainneacht na hÉireann maidir le hachrainn as seo amach.

Bhí an mheabhairshláinte ina ábhar imní príomha do phobal na hÉireann, agus glaonna ann chun béim feabhsaithe a chur ar an idirghabháil luath agus ar an aimsiú luath, go seachnófar seirbhísí breise sa phobal, agus chun tuiscint níos comhbháiche, níos sofaisticiúla agus níos caolchúisí ar an mheabhairshláinte agus ar an fholláine araon. Bainfidh taighde na hÉireann maidir leis an mheabhairshláinte leas ar leith as forbairt na n-iarrachtaí comhordaithe náisiúnta, lena n-áirítear disciplíní agus páirtithe leasmhara iomadúla le dul i ngleic le ceisteanna casta an mheabhairshláinte, agus na gcinntitheach socheacnamaíoch, chun athléimneacht na ndaonraí a chinntiú in éadan bagairtí amach anseo.

Ba chóir tionscnaimh chomhlántacha a chomhordú, a bharrfheabhsú agus a thógáil maidir le galair tógálacha agus taighde imdhíoneolaíochta fud fad na hÉireann. Tá cohórt láidir de thallanna, lena n-áirítear disciplíní agus páirtithe leasmhara iomadúla ina dtacófar go hinmharthana sa todhchaí, de dhíth chun dul i ngleic le galair thógálacha reatha agus nua a bheas ina mbagairtí ar bhonn áitiúla, náisiúnta agus domhanda. Bíonn modh de 'Sláinte Amháin' de dhíth anseo, de dheasca an nádúir ceangailte de shláinte agus folláine na ndaoine, na n-ainmhithe agus na timpeallachta.

### 3 Ba chóir do thaighdeoirí réitigh Éireannacha saincheaptha, do sheirbhísí agus bonneagar (ó thithíocht go hiompar agus fuinneamh), a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Ba chóir ceisteanna maidir lenár dtíreolaíocht ar leith, sochaí agus oidhreacht a phlé a fhad is go mbainfear leas do gach uile dhuine.

Is soiléir iad dúshláin infreastruchtúir na hÉireann, agus bainfear leas as aird fheabhsaithe ar an chomhthéacs áitiúil agus náisiúnta nuair a fhorbrófar réitigh saincheaptha.

Tá seo cuí roimh dhúshláin na tithíochta, iompair agus fuinnimh arna aithint ag an phobal. Tá dúil láidir an phobail ann roimh rannpháirtíocht i réitigh áirithe ar chomhthéacs a dhearadh fud fad na hÉireann, agus beidh comhthuiscint de riachtanais de dhíth mar aon le dealraitheacht óna páirtithe leasmhara uile. Ba chóir don taighde ról a imirt sna hiarrachtaí seo, ach beidh cur chuige náisiúnta comhordaithe feabhsaithe ar pholasaithe an taighde de dhíth, mar aon le maoiniú más rud é go mbeidh an réimse seo in ann á bhforbairt, á gcur i bhfeidhm agus á meas.

### 4 Caithfear taighde na hÉireann a bheith ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, chun saolta na ndaoine a fheabhsú, chun iontaobhas an phobail a ardú agus chun sochaí níos cuimsithí agus níos cothroime a dhéanamh.

Caithfear aird a thabhairt ar na bealaí ina dtiocfadh le saineolas na hÉireann a fheabhsú a fhad is go mbeidh sí ina ceannasaí domhanda ó thaobh an aistriú dhigitigh de. Folaítear na réimsí áirithe don phobal seo a leanas, idir teicneolaíochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an tsláinte agus an fholláine dhigiteach, agus na bealaí ina dtiocfadh le teicneolaíochtaí digiteacha cur le cúrsaí rialachais agus ceapadh beartas le haghaidh cinnteoireacht agus trédhearcacht níos éifeachtaí san iomlán. Tá tábhacht ar leith anseo maidir le hÉirinn toisc go bhfuil cuid mhór de na comhlachtaí teicneolaíochta móra lonnaithe anseo, mar aon leis na rioscaí feabhsaithe roimh an sláinte agus an daonlathas a thagann chun cinn de bhrí ar chleachtais neamheiticiúil agus neamhiontaofa sa domhan digiteach.

### 5 Tá taighde de dhíth chun leas a bhaint as cumhacht na bpobal a fhad is go nginfear athruithe áitiúla agus córasacha in Éirinn (ó thionscnaimh ghlasa go cúrsaí oideachais agus obair sa todhchaí).

Caithfear machnamh a thabhairt ar bhealaí ina dtig le pobail taighde na hÉireann rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail eile taobh istigh de thionscadail taighde reatha agus amach anseo. Mar atá feicthe thar chuid mhór de na téamaí seo, tá láidreachtaí fadbhunaithe agus cultúr leathan ag Éirinn maidir le pobail, obair dheonach agus tacaíocht a thabhairt dá chéile, agus caithfear na buanna seo a thógáil de réir an phobail. Anois an t-am chun leas a bhaint as cumhacht na bpobal ar son taighde arna dhéanamh agus arna chur i gcrích in Éirinn. Ní bhainfear na hathruithe leanúnacha ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta iad seo amach ach amháin trí rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail, agus ba chuma más tionscnaimh ghlasa, bearta oideachais nó todhchaí na socruithe oibre, ba mhaith leis an phobal a bheith páirteach.

## 4.2 An córas taighde a neartú chun torthaí níos fearr a sheachadadh

Tar éis eolas déanta ar na haighneachtaí agus ar anailís na seacht meitheal, d'aithin an Coiste Saineolaithe 6 mholadh tras-earnálacha ina chóir dúinn aghaidh láithreach a thabhairt orthu chun taighde a sheachadadh ar ábhair dhóchais na ndaoine in Éirinn, mar atá le feiceáil go lárnach tríd an fheachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'.

**Chun uaillmhianta an phobail a sheachadadh ar chúrsaí taighde, tá an Coiste Saineolaithe ag moladh gur chóir don rialtas obair le daoine chun seo a leanas a bhaint amach:**

### 1 Córas taighde cuimsitheach in Éirinn a chinntiú le tionscnaimh úra le haghaidh taighde gnóthach leis an phobal.[14]

Tionscnaimh reatha a úsáid chun rannpháirtíocht leis an phobal a dhéanamh tríd an taighde, agus trí chumarsáidí an taighde agus tríd an oideachas, do leas an taighde agus leas an phobail araon. Mar sin féin, tá athrú céime de dhíth, ó thaobh nádúr agus scála na dtionscnamh seo. Ní mór tionscnaimh nua a dhearadh chun rannpháirtíocht phoiblí agus tuiscint an taighde a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm mar aon leis na cinn reatha a thógáil. Bhí sé soiléir ó na haighneachtaí go raibh an pobal ag iarraidh rannpháirtíocht bhreise a dhéanamh agus gur chóir do phobal an taighde freagraí a dhéanamh.

Beidh ar na tionscnaimh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cláir taighde comhcruthaithe a dhreasú leis an phobal;
- nádúr an taighde agus próiseas an taighde a chur chun cinn mar aon le torthaí insroichte an taighde;
- aschur an bhuntaighde a léiriú agus taighde AHSS a dhéanamh roimh dhúshláin shochaíocha;

14 https://www.campusengage.ie/wp-content/uploads/2020/11/Campus-Engage-Policy-Brief-Senior-Civil-Servants-and-Policy-Makers-in-Government.pdf

**An dóigh is fearr le hinfheistíocht a dhéanamh sa todhchaí,**

# déan infheistíocht sna daoine a mhairfidh ann.



- cláir rannpháirtíochta taighde nua a fhorbairt bunaithe ar mhúnlaí den daonlathas cuimsitheach rannpháirtíoch agus tomhaiste;
- polasaithe ar rochtain oscailte a thacú chun scaipeadh na dtorthaí taighde a spreagadh.

## 2 Infheistíocht a dhéanamh ar thaighde ildisciplíneach agus ar thaighde trasdisciplíneach.

Bíonn freagraí iomlánacha nuálacha bunaithe ar thaighde de dhíth chun dul i ngleic leis an nádúr casta in aimhréidh de na dúshláin arna chur isteach ag an phobal. Beidh tacaíocht leanúnach de dhíth ar a bharr seo don taighde bunaithe ar dhisciplíní agus ar fheabhsú suntasach an toillte le haghaidh taighde ildisciplíneach.

Tá sé riachtanach go gcuirfear na harduithe taighde i bhfeidhm ar bhonn STEAM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic) in áit STEM amháin, agus ról suntasach ar leith ag na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta roimh an athrú sochaíoch agus an fhás sóisialta.

De thoradh an toilleadh le haghaidh taighde ildisciplíneach, beidh infheistíochtaí de dhíth ar chláir oideachasúla chun toilleadh ildisciplíneach na dtaighdeoirí a fhorbairt agus chun forbairt na líonraí agus cuibhreannas taighde ildisciplíneacha a thacú. Tá féidearthacht ann chun bealaí a fhiosrú a fhad is go mbeidh líonraí agus cuibhreannais is ann leas a bhaint as saintaighde na tíre.

## 3 Ailtireacht a chumadh chun tacaíocht a thabhairt don choimeádán taighde-polasaí.[15]

Chun uaillmhianta an phobail ó na haighneachtaí a bhaint amach, caithfear an comhéadan idir an taighde agus an ceapadh beartas poiblí a fhorbairt go mór in Éirinn. Má tá ceapadh beartas le leas a bhaint ó infheistíocht na hÉireann sa taighde, caithfear meicníochtaí a chur ar fáil chun cainteanna a éascú, mar aon le rochtain feabhsaithe ar fhianaise, agus chun tuiscint níos fearr a thabhairt don lucht déanta polasaithe atá ag feidhmiú taobh istigh den phróiseas taighde, ina gcuirtear eolas agus fianaise reatha ar fáil.

Is criticiúil é go dtuigfidh taighdeoirí an próiseas um cheapadh beartas níos fearr, an fhianaise a ghabhann leis agus bealaí maithe chun a leithead a chur i bhfeidhm.

Beidh forbairt agus cur chun feidhme na creatlaí le haghaidh rannpháirtíocht taighde-polasaí i gceist. Beidh ceannaireacht ón phobal taighde de dhíth, agus ó ranna an rialtais agus ó mhaoinitheoirí taighde.

## 4 Comhairle Chomhairleach Taighde neamhspleách a bhunú.

Tá féidearthacht ann maidir le struchtúr a chruthú ina gcuirfear comhairle neamhspleách, tras-earnálacha chuig an rialtas mar thacaíocht leis an straitéis le haghaidh taighde, nuálaíocht, eolaíocht agus teicneolaíocht lena n-áirítear AHSS. Tá seasamh ar leith ag Éirinn i measc a bpáirtithe Eorpacha maidir le gan struchtúr a bheith aici, ach bíonn formáidí difriúla le feiceáil ó na dlínsí éagsúla.

Obair chun moltaí a fhorbairt le haghaidh sainchúram, struchtúr agus ballraíocht na comhairle chomhairligh taighde, agus ba chóir dó tosach go láithreach. Ba chóir go mbíonn sainchúram ag an chomhairle chun comhairle neamhspleách ar pholasaithe taighde náisiúnta ar fud na réimsí a thabhairt, lena n-áirítear forbairt an chomhéadain taighde-polasaí (féach Moladh 3 thuas).

## 5 Ba chóir don taighde aghaidh a thabhairt ar uchtaigh Éireannacha reatha i measc na n-earnálacha ó thaobh taighde, forbairt agus nuálaíocht de.

Tá éiceachóras láidir agus bríomhar de thaighde agus de nuálaíocht ina áisitheoir d'fhéidearthachtaí eacnamaíocha agus sóisialta agus bealach le haghaidh forbairt áitiúil, tuaithe agus réigiúnach. Imríonn sé ról tábhachtach le haghaidh míbhuntáistí córasach eacnamaíoch agus sóisialta a laghdú, agus iad ag teacht chun cinn i réigiúin éagsúla agus déanfaidh siad níos acmhainní i dtaobh na dtionchar sealadach. D'aithin an pobal go mbeidh ról le himirt ag an taighde anseo.

In ainneoin na harduithe le blianta anuas, ní bhaintear cumas an taighde, na bhfiontar agus na bpobal sna réigiúin ar fad go fóill.

15 https://www.ria.ie/sites/default/files/research-for-public-polciy-report-2021_1.pdf.

Tá na bunchlocha curtha i bhfeidhm cheana féin chun leas a bhaint as láidreachtaí na réigiún trí fhormáidí nua uaillmhianacha de chomhoibriú idir institiúidí ardoideachais, fiontair agus pobal áitiúla. Cuirfidh seo cóimheascadh na smaointe agus tallanna thar na hearnálacha chun réitigh comhtháite agus iomlánach a sheachadadh roimh dhúshláin reatha agus amach anseo le haghaidh leas an phobail.

## 6. Cinnte a dhéanamh go seasfaidh Éire an aimsir trí chóras taighde spleodrach a dhéanamh.

Is bunchloch é feabhas an taighde i dtaobh córas taighde láidir, aibí agus éifeachtach. Déantar feabhas an taighde a shíolú, a chothú agus a mhéadú trí infheistíocht a dhéanamh ar thallanna ar fud na ndisciplíní, agus é ag tacú leis an bhuntaighde agus le taighde feidhme - ag tógáil líonraí ildisciplíneacha agus ag cur taighdeoirí taighde amach anseo ar an eolas. Leabaítear córas taighde acmhainneach in earnáil láidir an ardoideachais, nasctha leis an earnáil nuálaíochta dinimiciúil.

Is mar gheall ar chinnteoireacht de pholasaithe taighde fadtéarmach bunaithe sna 1990í[16]go bhfuil seasamh ann le haghaidh athrú ollmhór ar thírdhreach taighde na hÉireann. Toisc ar scála agus castacht na ndúshlán atá os ár gcomhair faoi láthair, caithfear polasaí agus infheistíocht uaillmhianach fhadtéarmach a chur i bhfeidhm.

Trí chinntiú a dhéanamh go bhfuil córas taighde bríomhar ag Éirinn, beidh an córas taighde in ann saincheangail idirnáisiúnta a chur ar fáil a fhad is go mbeidh Éire ábalta dul i bhfreagairt ar chúrsaí go héifeachtach mar thír, ba chuma faoi gach cur isteach a thagann chun cinn. Ina dhiaidh sin féin, ag brath ar na leibhéil infheistíochta reatha, ní féidir le hiniúchtaí a thitim amach gan i ngleic leis na cinn reatha bunaithe. Más maith linn go mbeidh feabhas an taighde de réir an phobail a bheith againn, agus go mbeidh siad ullmhaithe i dtreo aon chur isteach ná geiteanna ar bith amach anseo, is anois an t-am chun infheistíochtaí i dtaighde na hÉireann a ardú, le tacaíocht ón phobal.

16 https://enterprise.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Forfás/Science-Technology-and-Innovation-Advisory-Council-Report.pdf

An Tionscadal Oidhreachta

# Cad a sheolfaimid chuig an todhchaí le go mbeadh sé ann nuair a bhíonn muid ann



# Aguisíní

## Aguisín A

## Coiste Saineolaithe agus Meithleacha

### Coiste Saineolaithe agus Róil

An tOllamh Linda Hogan, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach an CS)

An tOllamh Jose Bengoechea, Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste (Cathaoirleach na Meithle A)

An tOllamh David Farrell, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach na Meithle C)

An Dr Orla Flynn, Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (Cathaoirleach na Meithle B)

An tOllamh Anita Maguire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Cathaoirleach na Meithle E)

An tOllamh Brian Norton, Ionad Taighde um Fhuinneamh Idirnáisiúnta, Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Cathaoirleach na Meithle D)

Lorna Ross, Sláinte agus Folláine VHI (Ceannasaí Foirne an Taighde Deartha)

An Dr Niall Smith, Ollscoil Teicneolaíocha na Mumhan (Ceannasaí Chaidrimh na bPáirtithe Leasmhara)

An tOllamh Barry Smyth, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Ceannasaí na Foirne Sonraí)

### Ballraíocht na Meithleacha Ildisciplíneacha

**A: Sláinte agus Folláine**

An Dr Sara Burke, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Dr Marica Cassarino, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Dr Michael Daly, Ollscoil Mhaigh Nuad

An Dr Richard Gorman, Ollscoil Sussex

An tUasal Lorna Kerin, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

An Dr Ali Khashan, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An tOllamh Fiona Lyng, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

An Dr Darragh McGee, Ollscoil Bath

An Dr Aisling Murray, Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

An tUasal Gillian O'Shea, Janssen Sciences Ireland

An tOllamh Neil Rowan, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár na Tíre, Meániarthar

An Dr Lisa Ryan, Ollscoil Teicneolaíocha an Atlantaigh

An tUasal Karen Tierney, SilverCloud Health

An tOllamh John Wells, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

**B: Oideachas, Ceisteanna Sóisialta agus Cearta Sóisialta**

An Dr Yekaterina Chzhen, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Dr Dáithí Downey, Comhairle Cathair Átha Cliath

An Dr Anne Graham Cagney, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

An Dr Jo-Hanna Ivers, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Dr Stephen Lucek, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Bertrand Maître, Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

An tOllamh Orla Muldoon, Ollscoil Luimnigh

An Dr Áine Ni Léime, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An tOllamh Michelle Norris, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Katriona O'Sullivan, Ollscoil Mhaigh Nuad

An Dr Trevor Vaugh, Ollscoil Mhaigh Nuad

**C: Na hEalaíona agus Cultúr, Pobail agus Cumainn, Cumarsáid/na Meáin agus Polaitíocht**

An Dr Eileen Culloty, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

An tUasal Cliona Curley, CyberSafeKids

An Dr Kelly Fitzgerald, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tUasal Courtney Helen Grile, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An tUasal Alison Harvey, An Chomhaire Oidhreachta

An tUasal Liz Kennedy, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne Lár na Tíre, Meániarthar

An Dr Orla Lynch, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Dr Niamh Maguire, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

An Dr Niamh McCrea, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

An tOllamh Cathal O'Donoghue, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Dr John Pender, Ollscoil Teicneolaíocha an Atlantaigh

An tOllamh Maria Pramaggiore, Ollscoil Mhaigh Nuad

An tOllamh Colin Scott, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tUasal Helen Shaw, Athena Media

An tUasal Rosie Webb, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

**D: Cúrsaí glasa agus an timpeallacht.**

An Dr Caterina Brandoni, Ollscoil Uladh

An tUasal Jean Cahill, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

An tUasal Caroline Engel Purcell, Carraig

An Dr Kevin Grecksch, Ollscoil Oxford

An tUasal Emer Keaveney, ORCA agus Ollscoil Teicneolaíocha na Mumhan

An Dr Rosanna Kleemann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tUasal Vincent McCormack, GKinetic Energy Ltd

An tOllamh Aonghus McNabola, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An tUasal Rosemarie McSweeney, Irish Green Building Council

An Dr Jean O'Dwyer, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Dr Noreen O'Meara, Ollscoil Surrey

An tOllamh Peter Robertson, Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste

An Dr Niamh Shaw, Dream Big

An tOllamh Derek Sinnott, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

**E: Geilleagar, Tionsclú, Nuálaíocht, ,Taighde (Ról an Taighde, Córas Taighde, Pobal Taighde agus Teicneolaíocht)**

An tUasal Alex Cooney, CyberSafeKids

An Dr Eoin Cullina, Ollscoil Teicneolaíocha an Atlantaigh

An Dr Felicity Kelliher, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

An tUasal John McGrane, Cumann Tráchtála na Breataine-na hÉireann

An Dr Abhay Pandit, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An tOllamh Roger Whatmore, Imperial College, Londain

An Dr Adam Whittle, An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

An Dr Sally Zhu, Ollscoil Sheffield

## Foireann na hAnailísíochta Sonraí

An Dr Derek Greene, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Ceannasaí na hAnailísíochta Sonraí)

Chuaigh an Coiste Saineolaithe agus ceannasaí clár an fheachtais leis na daoine thíos faoi seo maidir le forbairt a modheolaíochta:

- An Dr Gregory Absillis, Fondúireacht Taighde Flanders
- An Dr Haithem Afli, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
- An Dr Pauline Cullen, Ollscoil Mhaigh Nuad
- An Dr Thomas Feliciani, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- An Dr Conor Hayes, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- An Dr Tinne Jacobs, Fondúireacht Taighde Flanders
- An tUasal Séamus Lankford, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
- An Dr Pablo Lucas, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- An Dr Junwen Luo, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- An tUasal Michiel Nuytemans, Tree Company
- An tOllamh Sara O'Sullivan, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

## Foireann um Dhearadh Taighde

An tUasal Leslie Ruckman, Dearthóir agus Taighdeoir Neamhspleách, Nua-Eabhrac

An Dr Josina Vink, Scoil na hAiltireachta agus Deartha, Osló na hIorua

## Comhairle Eiticiúil

An tUasal Elizabeth Noonan, Cathaoirleach Choiste Eitice Taighde an Fhóraim Náisiúnta agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

## Foireann Feachtais an Choiste Saineolaithe

An tUasal Dónal Browne, Havas Ireland

An Dr Peter Clifford, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An Dr Lisa Higgins, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An tUasal Ruth Kelly, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An tUasal Jennifer Kenneally, Acadamh Ríoga na hÉireann

An Dr Niall McEvoy, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An tUasal Luke Molloy, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An tUasal Laura Pielaszkiewicz, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An tUasal Mary Teehan, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An tUasal Akid Zolkifli, Havas Éireann

Tacaíocht ón Dr Ben Bleasdale, Feachtas na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, an RA

# Aguisín B

## Modheolaíocht mionsonraithe

**Sprioc:**chun aighneachtaí an phobail a anailísiú agus a thiontú ina torthaí, de réir guth an phobail agus bunaithe ar na torthaí seo, moltaí príomha a fhorbairt chun taighde amach anseo in Éirinn a spreagadh.

**Cuspóir:** anailís ilchodach de mhodheolaíochtaí measctha a dhéanamh, ag úsáid modhanna bunaithe ar an teicneolaíocht agus uathoibríoch araon, ag cinntiú go dtabharfar lionsaí iomadúla ar na haighneachtaí.

**Próiseas agus cur chun feidhme** D'fhorbair an Coiste Saineolaithe creatlach chuimsitheach iomlánach i bhfoirm seacht gcéim agus bhunaigh siad seacht meitheal le dul i ngleic le gach céim; foireann na hanailísíochta sonraí, cúig mheitheal ildisciplíneacha, agus foireann um dhearadh taighde le saineolas agus raon mór d'eispéireas, fiú ag céimeanna difriúla de ghairmeacha, agus ar fud na hearnála poiblí (institiúidí ardoideachais den chuid is mó), fiontair agus an earnáil neamh-bhrabús in Éirinn agus thar lear. Rinne na meithleacha seo anailís as líne bheo le grúpaí, chomh maith le sin, ghlac siad páirt i gcruinnithe grúpa fíorúla, idir mhí na Nollag 2021 agus mí Eanáir 2022, chun a gcuid oibre a phlé agus a bheachtú. Is ansin ar chuir an Coiste Saineolaithe aschuir agus torthaí na ngrúpaí i sraith torthaí amháin (Caibidil 3) agus moltaí (Caibidil 4). Tugadh comhairle eiticiúil chuig an Choiste Saineolaithe ar an anailís, agus aontaíodh go raibh sé ag teacht slán le caighdeáin eiticiúla maithe agus le dea-chleachtais.

### Folaítear seo a leanas sna sonraí:

I rith an fheachtais [ón 31 Iúil 2021 go dtí an 30 Samhain 2021], bhí 18,462 aighneacht faighte ón phobal. Bailíodh na haighneachtaí tríd an suíomh gréasáin, ardán ar líne, agus ba é an t-aischothú fíor-ama a bhí bailithe ó úsáideoirí le linn na n-imeachtaí eagraithe agus i bhfoirm na haighneachtaí arna scríobh ar na cártaí poist ag na ceardlanna, na seónna bóithre agus trí na haighneachtaí tríd an chúrsa poist. Bhí cead ag gach duine an iliomad aighneacht a chur isteach agus ba mhaith leo.

**Chun rannpháirtíocht ón phobal a uasmhéadú, ní raibh ach réimse iontrála éigeantach amháin le líonadh ag an phobal (420 carachtar san iomlán) agus tugadh an cheist seo don phobal:**

**"Inis dúinn do thuairimí agus do smaointe ar cad a ba chóir do thaighdeoirí na hÉireann a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a bhaint amach".**

**Tig leat do smaoineamh a bhunú ar:**

- *féidearthacht ná dúshlán atá os do chomhair féin, roimh do phobal reatha, do mhuintir na hÉirinn nó go domhanda ar fad*
- *topaic a bhfuil tú fiosracht nó paiseanta faoi agus ba mhaith leat go dtabharfaidh taighdeoirí a n-aghaidhe orthu*


Bhí dhá réimse iontrála roghnacha ann leis na haighneachtaí, agus bhí sé dé rogha ag an duine iad a líonadh:

- Suíomh [26 chontae i bPoblacht na hÉireann agus eile] agus;
- raon aoise [16-19; 20-29; 30-39; 40-49; 50-59; 60-69; 70-79; 80-89; 90+]

Is iad an t-eolas eile a bhí bailithe sa tacar sonraí agus a bhí in úsáid leis an anailís ná dáta agus am na n-aighneachtaí. Níor chlúdaíodh aon fhaisnéis eile bailithe ag an fheachtas, nó a bhí tugtha don Choiste Saineolaithe ná na meithleacha, san anailís.

Thit glanadh sonraí amach roimh an anailís. Clúdaíodh glanadh d'aon sonraí inaitheanta pearsanta, ná aon drochtheanga, nó aon ainm de dhaoine arna chur isteach sna haighneachtaí. Aistríodh gach aighneacht arna dhéanamh i dteangacha eile isteach go Béarla. Bhí an bhunteanga agus an sprioctheanga ar fáil do léirmhíniú uathoibríoch na meithleacha, ach ní raibh ach na leaganacha Bhéarla clúdaithe san anailís theicniúil.

## Figiúr 3: Creatlach sonrach na Seacht gCéim



## Céim 1: Bailíochtú na n-aighneachtaí

I bprionsabal, bhí aighneachtaí bailí go dtí go gcruthaítear a mhalairt, ach bhí seacht gcúis ann maidir leis na haighneachtaí ag tiontú go neamhbhailí don anailís (féach an tábla thíos).

| Aighneacht neamhbhailí | Cúis |
|---|---|
| **A. Ath-aighneachtaí stocaireachta** | Más rud é go gcuirfear téacs aighneachtaí céanna isteach taobh istigh de fhráma ama agus bhí sé soiléir go raibh an duine céanna ag cur na haighneachtaí seo isteach, agus níor ghlacadh ach le ceann amháin dóibh.<br>Maidir le roinnt ath-aighneachtaí, ní raibh muid in ann é a aithint go raibh nó nach raibh an duine céanna ag cur isteach na haighneachtaí céanna, toisc ar na sonraí teoranta a bhí bailithe. Maidir leis na hamanna seo, bhí an aighneacht bailí agus clúdaíodh iad san anailís. Toisc go raibh cuid mhór modhanna i fheidhm ar an anailís seo, trí lionsaí éagsúla, íslíodh na rioscaí bainte le hath-aighneachtaí agus machnamh a dhéanamh orthu. |
| **B. Raiméis dothuigthe** | Gan chiall, gan loighic nó sonraí bainte. |
| **C. Ionsaithe gránna nó trodacha** | I gcas go gclúdaíodh an aighneacht, baineadh cibé téacs gránna / trodach. |
| **D. Cáineadh diúltach** | I gcás go gclúdaíodh an aighneacht, baineadh cibé téacs i dtaca le cáineadh diúltach. |
| **E. Caint mhagúil** | I gcas go gclúdaíodh an aighneacht, baineadh cibé caint mhagúil. |
| **F. Gan smaoineamh i láthair** | I gcás nach raibh smaoineamh nó topaic ar fáil san aighneacht. |
| **G. Aischothú Oibriúcháin** | I gcás go raibh aighneachtaí bainte leis an fheachtas agus faoin bhealach arna dhéanamh é, níor chlúdaíodh iad san anailís, ach bailíodh na hionchuir agus thiocfadh leo a úsáid do chuspóirí eile amach anseo. |

Rinneadh an próiseas um bailíochtú sonraí ag foireann an chláir taobh istigh den fheachtas ag tacú leis an Choiste Saineolaithe a tháinig le chéile go rialta chun modhanna a phlé agus cinntí a aontú. Amach as na 18,462 aighneacht faighte, measadh go raibh 18,062 aighneacht (97.8%) bailí le cur san anailís.

## Céim 2: Tascanna na n-aighneachtaí

Tugadh an tacar sonraí bailí de na haighneachtaí chuig an fhoireann deartha (chun Céim 6 a bhaint amach) agus chuig foireann na hanailísíochta sonraí (chun Céim 4 a bhaint amach).

Tugadh na sonraí go dtí cúig meitheal ar dhá bhealach éagsúla:

- Ar dtús, tugadh go huathoibríoch é (Céim 2) ag foireann na gclár taobh istigh den fheachtas agus ag tacú leis an Choiste Saineolaithe le ceann amháin nó níos mó de cheann amháin de na cúig mheitheal ag brath ar shainchúram na haighneachtaí féin.
- Agus ansin, tugadh aschuir na hanailíse teicniúla (Céim 4) do na cúig mheitheal.

Cinntíodh go raibh anailís déanta ar na sonraí ag saineolaithe éagsúla trí lionsaí difriúla, a fhad is go mbeidh na torthaí chomh cuimsitheach agus is féidir laistigh den amlíne agus de na hacmhainní a bhí ar fáil.

Bhuail foireann na gclár, a thug na haighneachtaí amach do na meithleacha, le chéile go minic chun modhanna a phlé agus a aontú agus glacadh taifead de na cinntí. Rinneadh seo le cinntiú go raibh cur chuige leanúnach curtha i bhfeidhm ar an méid is féidir.

Tugadh go huathoibríoch sraith de na haighneachtaí chuig na cúig mheitheal, ag brath ar shainchúram na n-aighneachtaí. Tugadh gach aighneacht chuig ar a laghad meitheal amháin; tugadh cuid dóibh chuig níos mó ná meitheal amháin i gcás go raibh níos mó ná smaoineamh amháin ag an aighneacht, nó go raibh an smaoineamh tras-earnálacha ann i dtaobh sainchúram níos mó ná grúpa amháin de. Bhí méid difriúla d'aighneachtaí tugtha chuig gach meitheal.

## Céim 3: Anailís Cáilíochtúil ó Bhun Aníos

Taobh istigh de na meithleacha, rinne gach ball na meithleacha imscrúdú ar gach uile aighneacht a bhí clúdaithe san anailís. Dáileadh na haighneachtaí amach go randamach laistigh de na meithleacha chun peirspictíochtaí úra agus éagsúla a fháil orthu. Nuair a bhí na grúpaí ag tabhairt faoi anailís cháilíochtúil ó bhun aníos de na sonraí sannta go huathoibríoch (Céim 2), thuig siad nádúr na n-aighneachtaí agus bhailigh siad na hinsintí agus na cásanna-staidéar ar na torthaí a bhí ag teacht chun cinn, dá leithead: téamaí, snáitheanna, smaointe nuálacha / leithleacha, príomhfhéidearthachtaí d'Éirinn, príomhréimsí aitheanta ag an phobal, agus dearcthaí. Bhí sé tábhachtach chomh maith gach asluiteach a aicmiú de réir réimsí, mar shampla, smaointe a bhí tábhachtach chun machnamh a dhéanamh orthu ach nach raibh an méid ábhair céanna cosúil leo i dtacar sonraí na n-aighneachtaí féin. Ba ghné ríthábhachtach é seo laistigh den chreatlach chun cinnte a dhéanamh go gcloisfear gach ceann de na 18,062 aighneacht.

Bhí an obair chuimsitheach agus domhain seo déanta ag na meithleacha trí mhí na Nollag ar fad, as líne agus i bhfoghrúpaí beaga arna chumadh laistigh de na meithleacha agus ansin thit cruinnithe seachtainiúla amach ag gach ceann de na cúig mheitheal chun dul chun cinn agus torthaí a phlé.

## Céim 4: Anailís dírithe ar na sonraí

Rinneadh anailís d'ardchaighdeán ar na haighneachtaí faighte chun léargas iomlán a fháil orthu. Is iad seo a leanas miondealú de sin:

- fad na n-aighneachtaí meán/airmheán (meán=158.2 carachtar, airmheán=89) agus líon na bhfocal meán/airmheán (meán=25.2, airmheán=14). (Bhí 10 focal nó níos lú ag 40.5% de na haighneachtaí).
- líon na n-aighneachtaí thar thréimhse ama
- líon na n-aighneachtaí bailí in aghaidh an chontae lena n-áirítear na cinn atá coigeartaithe de réir méid daonra an chontae) agus in aghaidh an ghrúpa aoise, do na haighneachtaí ina raibh sonraí roghnacha bainte leis (78.9% agus 59.3% faoi seach)

Chun tacaíocht a thabhairt do bhreathnú uathoibríoch na smaointe i gCéim 5 agus chun na haighneachtaí a dáileadh ar bhealach difriúil is a bhí in úsáid do Chéim 2 do na 5 mheitheal, rinneadh anailís dírithe ar shonraí chun na téamaí agus grúpaí de smaointe is coitianta a aithint, agus chun na príomhchoincheapa a tháinig ó na téamaí sin a aithint chomh maith.

Ba é chuspóir na céime um anailís theicniúil ná teicnící maidir le próiseáil teanga nádúrtha úrscothach agus teicnící maidir le foghlaim na n-inneall a úsáid chun patrúin athfhillteacha a aithint (focail, frasaí coitianta, coincheapa, smaointe) taobh istigh de na haighneachtaí. Cuireadh an modh, mar atá sonraithe thíos, i bhfeidhm ar gach uile cheann de na haighneachtaí bailí (18,062), tar éis na cinn neamhbhailí a scriosadh.

Tháinig dhá príomhchuspóir chun cinn ón anailís seo:

1. Cnuasach d'aighneachtaí isteach i sraith chéillí de chnuasaigh thráthúla a fhad is gur féidir smaointe a aicmiú le chéile.
2. Sraith d'fhocail aicmithe a ghiniúint chun príomhchoincheapa, arna tugadh i smaointe an ghrúpa ar leith, a léiriú.

Chríochnaigh seo i bhforbairt cúig príomhthopaic agus 30 topaic tánaisteacha. Léirítear na topaicí tánaisteacha, a bpríomhtéamaí, agus líon na n-aighneachtaí do gach topaic i dTábla 1, agus léirítear na caidrimh céimlathacha idir na príomhthopaicí agus na topaicí tánaisteacha i bhFigiúir 4.

Aistríodh na haighneachtaí Gaeilge (269) go Béarla, agus úsáideadh an leagan aistrithe chun iad a aicmiú go huathoibríoch leis na topaicí tánaisteacha arna aithint do na haighneachtaí Béarla. Is de bhrí ar an mhodh seo go raibh muid in ann na haighneachtaí Gaeilge a chur leis na cnuasaigh thráthúla thuas luaite.

Cuirtear cuir síos sonraithe de gach céim den mhodh seo thíos faoi.

Táirgeadh néalta focal do gach ceann de na topaicí tánaisteacha ina dtugtar cineál amháin de léargas ar fáil agus léiríodh cuid d'ilchineálacht taobh istigh de na topaicí tánaisteacha. Bhí siad ansin ag feidhmiú mar uirlisí tacaíochta d'anailís i gCéim 5.

### Céim 5: Anailís cáilíochtúil ó bharr anuas

Bhí an chéim seo ina céim cháilíochtúil agus léirmhíniú daonna d'anailís tacaithe ag ríomhairí i gCéim 4. Aontaíodh don chuspóir de Chéim 5 nár chóir do na príomhthopaicí a bheith mar fhócas mar bhí na topaicí tánaisteacha níos fiúntaí. Mar thoradh, tugadh na 30 topaic tánaisteacha amach thar na cúig mheitheal don dara babhta d'anailís cháilíochtúil ar shonraí na n-aighneachtaí, agus modh ó bharr anuas in úsáid. Amach as na 30 topaic tánaisteacha, bhí 28 tugtha do cheann de na 5 mheitheal agus scaradh na dá cinn eile agus dáileadh iad leis na 5 mheitheal. Bhí siad seo tugtha do na meithleacha de réir mar a bhí siad ailínithe leo. Is ansin go raibh siad tugtha do ghrúpaí beaga laistigh de na meithleacha chun a gcuid anailís sonraithe a dhéanamh. Nóta: bhí difríochtaí suntasacha sa tacar sonraí arna athbhreithniú ag gach grúpa i gCéim 3 i gcoinne Céim 5; bhí seo déanta d'aon turas a fhad is go raibh machnamh fairsing ar fáil ón méid peirspictíochtaí éagsúla áirithe agus is féidir. Bhí na difríochtaí ag dul thar a chéile ag athrú idir gach topaic tánaisteach.

D'obair baill na ngrúpaí laistigh dá ngrúpaí féin chun na topaicí tánaisteacha comhroinnte a anailísiú agus chun insintí cáilíochtúil eile a tháirgeadh de réir. Ina dteannta achoimre a thabhairt ar phríomhthéamaí agus príomhshnáitheanna taobh istigh de na topaicí tánaisteacha, bailíodh faisnéis ó eolas na mball ar an tírdhreach taighde faoi láthair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta sna réimsí seo, mar aon le tuairimí amach anseo, bearna féideartha ar ith agus na bealaí ina dtiocfadh leis an taighde agus an rannpháirtíocht cur le haighneachtaí an phobail anseo. Caithfear é a thabhairt faoi deara, más rud é go raibh sé aitheanta go raibh taighde déanta sa réimse sin a bhaineann, níor chiallaigh sé sin go mbeidh na smaointe sin fágtha ar lár; ach go mbeidh siad in ann eolas a dhéanamh do ghníomhartha amach anseo.

Bhí an obair seo déanta ag na meithleacha i rith mí Eanáir, as líne, agus i bhfoghrúpaí beaga arna chumadh laistigh de na meithleacha agus ansin thit cruinnithe seachtainiúla amach ag gach ceann de na cúig mheitheal chun dul chun cinn agus torthaí a phlé.

### Céim 6: Anailís smaointeoireachta a dhearadh

Ag an am céanna d'anailís na cúig mheitheal, bunaíodh foireann taighde um dhearadh chun na haighneachtaí a anailísiú agus a léirmhíniú ó pheirspictíochtaí leithleacha agus ansin na haighneachtaí a fheiceáil trí lionsaí difriúla.

Is féidir cuid mhaith de na modhanna taighde eitneagrafacha arna úsáid sa dearadh chun iompraíochtaí na ndaoine a thuiscint a athúsáid chun cúrsaí na todhchaí a thuairimiú, ar bhonn ginearálta. Bhí sé seo cuí leis an staidéar seo mar bhí an cheist curtha ar an phobal dírithe ar 'thodhchaí níos fearr a mhúnlú'. Tá an dearadh, den chuid is mó, faoin chomhbhá agus faoi thaithí na ndaoine eile a shamhlú. Ba é an sprioc a bhí ann ná seachghuth do na 18,062 duine a aithint a fhad is go mbeidh gnéithe na tuarascála fúthu agus chan faoi fhocail s'acu amháin. Bhí an anailís dírithe ar an insint scéil agus ar na gnéithe corraitheacha de na haighneachtaí a aithint; go simplí, bhí sé ag iarraidh spotsolas a chur ar ábhair dhóchais na ndaoine mar aon lena n-ábhair imní araon.

Rinneadh imscrúdú agus machnamh ar an cheist tugtha don phobal, na fachtóirí féideartha a bheas ina dtionchar do na rannpháirtithe agus iad i mbun aighneachta, agus nádúr comhfhreagrach na haighneachtaí faighte. Bhí sé seo déanta ó pheirspictíocht deartha agus daonna ar dhá leibhéal éagsúla:

- Ardleibhéal comhchoiteann trí lionsaí zúmála a leathnú agus a theannadh ar na haighneachtaí, agus ag sintéisiú na sonraí mar fheasacht chomhchoiteann na tíre, in ionad 18,062 aighneacht aonaracha, ag am áirithe in am agus ag tabhairt na fachtóirí iompraíochta, sóisialta, cultúrtha agus timpeallachta faoi deara.
- Bhí seo athimscrúdaithe ag an leibhéal aonarach trí na lionsaí zúmála. Ag obair bunoscionn, samhlaíodh cén cineál todhchaí a bheas ag na moltaí de 18,062 duine a thug a n-aighneacht isteach.

Tar éis seo, bailíodh léargasanna, príomhsmaointe agus ábhair mhachnaimh agus gineadh insintí agus léirithe.

Rinneadh an obair as líne go haonarach agus trí chruinnithe fíorúla grúpaí i rith mí na Nollag agus beartaithe ag an Choiste Saineolaithe i rith mhí Feabhra agus mí an Márta.

### Céim 7: Chuir an Coiste Saineolaithe na Torthaí le Chéile agus Tháirg siad Moltaí

Ó Eanáir go Márta, chuir an Coiste Saineolaithe na torthaí uile ó na seacht ngrúpa le chéile i sraith amháin de thorthaí, agus iad ag aithint téamaí agus snáitheanna ag dul thar a chéile eatarthu (féach Caibidil 3), ag cinntiú gurb ionann na hinsintí agus guthanna na hÉireann agus, ar an mhéid is féidir, machnamh ionraic a dhéanamh ar aighneachtaí an phobail. Ag tógáil ar na cainteanna agus torthaí na meithleacha, d'fhorbair an Coiste Saineolaithe léiriú agus liosta de threoracha chun gnímh le haghaidh an taighde amach anseo bunaithe ar aighneachtaí an phobail. Folaítear leis seo sainpheirspictíochtaí ar an taighde agus ar na bealaí is féidir le pobal an taighde cuir leis na téamaí arna leagadh amach sna torthaí ón phobal. D'aithin an Coiste Saineolaithe léargasanna poiblí le cur chun tosaigh mar eiseamláirí sa tuarascáil agus léirithe le cur chun cinn. Is ansin ar fhorbair an Coiste Saineolaithe a gcuid moltaí a fhad is go seachadfaidh an taighde ar ábhair dhóchais mhuintir na hÉireann, mar atá léirithe i rith an fheachtais de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'.

Nóta: Cuireadh na torthaí le chéile i sraith amháin de théamaí. Ní hionann é sin agus an t-aon bhealach amháin ina raibh an bailiú in ann tarlú de réir na hanailíse ach éascaíodh an bealach seo chun na torthaí a chur in iúl.

## Rannpháirtíocht le Fóram Comhairleach an Fheachtais:

Bhí idirphlé comhuaineach ag tarlú leis an Fhóram Chomhairleach agus le Fochoiste an Fhóraim Chomhairligh ag an aon am céanna is a bhí an Coiste Saineolaithe i mbun oibre anailíse. Bhí an Dr Niall Smith, a bhí ceaptha mar Idirghabhálaí an Choiste Saineolaithe leis an Fhóram Chomhairleach agus an fochoiste a bhaineann leis, i gceannas. Thit na cruinnithe seo amach idir mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus mí an Márta 2022.

Bhí béim na rannpháirtíochta sa chéad chéim curtha ar an dóigh go raibh an Coiste Saineolaithe in ann cúrsaí an fheachtais a chloisteáil ó pheirspictíocht an Fhóraim Chomhairligh agus chun a gcuid tosaíochtaí a thuiscint, agus an rún acu eolas a dhéanamh ar phleananna, agus ar mhodheolaíocht, an Choiste Saineolaithe.

I rith an dara céim, bhí béim curtha ar shonraí na modheolaíochta a chur i bhfeidhm, ag míniú na torthaí éigeandála, ag tabhairt féidearthachtaí don idirphlé agus, go tábhachtach, léargasanna a fháil ó Fhochoiste an Fhóraim Chomhairligh ó thaobh a bhfaisnéis maidir le haistear an fheachtais de. Chuidigh seo chun eolas a dhéanamh ar chur in iúl na dtorthaí sa tuarascáil de chuid an Choiste Saineolaithe, ar an chaoi sin, ag cinntiú go nglacfar le tuairimí an Fhóraim Chomhairligh.

## Faisnéis bhriste ar an anailís dírithe ar shonraí (Céim 4):

### Modh

#### Céim 1: Sonraí a Scagadh

- Bhí sraith deiridh na n-aighneachtaí ann mar ionchur tosaigh (u=18,462). Baineadh na haighneachtaí a bhí sainaitheanta mar 'neamhbhailí' (u=400).
- De thoradh ar seo, bhí 17,747 aighneacht amach ó 18,416 (96.37%) a bheith páirteach sa chorpas Béarla *S1*le haghaidh anailís téacsanna. (Céim 2 agus 3) agus 315 aighneacht le haghaidh anailís téacsanna S2 (Céim 4).

#### Céim 2: Reamhphróiseáil Sonraí

- Bhí na céimeanna seo a leanas curtha leis na téacsanna i *S1*:
  - Téacs a aistriú go cás íochtair agus spás bán normalaithe
  - URLanna a bhaint ó na téacsanna
  - Téacschomharthú feidhme agus bearta leamaithe don téacs
  - Focail-stad a bhaint ó liosta de 435 focal Béarla coitianta
  - Ualú MF-MDI (Minicíocht Téarma - Minicíocht Doiciméad Inbhéartach) logbhunaithe feidhme agus normalú aonad-fhad L2 go dtí na veicteoirí doiciméad
  - Aschur a bhí ann na maitrís X1 doiciméad-téarma, le stór focal de 6,949 focal ar leith.

#### Céim 3: Múnlú Topaice


- **A: Glúin na dTopaicí Tánaisteacha**
  - Cuireadh túsú Fachtóiriú maitríse neamh-diúltach (FMN) le Dianscaoileadh Luach Aonair Dúbailte Neamh-Diúltach (DLADND)-bunaithe chuig X1. Tar éis raon d'iniúchadh uathoibríoch agus láimhe a chur chun feidhme, agus aithníodh 30 topaic gráinneacha. Tagraítear iad seo mar thopaicí tánaisteacha.
  - Bhí sé beartaithe nach dtreorófar na haighneachtaí chuig topaicí más rud é nach raibh sé sin cuí. Mar sin de, aighneachtaí asluiteacha le meáchan íseal i ndáil le 30 topaic tánaisteacha (tairseach meácháin=0.005) a bhí aitheanta.
  - San iomlán, baineadh 1,662 asluiteach (9.36%) ón mhachnamh, ag fágáil fo-thacar S1' agus an mhaitrís X1 comhfhreagrach'.
  - Tar éis gach asluiteach a bhaint, beachtaíodh na topaicí tánaisteacha feidhme FMN go X1', ag úsáid 30 topaic ón bhunshraith chun an próiseas a thúsú. Táirgeadh sraith dheiridh do thopaicí tánaisteacha mar gheall air.
  - Tá gach topaic tánaisteacha léirithe ag a dtuairisceoir (mar shampla, na 10 focal leis an mheáchan is airde do gach topaic). Féach Tábla 1.
  - Bhí gach ceann de na haighneachtaí i S1' tugtha chuig an topaic tánaisteacha a raibh meáchan is airde d'fhocail acu.
- **B: Giniúint na bPríomhthopaicí**
  - Chun níos mó príomhthopaicí a ghiniúint ar leibhéil arda, cuireadh na topaicí tánaisteacha i gCéim A ina cnuasach.
  - Go háirithe, cuireadh cnuasach céimlathach cruinneagánach lán-nascáil i bhfeidhm ar na veicteoirí bunús arna tháirgeadh ag FMN i gCéim A, ag úsáid an comhghaol Pearson mar fheidhm fhaid. Táirgeadh crann nó léaráid chrainn de thopaicí tánaisteacha mar gheall ar seo. Féach Figiúir 4.
  - Tar éis iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar na sonraí bunaidh agus ar an chrann, gearradh an crann chun cúig chnuasach a chur ar fáil, agus an iliomad topaicí tánaisteacha ar fáil iontu. Ritheann siad seo leis na príomhthopaicí.
  - Táirgeadh tuairisceoirí do na príomhthopaicí trí na veicteoirí bunús a fháil ar an meán do na topaicí tánaisteacha comhfhreagracha arna tháirgeadh i gCéim A. Féach Tábla 1.
  - Ag úsáid mápáil na dtopaic tánaisteach go dtí príomhthopaicí, agus na haighneachtaí a nascadh le topaicí tánaisteacha i gCéim 2, tugadh gach aighneacht de S1' chuig príomhthopaic éigin.
- Bhí príomhaschur na céime seo leagtha amach mar shraith de nótaí mínithe idir phríomhthopaicí agus topaicí tánaisteacha do na 17,747 aighneacht trí mheán an Bhéarla i *S1'*. Táirgeadh tuairisceoirí do na príomhthopaicí agus do na topaicí tánaisteacha chomh maith.

### **Céim 4:** Anailíse na Gaeilge

- Aistríodh aighneachtaí Gaeilge go Béarla go huathoibríoch, ag cruthú sraith *S2* do na 269 aighneacht aistrithe. Bhí 46 aighneacht Béarla breise curtha leis an anailís chun tacar sonraí deiridh de 315 aighneacht i *S2*.
- *Rinneadh S2* a mhápáil leis na 30 nóta mínithe reatha do na topaicí tánaisteacha i bhfoirm seo mar a leanas:
  - Na céimeanna réamhphróiséala céanna a chur ar na téacsanna in S1, mar a bhí curtha i bhfeidhm do na haighneachtaí Béarla S1, chun léiriú de mheáchan -mala-focail- Minicíocht Téarma - Minicíocht Doiciméad Inbhéartach X2. Tabhair faoi deara gurb ionann an léiriú é seo agus an stór focail céanna a bhíonn in X1.
  - Aicmitheoir d'Inneall Veicteora Tacaíochta Líneach (IVT) ar na 17,747 aighneacht Béarla réamhphróiseálaithe, ag úsáid nótaí mínithe de thopaicí tánaisteacha mar aidhmlipéad, le straitéis ilaicme Aon-V-Uile.
  - Aidhmlipéid tuartha (topaicí tánaisteacha) do na haighneachtaí aistrithe léirithe ag X2, ag úsáid an t-aicmitheoir IVT.
- Is ansin ar tugadh nótaí mínithe na bpríomhthopaicí ar na haighneachtaí i *S2*, bunaithe ar a dtopaic tánaisteach agus an céimlathas arna ghiniúint i gCéim 3.

**Figiúr 4:**

**Léaráid chrainn ag léiriú cnuasaigh chéimlathacha de na 30 topaic tánaisteacha isteach chuig sraith de chúig phríomhthopaic ar leibhéil arda. Léirítear dáileadh deiridh na gcnuasach trí na dathanna curtha ar ainmneacha na dtopaicí tánaisteacha ar an taobh clé.**



### Tábla 1:

**Liosta de na 30 topaic thánaisteach, lena n-áirítear a dtuairisceoirí topaic (mar shampla na 10 focal ar an bharr), agus líon iomlán na n-aighneachtaí arna thugadh do gach topaic. Cuirtear na topaicí in ord tosaíochta de réir líon na n-aighneachtaí.**

| Topaic Thánaisteach | 10 focal ar an bharr | Líon na n-aighneachtaí |
|---|---|---|
| obair_saol_teach | obair, saol, teach, ag obair, lá, seachtain, cothrom, maireachtáil, am, beo | 1,219 |
| tuath_ceantar_ forbairt | tuath, ceantar, forbair, baile, cathair, uirbeach, áitiúil, saoráid, glas, pleanáil | 891 |
| taighde_ailse_néaltrú | taighde, ailse, néaltrú, leigheas, galar, maoiniú, cóireáil, polasaí, eolaíocht, am | 779 |
| taiscéal_taighdeoir_teanga | taiscéal, taighdeoir, teanga, néaltrú, leas, cuidiú, tír, galar, teicneolaíocht, cóireáil | 759 |
| fuinneamh_in-athnuaite_ núicléach | fuinneamh, in-athnuaite, núicléach, glas, foinse, gaoth, cumhacht, gréine, taoide, breosla | 712 |
| sláinte_meabhair_ folláine | sláine, meabhair, folláine, ceist, feasacht, fisiceach, cúram, óg, éifeacht | 708 |
| seirbhís_rochtain_míchumas | seirbhís, rochtain, míchumas, poiblí, tacaíocht, feabhas, cúram, níos aosta, otharlann, sláinte | 697 |
| uisce_aigéan_muir | uisce, aigéan, muir, truailliú, caighdeán, córas, glan, abhainn, dramhaíl, aer | 684 |
| páiste_óg_tacaíocht | páiste, óg, tacaíocht, tuismitheoir, teaghlach, duine fásta, cúram, aois, míchumas, cuidiú | 675 |
| tionchar_covid_ covid19 | tionchar, covid, covid19, folláine, sochaí, paindéim, dearfach, timpeallacht, diúltach, vacsaín | 643 |
| oideachas_córas_leibhéal | oideachas, córas, leibhéal, rochtain, foghlaim, saor, cuimsitheach, teicneolaíocht, gnéas, airde | 619 |
| tithíocht_inacmhainne_ géarchéim | tithíocht, inacmhainne, géarchéim, gan dídean, teach, praghas, teach, fadhb, costas, cíos | 583 |
| aeráid_athrú_gníomh | aeráid, athrú, gníomh, iompar, réiteach, géarchéim, bithéagsúlacht, inbhuanaitheacht, cuidiú, oiriúnú | 566 |
| spórt_saoráid_gortú | spórt, saoráid, gortú, éifeacht, rannpháirtíocht, cailín, inscne, baininscneach, gníomhaíocht, déagóir | 563 |
| ainmhí_daonna_ceart | ainmhí, daonna, ceart, leas, cosaint, cruálacht, feirm, fiadhúlra, nádúr | 553 |
| todhchaí_smaoineamh_ teicneolaíocht | todhchaí, smaoineamh, teicneolaíocht, glúin, domhan, pláinéad, eitilt, stair, bruscar, leigheas | 523 |
| plaisteach_athchúrsáil_ pacáistíocht | plaisteach, athchúrsáil, pacáistíocht, dramhaíl, laghdú, malartach, singil, buidéil, táirge, ábhar | 499 |

| Topaic Thánaisteach | 10 focal ar an bharr | Líon na n-aighneachtaí |
|---|---|---|
| scoil_teanga_bunscoil | scoil, teanga, bunscoil, meánscoil, tuismitheoir, rang, curaclam, páiste ,teagasc, ábhar | 498 |
| mac léinn_lóistín_coláiste | mac léinn, lóistín, coláiste, leibhéal, tacaíocht, inacmhainne, níos saoire, fágáil, teist, cónaí | 489 |
| gluaisteán_leictreach_feithicil | gluaisteán, leictreach, feithicil, bóthar, gréine, hidrigin, breosla, luchtú, laghdú, cadhnra | 486 |
| iompar_poiblí_saor | iompar, poiblí, saor, bus, costas, Baile Átha Cliath, traein, bonneagar, bealach, rannpháirtíocht | 470 |
| bean_sláinte_ fir | bean, sláinte, fir, sos míostraithe, inmheatróis, ceist, téachtán, fuil, piolla, áit oibre | 387 |
| timpeallacht_sláinte_ inbhuanaitheacht | timpeallacht, sláinte, inbhuanaitheacht, athchúrsáil, feasacht, talmhaíocht, cosaint, bithéagsúlacht, feabhas, bruscar | 378 |
| pobal_ áitiúil_tacaíocht | pobal, áitiúil, tacaíocht, grúpa, lár, rannpháirtíocht, níos síne, foirgneamh, páirt, ealaíon | 353 |
| spás_pláinéad_glas | spás, pláinéad, glas, cónaí, taisteal, taiscéal, taobh amuigh, poiblí, cathair, lasmuigh | 332 |
| bia_dramhaíl_laghdú | bia, dramhaíl, laghdú, táirgeadh, gan dídean, táirg, orgánach, aiste bia, pacáistíocht, carbón | 312 |
| cúram sláinte_córas_saor | cúram sláinte, córas, saor, cúram, seandaoine, otharlann, oibrí, othar, rochtain, trasinscneach | 280 |
| crann_planda_dúchasach | crann, planda, dúchasach, ag cur, fás, gairdín, bunaithe, cuidiú, carbón, fás | 273 |
| inmharthana_cónaí_forbairt | inmharthana, cónaí, forbairt, feirmeoireacht, acmhainn, talmhaíocht, foinse, déanamh, táirgeadh, sochaí | 241 |
| sóisalta_meáin_ óg | sóisialta, meáin, óg, cuimsiú, andúil, forbairt, sochaí, diúltach, iompar, polasaí | 206 |


# Aguisín C

## Faisnéis ard leibhéal ar na haighneachtaí faighte

Thit feachtas na n-aighneachtaí amach idir an 31 Iúil 2021 agus an 30 Samhain 2021. Bailíodh líon de 18,062 aighneacht i rith na tréimhse sin.


### Figiúr 5

**Líon na n-aighneachtaí thar an tréimhse bunaithe ar an réimse 'Dáta Iontrála'.**




### Figiúr 6

**Líon na n-aighneachtaí thar an tréimhse (meán rollach de sheacht lá) bunaithe ar an réimse 'Dáta Iontrála'**




## Fad théacs na n-aighneachtaí

Ba é 420 carachtar ar an fhad ar an uasmhéid de na haighneachtaí ar shuíomh gréasáin an fheachtais. Dáileadh faid na téacsanna scagtha maidir leis na haighneachtaí, bunaithe ar líon na gcarachtar: meán =158.2, airmheán = 89.

**Figiúr 7**


**Dáileadh faid na n-aighneachtaí i líon na gcarachtar**




Líon na bhfocal do na haighneachtaí: meán = 25.2, airmheán = 14. Bhí 10 focal nó níos lú ag cuid shuntasach de na haighneachtaí (41%).

**Figiúr 8**

**Dáileadh faid na n-aighneachtaí i líon na bhfocal**




## Raon aoise

Bailíodh faisnéise aoise do 59.3% de na haighneachtaí bailí (10,705/18,062)

### Figiúr 9

**Líon na n-aighneachtaí i ngach catagóir aoise**





## Suíomh:

Bailíodh faisnéise suímh do 78.9% de na haighneachtaí bailí (14,247/18,062)

Cé go raibh Baile Átha Cliath ar an chontae is mó a thug aighneachtaí isteach, bhí cúig chontae eile a raibh níos mó aighneachtaí seolta in aghaidh an duine.

### Figiúr 10

**Líon na n-aighneachtaí de gach suíomh (in aghaidh an duine)**



CREATING OUR FUTURE

A National Conversation on Research in Ireland

www.creatingourfuture.ie

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland